# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL **2024**



Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

**Do** Chomhairle, ag Saothrú
**ar son Do Phobail**

# CLÁR AN ÁBHAIR






1: Réamhrá 4

2: Forbairt Eagraíochtúil 18

3: Forbairt Eagraíochtúil 58

4: Forbairt Eacnamaíoch Straitéiseach 84

5: Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil 122

6: Seirbhísí Tacaíochta 132

7: Aguisín 136

# 1



# Réamhrá

**Réamhrá Brollach Achoimre**

**Sracfhéachaint ar 2024**





**Kevin Callan**
Cathaoirleach



**Joe McGuinness**
Príomhfheidhmeannach Sealadach

# Brollach

Is cúis áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Lú do 2024 a chur i láthair, bliain a bhí lán de sheachadadh, infheistíocht agus nuálaíocht ar fud Chontae Lú.

In 2024, ghlac muintir Lú páirt i dtoghcháin áitiúla agus náisiúnta araon, ag athdhearbhú a dtiomantas don rannpháirteachas daonlathach. Chaith os cionn 48% den daonra incháilithe vóta sna toghcháin áitiúla, rud a léiríonn an infheistíocht dhomhain atá déanta ag ár bpobail ó thaobh todhchaí ár gcontae a mhúnlú. Ar an 31 Nollaig, bhí 101,861 vótálaí ar ár gClár Toghthóirí, agus dáta breithe luaite i leith 98.28% díobh agus Eircode luaite i leith 98.65% díobh, rud a léiríonn neart agus cruinneas ár mbonneagair sonraí sibhialta.

Bhí tithíocht ina príomhthosaíocht againn arís in 2024. Rinne Comhairle Contae Lú 438 aonad tithíochta sóisialta nua a chur ar fáil trí thógálacha díreacha, ceannacháin lándéanta, agus comhpháirtíochtaí le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe. Is ionann seo agus 78% dár sprioc ilbhliantúil faoi phlean an Rialtais, Tithíocht do Chách. Is díol suntais é gur críochnaíodh na chéad tithe priontáilte 3T in Éirinn i nDún Dealgan, rud a léiríonn ár dtiomantas do mhodhanna tógála nua-aimseartha. Rinneadh uasghrádú ar 150 teach go caighdeán BER B2 nó níos fearr mar chuid den chlár athchóirithe fuinnimh, agus bailíodh €15.9 milliún in ioncam cíosa.

Rinneadh dul chun cinn ar thionscadail mhóra bonneagair, lena n-áirítear Céim 1 de Bhealach Rochtana Calafoirt Chros an Tuaiscirt agus athfhorbairt Oifigí Cathartha Dhroichead Átha.

Buaicphointe ar leith den bhliain ab ea fáilte a chur roimh an Taoiseach Simon Harris, an Tánaiste Micheál Martin agus an Aire Malcolm Noonan chuig suíomh Dhroichead Chaol i mí an Mheithimh 2024 chun tús oifigiúil na tógála a cheiliúradh. Le tacaíocht ón rialtas, is tionscadal claochlaitheach é an infheistíocht trasteorann €60 milliún i nascacht agus sa turasóireacht a léiríonn comhar réigiúnach agus a scaoilfidh deiseanna eacnamaíocha fadtéarmacha do réigiún na teorann thoir.

Le tionscadail eile amhail Scéimeanna Cosanta Tuilte Dhún Dealgan agus Bhaile Átha Fhirdhia, Glasbhealach Loch Cairlinn, agus athfhorbairt Chaisleán Bhaile Átha Fhirdhia ag dul ar aghaidh, tá contae athléimneach atá réidh don todhchaí á chothú againn.

Bhí forbairt pobail agus chultúrtha fós lárnach dár gcuid oibre. Cuireadh breis is 534 clár spóirt ar fáil trí Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú (CSÁ Lú), agus ghlac breis is 21,000 duine páirt iontu. Neartaigh tionscnaimh ar nós Lá na hAfraice, an Sárthaispeántas Aoisbhá, agus Seirbhís Cúraim & Deisiúcháin Gairdín Bhaile Átha Fhirdhia naisc idirghlúine agus idirchultúrtha. Leathnaigh an Clár Aoisbhá go suntasach, agus ghlac 16 ghnó páirt sa Chlár Aitheantais Gnólachtaí Aoisbhá, agus bronnadh Cairteacha Aoisbhá ar 6 díobh.

Tacaíodh le forbairt eacnamaíoch tríd

an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ), a chabhraigh chun 25 post nua a chruthú, a reáchtáil breis is 700 seisiún meantóireachta, agus a d'óstáil breis is 1,000 rannpháirtí i gcláir oiliúna. Le seoladh Mhol Nuálaíochta Digiteach Dhroichead Átha agus chlár Nuálaíochta na Bóinn, cuireadh tús le céim nua san fhiontraíocht réigiúnach. Cheadaigh OFÁ

€426,125 i maoiniú deontais agus tacaíodh le 39 dearbhán trádála ar líne arbh fhiú €82,288 iad.

Cuireadh deireadh le Clár LEADER 2014-2024 le

€6.51 milliún a leithdháileadh ar 331 tionscadal. In 2024, ceadaíodh sé thionscadal nua, agus leithdháileadh maoiniú arbh fhiú é agus€320,275.82. Seoladh an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) 2024–2029, ag teacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus ag leagan síos creat straitéiseach le haghaidh fáis chuimsitheach.

I measc na dtionscnamh comhshaoil agus gníomhaíochta aeráide, osclaíodh ár gcéad fhoirgneamh a bhí neodrach ó thaobh carbóin de ag Póna Madraí Dhroim Ineasclainn agus seoladh Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Lú 2024–2029. Leanadh leis an infheistíocht i mbonneagar feithiclí leictreacha, athchóirithe fuinnimh, agus tionscadail iompair inbhuanaithe, chomh maith le scéimeanna cosanta tuilte i nDún Dealgan, Baile Átha Fhirdhia, Droichead Átha, agus Baile Trá.

D'éirigh go geal le seirbhísí cultúrtha, le hoscailt Leabharlann Dhún Léire, comóradh 30 bliain Mhúsaem Contae Lú, agus Féile Bríde 1500 agus Féile Solais Lú ar ar fhreastail na mílte duine. Ba gharsprioc mhór i gcaomhnú oidhreachta seoladh an bhunachair sonraí inchuardaithe ar líne d'adhlacthaí i Reilig Naomh Pádraig i nDún Dealgan.

Chomh maith leis sin, in 2024, chuaigh ár bPríomhfheidhmeannach, Joan Martin, ar scor i mí Mheán Fómhair tar éis nach mór 50 bliain de sheirbhís dhílis do Chomhairle Contae Lú. D'fhág ceannaireacht Joan, go háirithe le 15 bliana anuas agus í ina Príomhfheidhmeannach, lorg buan ar an gcontae. Ba chuid lárnach dá tréimhse oifige a cuid ionracais, nuálaíochta agus tiomantais dhomhain don tseirbhís phoiblí. Ó thionscadail mhóra bonneagair go forbairt pobail agus comhoibriú trasteorann, chuidigh fís Joan chun Contae Lú nua-aimseartha a chruthú. Thar ceann na comhairle agus mhuintir Lú, gabhaimid buíochas le Joan as cuid oibre iontaí ar fad agus guímid gach séan uirthi agus í ar scor, scor atá tuillte go maith aici.

Ag féachaint siar ar 2024, is léir gur contae lán d'uaillmhian, d'athléimneacht agus de sheachadadh é Contae Lú. Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar fhairsinge ár gcuid oibre agus ar thionchar ár n-iarrachtaí comhchoiteanna. Gabhaimid buíochas lenár gcomhaltaí tofa, lenár mbaill foirne, lenár gcomhpháirtithe agus lenár gcónaitheoirí as a dtiomantas leanúnach chun Lú bríomhar atá réidh don todhchaí a chothú.

Go raibh míle maith agaibh

Kevin Callan

Joe McGuinness

# Sracfhéachaint ar 2024



**101,861**
Líon Iomlán na dToghthóirí



**1,060**
Iarratais Phleanála



**192**
Ball Foirne Nua Ceaptha



**7,000**
Ceadúnas Madraí Ceannaithe



**1,253**
Teagmhas Tine



**241,771**
Cuairt ar na Leabharlanna



**174**
Fíneáil Madraí Eisithe



**22,132**
Ball Ghníomhach a den Leabharlann

# Toghcheantair Chontae Lú

Tá Contae Lú roinnte i 3 cheantar bhardasacha, Droichead Átha, Baile Átha Fhirdhia agus Dún Dealgan. Chun críocha toghchán, tá 5 thoghcheantar ar fad sa chontae: Dún Dealgan-Cairlinn, Dún Dealgan Theas, Baile Átha Fhirdhia, Droichead Átha (Uirbeach), Droichead Átha (Tuath).

### Clár na dToghthóirí

Leanadh le Clár Rollach na dToghthóirí a nuashonrú go leanúnach le linn 2024 agus léiríonn na staitisticí seo a leanas Clár na dToghthóirí amhail an 31 Nollaig 2024:

# 101,861

**Toghthóirí iomlána**

| | | |
|---|---|---|
| Toghthóirí Iomlán le Dáta Breithe | 101,112 | 98.28% |
| Toghthóirí Iomlán le Éirchód | 100,487 | 98.65% |
| Toghthóirí Iomlán le seoladh | 20,085 | 19.72% |
| Toghthóirí Iomlán le ríomhphoist uimhir | 17,138 | 16.82% |
| Toghthóirí Iomlán le theagmhála data | 98,883 | 97.08% |
| Toghthóirí Iomlán le breithe & Éirchód | 20,863 | 20.48% |

| | |
|---|---|
| Líon Iomlán na dToghthóirí Uachtaránachta | **93,712** |
| Líon Iomlán na dToghthóirí Dála | **94,874** |
| Líon Iomlán na dToghthóirí Áitiúla | **101,777** |
| Líon Iomlán na dToghthóirí Eorpacha | **94,482** |
| Líon Iomlán na dToghthóirí Eorpacha Ionchasacha | **2,911** |
| Líon Iomlán na dToghthóirí le NFA | **6** |
| Líon Iomlán na dToghthóirí atá ar Feitheamh (16/17 mbliana d'aois) | **84** |


| **Líon Iomlán na Vótaí Poist** | **922** |
|---|---|
| An Garda Síochána | **2** |
| Óglaigh na hÉireann | **409** |
| Taidhleoirí | **18** |
| Breoiteacht/Míchumas | **56** |
| Slí Bheatha/Mic Léinn | **0** |
| Príosúnaigh | **12** |
| Anaithnid | **3** |
| Vótálaithe Speisialta | **422** |

Reáchtáil Rannóg na dToghcheantar i gComhairle Contae Lú trí imeacht Toghcháin le linn 2024: Reifrinn, Toghcháin Áitiúla agus Olltoghchán, rud a chuir le go leor breiseanna agus scriostaí ón gclár mar ullmhúchán do na himeachtaí toghcháin seo.

Seo a leanas líon iomlán na mbreisithe, na scriostaí agus na mionathruithe a próiseáladh ar Chlár na dToghthóirí le linn 2024:

| | |
|---|---|
| Scriosadh ón gClár in 2024 | **5,985** |
| Mionathruithe ar an gClár in 2024 | **7,765** |
| Breisithe a cuireadh leis an gClár in 2024 | **12,238** |

Moltar do vótálaithe seiceáil rialta a dhéanamh ar an gClár Toghcháin trí chuairt a thabhairt ar **www.checktheregister.ie** chun a chinntiú go bhfuil a gcuid sonraí cruinn agus cothrom le dáta.


Dún Dealgan/Cairlinn
Dún Dealgan Theas
Baile Átha Fhirdhia
Droichead Átha Tuath
Droichead Átha Uirbeach

# Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia

## 6 Comhaltaí



**Bernie Conlon**
Neamhspleách

**Ríomhphost:**
bernie.conlon@louthcoco.ie



**Dolores Minogue**
Fine Gael

**Ríomhphost:**
dolores.minogue@louthcoco.ie



**Jim Tenanty**
Neamhspleách

**Ríomhphost:**
jim.tenanty@louthcoco.ie



**John Sheridan**
Fianna Fáil

**Ríomhphost:**
john.sherian@louthcoco.ie



**Pearse McGeough**
Sinn Féin

**Ríomhphost:**
pearse.mcgeough@louthcoco.ie



**Rachel Kerley**
Fine Gael

**Ríomhphost:**
rachel.kerley@louthcoco.ie

# Toghcheantar Dhroichead Átha (Tuath)

## 4 Comhaltaí



**Anne Marie Ford**
Fine Gael

Ríomhphost
annmarie.ford@louthcoco.ie



**Declan Power**
Neamhspleách

Ríomhphost:
dolores.minogue@louthcoco.ie



**Eric Donovan**
Sinn Féin

Ríomhphost:
eric.donovan@louthcoco.ie



**Michelle Hall**
Páirtí an Lucht Oibre

Ríomhphost:
john.sherian@louthcoco.ie

# Toghcheantar Droichead Átha

## 6 Comhaltaí



**Debbie McCole**
Sinn Féin

Ríomhphost:
debbie.mccole@louthcoco.ie



**Ejiro O'Hare Stratton**
Fine Gael

Ríomhphost:
ejiro.oharestratton@louthcoco.ie



**James Byrne**
Fianna Fáil

Ríomhphost:
james.byrne@louthcoco.ie



**Kevin Callan**
Neamhspleách

Ríomhphost:
kevin.callan@louthcoco.ie



**Paddy McQuillan**
Neamhspleách

Ríomhphost:
paddy.mcquillan@louthcoco.ie



**Pio Smith**
Páirtí an Lucht Oibre

Ríomhphost:
pio.smith@louthcoco.ie

# Toghcheantar Dún Dealgan-Cairlinn

## 6 Comhaltaí



**Andrea McKevitt**
Fianna Fáil

Ríomhphost:
annmarie.ford@louthcoco.ie



**Antóin Watters**
Sinn Fein

Ríomhphost:
antoin.watters@louthcoco.ie



**Ciaran Fisher**
Neamhspleách

Ríomhphost:
ciaran.fisher@louthcoco.ie



**Fiona Mhic Conchoille**
Sinn Féin

Email:
fiona.mhicconchoille@louthcoco.ie



**John Reilly**
Fine Gael

Ríomhphost:
john.reilly@louthcoco.ie



**Seán Kelly**
Fianna Fáil

Ríomhphost:
sean.kelly@louthcoco.ie

# Toghcheantar Dhún Dealgan-Cairlinn

## 7 Members



**Emma Coffey**
Fianna Fáil

**Ríomhphost:**
emma.coffey@louthcoco.ie



**Kevin Meenan**
Sinn Féin

**Ríomhphost:**
kevin.meenan@louthcoco.ie



**Maeve Yore**
Neamhspleách

**Ríomhphost:**
maeve.yore@louthcoco.ie



**Marianne Butler**
An Comhaontas Glas

**Ríomhphost:**
marianne.butler@louthcoco.ie



**Robert Nash**
Fine Gael

**Ríomhphost:**
robert.nash@louthcoco.ie



**Shane McGuinness**
Fianna Fáil

**Ríomhphost:**
shane.mcguinness@louthcoco.ie



**Sionnain McCann**
Sinn Féin

**Ríomhphost:**
sionnainn.mccann@louthcoco.ie

# Comhaltaí Tofa Dháil Éireann

## 2 Comhaltaí



**Joanna Byrne**
Sinn Féin

Ríomhphost:
joanna.byrne@louthcoco.ie



**Paula Butterfly**
Fine Gael

Ríomhphost:
paula.butterfly@louthcoco.ie

## Outgoing Members



**Conor Keelan**
Fianna Fail



**Edel Corrigan**
Sinn Féin



**Eileen Tully**
Fine Gael



**Emma Cutlip**
Páirtí an Lucht Oibre



**Liam Reilly**
Fianna Fáil



**Thomas Sharkey**
Sinn Féin



**Tom Cunningham**
Sinn Féin

# 2



# An Coiste um

Soláthraíonn Seirbhísí Corparáideacha seirbhís tacaíochta do chomhairleoirí agus don bhainistíocht shinsearach araon, chomh maith le seirbhísí ginearálta don phobal. Tá sé freagrach as seirbhísí custaiméara a sholáthar, as cruinnithe na comhairle a riar, as Clár na dToghthóirí a thiomsú, as tuarascáil bhliantúil na Comhairle a ullmhú, as bainistíocht Eastáit Chorparáidigh, as sláinte agus as sábháilteacht, as cosaint sonraí agus as iarrataí Saoráil Faisnéise a láimhseáil.

Cuireann an Rannóg Pobail laistigh den Fhorbairt Eagraíochtúil rannpháirtíocht an phobail chun cinn le Comhairle Contae Lú, tacaíonn an rannóg le mórtas áite agus iarrachtaí pobail, ag cuidiú le grúpaí áitiúla teacht ar mhaoiniú deontais le haghaidh feabhsú comhshaoil, cultúrtha agus baile, agus ag brú ar an éiteas pobalbhunaithe i leith na mbailte slachtmhara ar éiteas é atá dírithe go tréan ar a chinntiú go gcuimsítear gach duine sa phobal.

Déanann an Rannóg Acmhainní Daonna a dícheall chun cinntiú gur fostóir comhdheiseanna agus inrochtana í Comhairle Contae Lú, ag cur leas na foirne agus cleachtais shábháilte oibre chun cinn ar fud na tíre.

Tugann an Rannóg Aeráide agus Dramhaíola aghaidh ar gach ábhar a bhaineann lenár nDúshláin Aeráide agus rialaítear gach ábhar a bhaineann le dramhaíl. Áirítear leis sin cáilíocht uisce agus an Fheidhm Bruscair freisin.

Déileálann ár Rannóga Tréidliachta le gach ábhar a bhaineann le Rialú Madraí agus Capall agus ár bhfeidhmeanna conartha maidir le Sábháilteacht Bia freisin mar a fhoráiltear i gcomhaontú le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

# Cruinnithe Comhairle 2024

Tionóladh 14 chruinniú den Chomhairle Iomlán san iomlán in 2024, idir chruinniú míosúil sceidealaithe ar an tríú Luan de gach mí, cruinniú bliantúil i mí an Mheithimh agus cruinniú reachtúil buiséid agus ceardlann buiséid i mí Mheán Fómhair. De ghnáth, ní reáchtáiltear cruinniú ar bith i mí Lúnasa.

Reáchtáil gach ceann de na Ceantair Bhardasacha 11 chruinniú reachtúla mhíosúla, chomh maith le cruinniú bliantúil amháin agus cruinniú buiséid amháin. Ina theannta sin, reáchtáil Ceantar Buirge Dhroichead Átha 1 chruinniú speisialta ar líne.

Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú
**An Cllr Kevin Callan**

Cathaoirleach Cheantar Bardasach Dhún Dealgan
**An Cllr Sean Kelly**

Méara agus Cathaoirleach Cheantar Buirge Dhroichead Átha
**An Cllr Paddy McQuillan**

Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia
**An Cllr John Sheridan**



## Cruinnithe Chomhairle Contae Lú in 2024:

| | |
|---|---|
| Cruinnithe Míosúla | 1 |
| Cruinnithe Bliantúla | 1 |
| Cruinnithe Buiséid | 1 |
| Cruinnithe Speisialta | 4 |
| Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) | 11 |

## Cruinnithe Ceantar Bardasach

| | |
|---|---|
| Ceantar Buirge Dhroichead Átha | 11 |
| Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia | 11 |
| Ceantar Bardasach Dhún Dealgan | 11 |
| Cruinnithe Ceantar Bardasach maidir le Buiséad | 3 |
| Cruinnithe Bliantúla Ceantar Bardasach | 3 |
| Cruinniú Speisialta Cheantar Buirge Dhroichead Átha | 2 |
| Cruinniú Speisialta Cheantar Bardasach Dhún Dealgan | 1 |

## Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna)

| | |
|---|---|
| CBS – Tithíocht | 4 |
| CBS – Forbairt Eacnamaíoch & Fiontar | 4 |
| CBS – Bonneagar Pleanála & Tacaíochta | 4 |
| CBS – Gníomhú ar son na hAeráide & Fuinneamh | 5 |
| CBS – Pobal, Cáilíocht Beatha, & Cruthaitheacht | 4 |

## Comhchoistí Póilíneachta/Fóram Póilíneachta Áitiúil (FPÁ)

| | |
|---|---|
| Grúpa Stiúrtha CCP | 2 |
| FPÁ – Dún Dealgan | 4 |
| FPÁ – Droichead Átha | 4 |
| FPÁ – Baile Átha Fhirdhia | 4 |
| Coiste Iniúchóireachta | 4 |

# Gníomhaíochtaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 2024

## CBS - FORBAIRT SHÓISIALTA

Tionóladh 2 chruinniú den CBS - Forbairt Shóisialta in 2024;

I measc na míreanna ar an gclár oibre, bhí Athbhreithniú ar an Scéim Leithdháilte, Scéim um Choigeartú Méide, Léasú Fadtéarmach, Beartas Aistrithe, Plean Gníomhaithe um Dhaoine Gan Dídean agus Plean Tithíochta Áitiúil do Dhaoine faoi Mhíchumas. Thug an t-aoichainteoir, an tOifigeach Sinsearach Foirne Linda Mc Hugh, cur i láthair cuimsitheach ar Scéim na dTithe Folamha (Croí Cónaithe) ag cruinniú mhí Feabhra.

## CBS - FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Tionóladh 4 chruinniú den CBS - Forbairt Eacnamaíoch in 2024. I gcás na chéad trí chruinniú i mí Eanáir, Márta agus Bealtaine, bhí na nithe seo a leanas ar an gclár oibre: Cur i bhfeidhm an PÁEP, síneadh na scéime Deontais Aghaidh Siopaí chun an Contae ar fad a áireamh, nuashonruithe ar Thacaíochtaí Gnó atá ar fáil ón Oifig Fiontair Áitiúil agus ón CBS - Forbairt Eacnamaíoch.

Agus na toghcháin áitiúla ar siúl i mí an Mheithimh, díscaoileadh an CBS agus daingníodh coiste nua i mí na Samhna a tháinig le chéile ansin chun ról an CBS a phlé agus chun plean oibre do shaolré an Choiste a leagan amach.

## BEARTAS STRAITÉISEACH UM POBAL AGUS COMHFHORBAIRT ÁITE COISTE

Tháinig an CBS - Pobal agus Comhfhorbairt Áite nuabhunaithe le chéile den chéad uair i mí na Nollag 2024. Pléadh sa chéad chruinniú Feidhmeanna an Choiste um Beartais Straitéiseacha, i.e. ceapadh, forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais Chomhairle Contae Lú, mar aon le Ról agus Raon Feidhme an Choiste um Beartais Straitéiseacha. Ábhar lárnach ab ea an Clár Oibre atá beartaithe do 2025, lena n-áirítear Beartas Súgartha, Leagan nua den Chomhar Bruscair, Plean Sábháilteachta ar na Bóithre agus beartas Maolaithe Tráchta agus tuilleadh eile nach iad. Beidh léargais agus ionchur an CBS thar a bheith luachmhar de réir mar a fhorbraítear an coiste seo an bhliain seo chugainn.


## CBS UM AN ATHRÚ AERÁIDE AGUS INBHUANAITHEACHT (DENISE MEEGAN)

Le linn 2024, tionóladh cruinniú amháin ar an 29 Eanáir 2024.

Is iad na príomhábhair a phléigh an CBS seo in 2024 ná Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Lú, 2024-2029, próiseas glactha agus comhairliúcháin phoiblí, Ciste Gníomhaithe Pobail Lú ar son na hAeráide, próiseas cur i bhfeidhm agus tosaithe, agus an páipéar saincheisteanna maidir le Gairdíní agus Cuibhrinn Pobail.

## CBS UM PLEANÁIL (LAURA MCCARRAGHER)

Tionóladh dhá chruinniú den CBS - Pleanáil agus Bonneagar Tacaíochta in 2024. I measc na míreanna ar an gclár oibre bhí pleananna nuashonraithe Cheantair Áitiúil Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan agus dul chun cinn Páipéir Beartais maidir le Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.



# Gradaim & Imeachtaí do Mhórtas Saoránaigh

Bronntar Gradaim do Mhórtas Saoránaigh gach bliain mar aitheantas ar obair iontach daoine aonair agus eagraíochtaí don phobal i gContae Lú. De réir Alt 74 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001, ainmníonn ionadaí áitiúil faighteoirí na ngradam as a ndúthracht, a ngnóthachtálacha agus a gcuid oibre don phobal agus don saol spóirt ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Reáchtáladh dhá shearmanas bhliantúla bronnta Gradam do Mhórtas Saoránaigh in 2024. Bhronn an Leas-Mhéara Kevin Callan Gradaim Méara Cheantar Buirge Dhroichead Átha 2024 i nGailearaí Highlanes, Droichead Átha agus bhronn Cathaoirleach Cheantar Bardasach Dhún Dealgan, an Comhairleoir Seán Kelly, Gradaim do Mhórtas Saoránaigh Dhún Dealgan i bhforhalla Halla an Chontae, Dún Dealgan.

Tá liosta faighteoirí na ngradam seo luaite ar ár suíomh gréasáin: www.louthcoco.ie/en/louth_county_council/civic-awards/





Thug Comhairle Contae Lú le cúnamh agus cabhair chun chomh maith le searmanais eile i rith na bliana, lena n-áirítear searmanas fleascleagain ag an Leacht Cuimhneacháin ar an 9 Samhain 2024 agus searmanas cuimhneacháin bliantúil do Halpin & Moran a reáchtáladh ar an 11 Feabhra 2024.



## FÁILTIÚ CATHARTHA

Bhronn Comhaltaí Cheantar Bardasach Dhún Dealgan Onóir Cathartha ar Shiúracha Naomh Louis mar aitheantas ar an obair ollmhór a rinne na Siúracha do bhaile Dhún Dealgan le breis agus 70 bliain anuas.



Tá miondealú thíos ar na costais a chaith Comhairle Contae Lú ar ghradaim chathartha:

| Imeachtaí 2024 | Cost |
|---|---|
| Cuimhneachán Halpin Moran | €240 |
| Fáiltiú Cathartha Shiúracha Naomh Louis | €1,040.65 |
| Gradaim Méara Dhroichead Átha a reáchtáil. | €944.40 |
| Gradaim Cheantar Bardasach Dhún Dealgan | €1,244.50 |
| Leacht Cuimhneacháin | €1,126.31 |
| **Iomlán** | **€4,595.86** |

# An Rannóg Tréidliachta

## SÁBHÁILTEACHT BIA

Faoi Chomhaontú Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, chuir Rannóg Tréidliachta Chomhairle Contae Lú caighdeáin sábháilteachta bia i bhfeidhm ar sheamlas amháin agus ar 14 mhonarcha próiseála feola faoina maoirseacht sa Chontae.

Tháinig deireadh leis an gconradh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann ar an 31 Nollaig 2024 agus aistríodh maoirseacht na n-eagraíochtaí gnó bia chuig an Roinn Talmhaíochta. Aistríodh Oifigeach Tréidliachta an Chontae, Garrett Shine, chuig an Roinn Talmhaíochta chomh maith.

## RIALÚ AGUS LEAS AINMHITHE

B'ionann líon iomlán na madraí a chuaigh isteach sa phóna in 2024 agus 300, líon atá ag teacht le líon 2023.

Treocht eile le blianta beaga anuas is ea an líon madraí a ghéill úinéirí don phunt ar chúiseanna éagsúla, arb ionann iad agus 48% den iontógáil madraí faoi láthair, rud eile a thugann an úinéireacht madraí freagrach le fios.

Déanann ár bhfoireann cháilithe gach madra a thagann isteach sa phóna a díphéistú, a vacsaíniú agus a mheasúnú. Bhí micrishliseadh cheana féin ar thart ar 33% de na madraí a thagann isteach sa phunt, ach cuirtear slis ar mhadra ar bith nach bhfuil ag an bpóna ag an bpointe sin.

Tá clúdach agus leantóirí leathanach Facebook Phóna Madraí Chomhairle Contae Lú ag méadú i gcónaí, rud a chabhraíonn go mór leis an bpróiseas athshocraithe, agus fiosrúcháin á ndéanamh ó gach cearn den tír agus uaireanta ó áiteanna thar lear.



D'fhan díolacháin ceadúnas madraí seasta le díolacháin de bheagán faoi bhun 7000 ceadúnas (bliantúil agus saoil araon), agus breis is 43% díobh seo á gceannach ar líne.

Eisíodh 174 Fógra um Pionós Socraithe in 2024 faoin Acht um Rialú Madraí 1986-1992.

Tá líon na gcapall fós íseal agus 4 chapall urghafa in 2024, an líon céanna agus 2023.



I Meán Fómhair 2024, osclaíodh limistéar saibhrithe madraí nua allamuigh de chuid na Comhairle ag an bPóna Ainmhithe i nDroim Ineasclainn. Is spás lán-iata é seo uile-aimsire a ligeann do na madraí aclaíocht a dhéanamh agus scíth a ligean go rialta agus iad sa phóna, rud a dhéanann maitheas cruthaithe do shláinte agus folláine na madraí sa phóna. Chomhaoinigh an Chomhairle agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an tsaoráid seo.

I mí Eanáir, thug an coimeádaí póna seisiún eolais faoi úinéireacht agus cúram freagrach madraí i leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia agus

i Leabharlann Dhroichead Átha.


I mí Feabhra, chríochnaigh na maoir madraí agus Tréidlia an Chontae cúrsa nuashonraithe oiliúna aon lae i dtrealamh láimhseála sábháilte agus i dteicnící i rialú madraí.

I mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastail na maoir madraí agus Tréidlia an Chontae ar dhá chúrsa oiliúna aon lae, arna eagrú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, maidir le madraí XL Bully a aithint. Tharla sé seo mar fhreagra ar rialacháin nua a tugadh isteach maidir le madraí de chineál XL Bully faoin Acht um Rialú Madraí ar an 1 Deireadh Fómhair

## ÍDIÚ FUINNIMH

Tá 2 veain leictreacha agus 1 jíp sa chabhlach, agus teastaíonn an jíp chun an bosca capaill a úsáid le haghaidh ghníomhaíochtaí rialaithe capall. Ba é an tomhaltas díosail do na 4 fheithicil i 2018 ná thart ar 2,800L in aghaidh na bliana. Anois agus gan ach feithicil díosail amháin i mbun oibríochta, tá an tomhaltas díosail laghdaithe go níos lú ná 500L in 2024.

**Feithiclí na dTréidlianna 2018 go 2024**
**€ agus Lítir**




Is é an póna anois an chéad fhoirgneamh neodrach ó thaobh carbóin de chuid Chomhairle Contae Lú tar éis teicneolaíocht nua a shuiteáil.



# Acmhainní Daonna

Ba bhliain ghnóthach eile í 2024 don Rannóg Acmhainní Daonna. Mar a tharla le roinnt blianta anuas, tharla gníomhaíocht shuntasach san Earcaíocht chun folúntais a íoslaghdú agus chun a chinntiú go líontar iad go tráthúil. Chun na críche sin, mhéadaigh líon na gcomórtas earcaíochta go 37 in 2024, rud a d'fhág gur tháinig 112 ball foirne nua isteach san eagraíocht, agus gur ceapadh 80 ball foirne reatha eile i bpoist nua sa Chomhairle. Áiríodh leis seo leathnú ar lucht saothair allamuigh na Comhairle agus cur i bhfeidhm deiridh an Phlean Straitéisigh um Lucht Saothair.

Lean AD ar aghaidh ag leathnú a Chláir Folláine Foirne in 2024. De réir mar a mhéadaigh líon na gclár agus na dtionscnamh, seoladh Straitéis Folláine Foirne chomh maith.

| | |
|---|---|
| Comórtais | **37** |
| Ceapacháin nua foirne (nua-earcaithe) | **112** |
| Iomlán na gceapachán foirne | **192** |
| Scoir/Éirí As: | **78** |
| Líon na gCúrsaí Oiliúna a Reáchtáladh: | **82** |
| Líon na Laethanta Oiliúna: | **166** |
| Líon na nIarratas ar Oiliúint agus ar Chúnamh: | **53** |

Mar a bhí blianta roimhe seo, chuir an Chomhairle béim mhór arís ar scileanna nua a thabhairt d'fhostaithe atá ann cheana féin agus ar fhorbairt a dhéanamh orthu, agus tacaíocht á fáil ón rannóg Oiliúna.

I rith 2024, tá AD tar éis bogadh i dtreo a gcuid oibre a dhigitiú freisin, ag seoladh ardán earcaíochta ar líne i Ráithe 4 agus ag bogadh chuig áirithintí ar líne do chláir oiliúna chomh maith. Leanadh ar aghaidh chomh maith le croíobair eile AD amhail pleanáil lucht saothair, párolla agus tacaíocht d'fhostaithe.



# Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2024-2028

- In 2024, thacaigh SICAP le 107 grúpa pobail áitiúil agus chláraigh sé 1221 duine aonair.
- Fuair 107 grúpa pobail tacaíochtaí forbartha, teicniúla agus tógála acmhainne
- Fuair 23 Grúpa Pobail Áitiúil deontais, lena n-áirítear 2 Fhiontar Shóisialta. San iomlán, riaradh 23 Deontas
- Ghlac 1221 duine páirt i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus tacaíochtaí sa mhargadh saothair
- Tacaíodh le 7 duine dul i mbun fostaíochta
- Tacaíodh le 108 duine a ndearnadh tagairt dóibh ón Roinn Coimirce Sóisialaí chun a ngnó féin a bhunú tríd an Scéim Liúntais Fiontraíochta um Fhilleadh ar an Obair
- Fuair 93 duine deontais oideachais/oiliúna
- Fuair 12 duine deontais fiontraíochta

### Oscailt Theach Pobail Ráth Maoláin, Droichead Átha







### Féile Youth Connect, Eanáir 2024



### Caifé Digiteach, Maireachtáil Níos Cliste do Dhaoine Scothaosta, Baile Átha Fhirdhia, Deireadh Fómhair 2024



# Clár LEADER

Cuireadh deireadh le Clár LEADER 2014-2022 le. Faoi lár mhí Iúil, bhí na 15 éileamh ar íocaíocht tionscadail eile curtha i gcrích agus íoctha, rud a thug líon iomlán na n-éileamh próiseáilte faoin gclár go 331. Leithdháileadh €6.51 milliún ar thionscadail ar fud Chontae Lú i rith ré an Chláir

### Áiríodh leis na héachtaí suntasacha a baineadh amach in 2024

- Síníodh Comhaontú Seirbhíse idir an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Comhairle Contae Lú agus Forbairt Áitiúil Lú i mBealtaine 2024.
- Seoladh Straitéis Forbartha Áitiúla Lú in oifigí Chomhairle Contae Lú i mí na Bealtaine 2024.
- Ceadaíodh maoiniú do 6 thionscadal in 2024.
- Fuair an comhpháirtí cur chun feidhme, Forbairt Áitiúil Lú, 62 Léiriú Suime le haghaidh Maoinithe in 2024.
- Is í Comhairle Contae Lú an príomh-chomhpháirtí airgeadais do Chlár LEADER i gCo. Lú agus déanann lucht na Comhairle seiceálacha Airteagal 48 ar gach tionscadal agus éileamh

| | Iomlán |
|---|---|
| Léirithe Suime a Fuarthas | 62 |
| Léirithe Suime incháilithe le haghaidh Maoinithe | 59 |
| Neamh-incháilithe le haghaidh Maoinithe | 3 |
| Conarthaí Eisithe | 6 |
| Conarthaí Bia Eisithe | 0 |
| Éilimh Phróiseáilte | 0 |
| Maoiniú Leithdháilte | €320,275.82 |
| Éilimh íoctha in 2024 | €0 |

### GR8 ENTERTAINMENT TEORANTA

Leithdháileadh maoiniú €196,588.85 ar The GR Social i Sráid na Páirce, Dún Dealgan. Déanfaidh an tionscadal seo athchóiriú ar sheanfhoirgneamh 'Dunnes Stores' ar Shráid na Páirce chun halla babhlála agus halla cluichí a dhéanamh.




Joe McGuinness, Príomhoifigeach Chomhairle Contae Lú, Alison Quail, Cathaoirleach Choiste Forbartha Áitiúla Lú, Joan Martin, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Lú agus Ciaran Reid, Príomhfheidhmeannach Fhorbairt Áitiúil Lú ag seoladh Chlár LEADER 2023-27 i mí na Bealtaine 2024.




Lasmuigh den áitreabh, tá Ciaran Reid, Príomhfheidhmeannach Fhorbairt Áitiúil Lú, Dermot McArdle, Stiúrthóir Bainistíochta GR8 Entertainment Limited agus Finbar Gethins, Príomhoifigeach Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú

# Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) 2024-2029

Ar an 15 Eanáir 2024, rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil an Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (PÁEP) deiridh, ina léirítear sa phlean ionchur ó Pháirtithe Leasmhara, ón gCeantar Bardasach agus ón Údarás Réigiúnach, a cheadú. Rinne an Coiste um Beartas Beartais Eacnamaíoch é a cheadú ar an 23 Eanáir 2024.

Rinne an Chomhairle PÁEP Lú a cheadú ar an 19 Feabhra 2024 agus sheol baill de Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú agus baill den CBS Eacnamaíochta go hoifigiúil Dé Luain an 20 Bealtaine 2024.

Is creat straitéiseach é PÁEP Lú 2024-2029 a threoraíonn forbairt eacnamaíoch agus phobail an chontae ar feadh sé bliana. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo, arna fhorbairt ag Comhairle Contae Lú i gcomhar le páirtithe leasmhara tábhachtacha, pobal rathúil, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú a bhfuil ardchaighdeán maireachtála aige.

## PRÍOMHGHNÉITHE AN PHLEAN:

- Bunaithe ar chomhairliúchán le pobail, gnólachtaí, gníomhaireachtaí rialtais agus soláthraithe oideachais.
- Cuimsítear ann ceachtanna foghlamtha ó PÁEP 2016-2022.
- Cur chuige struchtúrtha: Leagtar amach sa Chreat PÁEP spriocanna ardleibhéil, cuspóirí agus torthaí agus tá gníomhartha mionsonraithe le fáil i bPlean Cur Chun Feidhme rollach dhá bhliain, mar aon le Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna).
- Ailínithe le beartais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, lena n-áirítear an Plean Forbartha Contae, an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Gníomhaíochta Aeráide.
- Tiomantas don inbhuanaitheacht agus don chomhionannas, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe mar phrionsabal lárnach.
- Tugann sé aghaidh ar thosaíochtaí tras-earnálacha amhail gníomhú ar son na haeráide, comhionannas, bochtaineacht, tuaitheacht, aois agus míchumas chun oibleagáidí na hearnála poiblí faoi Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 a chomhlíonadh.

Cinntíonn an plean oiriúnú agus monatóireacht leanúnach, agus é á nuashonrú gach dhá bhliain chun dul chun cinn agus beartais atá ag teacht chun cinn a léiriú.

## CLÁR UM FHEABHSÚ ÁITIÚIL

Ag cruinniú Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú i mí an Mhárta, cheadaigh an coiste maoiniú €185,641.85 do 88 Grúpa Pobail & Deonach Áitiúil i gContae Lú tríd an gClár



Comhaltaí de Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú agus an CBS Eacnamaíoch ag Seoladh Phlean Eacnamaíoch & Pobail Áitiúil Lú 2024-2029

Tá an CFÁ maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus á riaradh ag na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla i ngach limistéar Údaráis Áitiúil. Thug an Clár tacaíocht do ghrúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, chun deisiúcháin agus feabhsuithe riachtanacha a dhéanamh ar a saoráidí, agus chun trealamh a cheannach, amhail boird agus cathaoireacha, uirlisí agus comharthaíocht, ríomhairí glúine agus printéirí, meaisíní lomaire faiche agus trealamh oiliúna, ag tacú leo leanúint de sheirbhísí luachmhara a sholáthar do mhuintir a gceantair, agus ag an am céanna, na naisc a cheanglaíonn pobail le chéile a neartú.

Cuireadh €32,568.74 den mhaoiniú ar leataobh do Ghrúpaí Ban agus bhain 20 tionscadal leas as an maoiniú seo.

Fógraíodh an ciste i nuachtáin áitiúla, ar na meáin shóisialta agus tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, agus fuarthas 151 iarratas dá bharr. Ba mhéadú ar líon na ndaoine é seo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus tháinig méadú chomh maith ar líon na ngrúpaí a rinne iarratas ar mhaoiniú faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil den chéad uair.

Leithdháileadh maoiniú ar fud gach Limistéar Ceantair Bardasaigh.

Leagtar amach sa tábla thíos achoimre ar an gcaoi a bhfuil ciste iomlán an CFÁ de €185,641.85 leithdháilte ar fud an chontae:

| Imeachtaí | Líon na nIarratas ar éirigh leo | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| Dún Dealgan | 41 | €83.218.76 |
| Droichead Átha | 29 | €64,014.43 |
| Baile Átha Fhirdhia | 18 | €38,408.66 |
| **Iomlán** | **88** | **€185,641.85** |

# Lá na hAfraice 2024

Rinneadh ceiliúradh ar Lá na hAfraice 2024 ar fud Chontae Lú ó Dé hAoine an 22 Bealtaine go dtí Dé Domhnaigh an 24 Bealtaine 2024. Rinne grúpaí pobail faoi stiúir imirceach, ar nós Culture Connect & Ionad Cultúir na hAfraice (Dún Dealgan), imeachtaí a reáchtáil ar fud an chontae.

Ba í an chéad bhliain a reáchtáladh imeacht i gceantar Lú Láir, imeacht ar éirigh go han-mhaith leis agus ar a d'fhreastail go leor daoine  Dé hAoine an 22 Bealtaine in Ionad Paróiste Bhaile Átha Fhirdhia chun ceol, damhsa, ceardaíocht agus bia na hAfraice a cheiliúradh.

Reáchtáladh imeachtaí i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha le linn an deireadh seachtaine chomh maith le meascán de shiamsaíocht agus de nithe is díol spéise chun ceiliúradh a dhéanamh ar na naisc atá ag fás idir Éirinn agus mór-roinn na hAfraice



Rogha de na fabraicí agus na faisin áille Afracacha iomadúla a bhí ar taispeáint ag Ceiliúradh Lá na hAfraice ar fud Chontae Lú in 2024



Ceiliúradh Lá na hAfraice i nDún Dealgan

Bhí na himeachtaí go léir saor in aisce agus rinne siad ceiliúradh ar chultúir na hAfraice agus ar thionchar dearfach dhiaspóra na hAfraice in Éirinn.

Chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha maoiniú ar fáil do roinnt imeachtaí i gcomhar le Cúnamh Éireann agus ba í Oifig Pobail Chomhairle Contae Lú a rinne an maoiniú sin a riar.



Ceiliúradh Lá na hAfraice i mBaile Átha Fhirdhia



Ceiliúradh Lá na hAfraice i nDroichead Átha

# Aoisbhá Lú

Tá an Clár Aoisbhá tiomanta do phobal a chothú inar féidir le daoine scothaosta saolta uathrialacha, neamhspleácha agus luachmhara a chaitheamh, le tacaíocht ó Chomhghuaillíocht Aoisbhá Lú agus ó Chomhairle Daoine Scothaosta Lú. Leanadh leis an obair seo in 2024 le roinnt imeachtaí agus tionscadal éagsúla.

## TIONSCADAL DRÁMAÍOCHTA UM AN AOISEACHAS A CHEISTIÚ

D'éirigh le Cumann Aoisbhá Lú maoiniú a fháil ó Éire Ildánach chun ceist an aoiseachais i gCo. Lú a iniúchadh trí mheán na n-ealaíon cruthaitheach, agus chuaigh siad i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Ealaíon An Táin chun an tionscadal seo a chur i gcrích. Bhí roinnt ceardlann ar siúl ar fud an chontae agus é mar aidhm leo dhá ghearrscannán a léiriú. Rinneadh an scannánú i mí Iúil 2024 agus tionóladh taispeántas san Ionad Ealaíon An Táin i mí Lúnasa 2024 do rannpháirtithe, a dteaghlaigh agus a gcairde. Bhí ceann de na scannáin le feiceáil mar chuid de Thaispeántas Aoisbhá Lú i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus tháinig na rannpháirtithe le chéile arís i mí na Nollag chun páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais chun an tionscadal a mheas.



Rannpháirtithe sa Tionscadal Drámaíochta um an Aoiseachas a Cheistiú

## SEIRBHÍS CÚRAM AGUS DEISIÚCHÁIN GAIRDÍN BHAILE ÁTHA FHIRDHIA

Sheol Aoisbhá Lú Seirbhís Cúraim & Deisiúcháin Gairdín Bhaile Átha Fhirdhia, i gcomhar le Comhairle Daoine Scothaosta Lú, i mí an Mheithimh 2024. Mar chuid den tionscadal nuálach seo, rinneadh comhoibriú idir Bailte Slachtmhara Bhaile Átha Fhirdhia, Mol Dee, an Garda Síochána, Comhairle Contae Lú agus Aoisbhá Lú chun seirbhísí garraíodóireachta saor in aisce a sholáthar do dhaoine scothaosta agus leochaileacha. Cuidíonn an tionscnamh leo siúd atá ag streachailt lena ngairdíní a chothabháil trí chúnamh a thairiscint le tascanna amhail gearradh féir, fiailí a bhaint agus bearradh fálta. XXX

Is é an sprioc atá leis ná tacú le daoine scothaosta, rud a ligeann dóibh maireachtáil go neamhspleách agus go sábháilte ina dtithe agus braistint phobail agus folláine a chothú ag an am céanna. Feabhsaíonn an tseirbhís leanúnach seo cáilíocht na beatha do chónaitheoirí i mBaile Átha Fhirdhia agus tá tacaíocht á fáil aici ó Chomhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia mar chuid dá mBuiséad Roghnach 2024. Cuireadh an tionscadal ar an ngearrliosta le haghaidh ghradam Aoisbhá Éireann faoi théama an Chomhshaoil agus bronnadh teastas gnóthachtála air mar aitheantas ar rath áitiúil agus ar thionchar dearfach an tionscadail maidir le feabhas a chur ar shaol daoine scothaosta sa cheantar áitiúil.




Fuair comhpháirtithe tionscadail Chúram & Deisiúcháin Gairdín Bhaile Átha Fhirdhia a dTeastas Creidiúnaithe ó Aoisbhá Éireann

## SÁRTHAISPEÁNTAS AOISBHÁ LÚ 2024

D'óstáil Aoisbhá Lú breis is 250 duine in Ionad Paróiste Bhaile Átha Fhirdhia i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh a cheiliúradh. D'oscail Gavin Duffy, Ambasadóir Aoisbhá Chontae Lú, an ócáid agus leag sé béim ar na gnéithe dearfacha a bhaineann le dul in aois, na róil ríthábhachtacha atá ag daoine scothaosta agus beocht na seanaoise. Bhí cainteoirí tábhachtacha ag an Sárthaispeántas ag caint faoi thopaicí amhail aosú dearfach, an t-aoiseachas, gníomhaíocht choirp agus tábhacht an aiste bia agus hiodráitithe, agus bhí láithreoirí ann ó FSS, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Comhairle Aoisbhá Lú. Rinne breis is 35 soláthraí seirbhíse, grúpa pobail agus gníomhaireachtaí stáit taispeántas ann, ag léiriú seirbhísí chun tacú le daoine scothaosta i gContae Lú. Áiríodh leis seo faisnéis faoi shábháilteacht agus slándáil, tacaíochtaí pobail, sláinte agus folláine, airgeadas, spóirt agus fóillíocht, agus caitheamh aimsire agus teicneolaíocht.

# Aoisbhá Lú

Tá an Clár Aoisbhá tiomanta do phobal a chothú inar féidir le daoine scothaosta saolta uathrialacha, neamhspleácha agus luachmhara a chaitheamh, le tacaíocht ó Chomhghuaillíocht Aoisbhá Lú agus ó Chomhairle Daoine Scothaosta Lú. Leanadh leis an obair seo in 2024 le roinnt imeachtaí agus tionscadal éagsúla.

## TIONSCADAL DRÁMAÍOCHTA UM AN AOISEACHAS A CHEISTIÚ

D'éirigh le Cumann Aoisbhá Lú maoiniú a fháil ó Éire Ildánach chun ceist an aoiseachais i gCo. Lú a iniúchadh trí mheán na n-ealaíon cruthaitheach, agus chuaigh siad i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Ealaíon An Táin chun an tionscadal seo a chur i gcrích. Bhí roinnt ceardlann ar siúl ar fud an chontae agus é mar aidhm leo dhá ghearrscannán a léiriú. Rinneadh an scannánú i mí Iúil 2024 agus tionóladh taispeántas san Ionad Ealaíon An Táin i mí Lúnasa 2024 do rannpháirtithe, a dteaghlaigh agus a gcairde. Bhí ceann de na scannáin le feiceáil mar chuid de Thaispeántas Aoisbhá Lú i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus tháinig na rannpháirtithe le chéile arís i mí na Nollag chun páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais chun an tionscadal a mheas.



Participants in the Challenging Ageism Drama Project

## SEIRBHÍS CÚRAM AGUS DEISIÚCHÁIN GAIRDÍN BHAILE ÁTHA FHIRDHIA

Sheol Aoisbhá Lú Seirbhís Cúraim & Deisiúcháin Gairdín Bhaile Átha Fhirdhia, i gcomhar le Comhairle Daoine Scothaosta Lú, i mí an Mheithimh 2024. Mar chuid den tionscadal nuálach seo, rinneadh comhoibriú idir Bailte Slachtmhara Bhaile Átha Fhirdhia, Mol Dee, an Garda Síochána, Comhairle Contae Lú agus Aoisbhá Lú chun seirbhísí garraíodóireachta saor in aisce a sholáthar do dhaoine scothaosta agus leochaileacha. Cuidíonn an tionscnamh leo siúd atá ag streachailt lena ngairdíní a chothabháil trí chúnamh a thairiscint le tascanna amhail gearradh féir, fiailí a bhaint agus bearradh fálta. Is é an sprioc atá leis ná tacú le daoine scothaosta, rud a ligeann dóibh maireachtáil go neamhspleách agus go sábháilte ina dtithe agus braistint phobail agus folláine a chothú ag an am céanna. Feabhsaíonn an tseirbhís leanúnach seo cáilíocht na beatha do chónaitheoirí i mBaile Átha Fhirdhia agus tá tacaíocht á fáil aici ó Chomhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia mar chuid dá mBuiséad Roghnach 2024. Cuireadh an tionscadal ar an ngearrliosta le haghaidh ghradam Aoisbhá Éireann faoi théama an Chomhshaoil agus bronnadh teastas gnóthachtála air mar aitheantas ar rath áitiúil agus ar thionchar dearfach an tionscadail maidir le feabhas a chur ar shaol daoine scothaosta sa cheantar áitiúil.




Ardee Garden Care & Repair project partners receive their Certificate of Accreditation from Age Friendly Ireland

## SÁRTHAISPEÁNTAS AOISBHÁ LÚ 2024

D'óstáil Aoisbhá Lú breis is 250 duine in Ionad Paróiste Bhaile Átha Fhirdhia i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh a cheiliúradh. D'oscail Gavin Duffy, Ambasadóir Aoisbhá Chontae Lú, an ócáid agus leag sé béim ar na gnéithe dearfacha a bhaineann le dul in aois, na róil ríthábhachtacha atá ag daoine scothaosta agus beocht na seanaoise. Bhí cainteoirí tábhachtacha ag an Sárthaispeántas ag caint faoi thopaicí amhail aosú dearfach, an t-aoiseachas, gníomhaíocht choirp agus tábhacht an aiste bia agus hiodráitithe, agus bhí láithreoirí ann ó FSS, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Comhairle Aoisbhá Lú. Rinne breis is 35 soláthraí seirbhíse, grúpa pobail agus gníomhaireachtaí stáit taispeántas ann, ag léiriú seirbhísí chun tacú le daoine scothaosta i gContae Lú. Áiríodh leis seo faisnéis faoi shábháilteacht agus slándáil, tacaíochtaí pobail, sláinte agus folláine, airgeadas, spóirt agus fóillíocht, agus caitheamh aimsire agus teicneolaíocht..

# Aoisbhá Lú




Sárthaispeántas Aoisbhá Lú, 2 Deireadh Fómhair 2024 in Ionad Paróiste Bhaile Átha Fhirdhia

## CEARDLANNA

Lean Aoisbhá Lú ar aghaidh le hoiliúint a chur ar fáil in 2024 le Clár Oiliúna Gnó i mí Aibreáin agus ceardlann um Chur Chun Cinn an Aosaithe Dearfaigh i mí na Samhna. Bhí Lá Blaiseadh Spóirt ar siúl i mí Mheán Fómhair ar Champas Spórt Éireann agus rinneadh roinnt ceardlann inbhuanaithe a éascú le linn 2024, na cinn seo a leanas ina measc:

- Cúrsa Ealaíon & Ceardaíochta 5 seachtaine do chliaint de chuid Ionad Cúraim Lae Lóiste Dhroichead Átha
- Ceardlann ealaíne do Ghrúpa Ban an tSlánaitheora chun Seachtain um Ionchuimsiú Sóisialta 2024 a cheiliúradh
- Ceardlanna Faisin & Ealaíne i nDún Dealgan & Droichead Átha chun an tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide a cheiliúradh



Sárthaispeántas Aoisbhá Lú, 2 Deireadh Fómhair 2024 in Ionad Paróiste Bhaile Átha Fhirdhia



Sárthaispeántas Aoisbhá Lú, 2 Deireadh Fómhair 2024 in Ionad Paróiste Bhaile Átha Fhirdhia

## AN CHOMHGHUAILLÍOCHT AOISBHÁ

Tháinig an Chomhghuaillíocht Aoisbhá le chéile le linn 2024 chun tuairimí, ábhair spéise agus riachtanais daoine scothaosta sa chontae a phlé. Lean siad lena gcuid oibre maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Aoisbhá reatha agus ar straitéis nua a ullmhú do Chontae Lú.

# Aoisbhá Lú

## COMHAIRLE DAOINE SCOTHAOSTA LÚ

Tháinig Comhairle na nDaoine Scothaosta (CDS) le chéile roinnt uaireanta i rith na bliana chomh maith agus leanann siad orthu ag déanamh ionadaíochta ar ghlór daoine scothaosta i gCo. Lú trí shaincheisteanna agus réimsí imní a chur faoi bhráid na Comhghuaillíochta Aoisbhá agus tionchar a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta sa Chlár Aoisbhá. Bhí baill páirteach sna himeachtaí/gníomhaíochtaí seo a leanas in 2024:

- Rinneadh baill CDS na Mí a óstáil in Ionad Netwell CASALA, áit a raibh cur i láthair ón gClár Cúraim Chomhtháite do Dhaoine Scothaosta
- Rannpháirtíocht in Iniúchadh Inrochtaineachta i nDroichead Átha
- Freastal ar Chomhdháil Aoisbhá i gCathair Chill Chainnigh
- Rannpháirtíocht i gceardlanna/grúpaí fócais ar Ghníomhú ar son na hAeráide, Litearthacht Airgeadais do Dhaoine Scothaosta agus an tAoiseachas a Cheistiú
- Seirbhís Cúraim & Deisiúcháin Gairdín Bhaile Átha Fhirdhia
- Tionscadal na Málaí Nollag don Aoisbhá – chabhraigh chun breis is 250 mála Nollag a sheachadadh chuig daoine scothaosta agus leochaileacha i gCo. Lú



Baill de CDS Lú agus CDS na Mí ag Ionad Netwell CASALA IN Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan



Joe Grogan, Cathaoirleach CDS Lú, Louise Larkin Foireann Aoisbhá Lú & Venora O'Brien CDS Lú ag Comhdháil Aoisbhá Éireann i gCill Chainnigh



Cruinniú comhaltaí de Chomhdháil Phoiblí Lú i Halla an Chontae, Dún Dealgan

# Comhairle na nÓg



Rannpháirtithe ag Comhdháil na nÓg Trasteorann ag an Lios Dubh, Dún Dealgan

## TIONSCADAL LÍONRAITHE CHOMHAIRLE NA NÓG

Le 15 bliana anuas, tá Comhairle na nÓg i gCo. Lú, ag cur tionscadail trasteorann ar fáil i gcomhar le Comhairle na nÓg an Iúir, Mhúrn. Bhí imeachtaí trasteorann, oiliúint agus cuairteanna ar Dháil Éireann agus ar Stormont i gceist leis an gcomhoibriú seo. In 2024, ghlac na daoine óga páirt in imeachtaí maidir le Cúrsaí Polaitíocht agus Vótáil, an tAthrú Aeráide agus Rannpháirteachas Pobail. Chomh maith leis sin, bhuail siad le baill de Choiste Trasteorann na nIonadaithe Tofa faoin Meabhrán Tuisceana idir Comhairle Contae Lú agus Comhairlí an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

## CUAIRT AR STORMONT, 27 MEITHEAMH 2024

Thug na daoine óga cuairt ar Stormont ar an 27 Meitheamh agus ghlac siad páirt i gClár Oideachais na Parlaiminte. Áiríodh leis seo turas ar fhoirgneamh Stormont agus plé ar vótáil agus cúrsaí reachtaíochta. Thug na daoine óga cuairt ar Sheomra an Tionóil agus ghlac siad páirt i vótáil bhréige maidir le daoine óga a bheith in ann vóta a chaitheamh ó 16 bliana d'aois ar aghaidh.



Cuairt ar Fhoirgneamh Parlaiminte Stormont i mBéal Feirste

## ILLÚMINATE — RÍOMHIRIS NA HÓIGE

In 2024, d'fhorbair Comhairle na nÓg i Lú an ríomhiris IlLÚminate do dhaoine óga i gCo. Lú. Léirigh an t-aiseolas ó dhaoine óga ag Comhdháil Bhliantúil 2023 go raibh gá le heolas faoi sheirbhísí ina gceantair agus tacaíochtaí nuair a bhíonn a leithéid ag teastáil uathu. D'fhorbair comhaltaí na Comhairle an iris ar líne chun ailt spéisiúla, faisnéis cothrom le dáta faoi chlubanna spóirt agus óige áitiúla agus sonraí teagmhála do sheirbhísí áitiúla a sholáthraíonn tacaíochtaí do dhaoine óga a chur ar fáil. Seoladh é seo ag an gComhdháil Bhliantúil ar an 14 Samhain 2024

## COMHDHÁIL BHLIANTÚIL

Tionóladh an chomhdháil bhliantúil ar an 14 Samhain in Ionad Acmhainní Teaghlaigh an tSlánaitheora. Thug an t-imeacht seo108 duine óg le chéile chun saincheisteanna a phlé, freastal ar cheardlanna agus foghlaim faoi Chomhairle Lú i dtimpeallacht shábháilte agus spraíúil. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht seo.



Rannpháirtithe ag Comhdháil Bhliantúil Chomhairle na nÓg i Lú

## IONADAÍOCHT

Chomh maith lenár nIonadaí ar an bhFeidhmeannas Náisiúnta, tacaíonn Comhairle Lú anois le hionadaithe ar Thionól Náisiúnta na nÓg, ar an Tionól Náisiúnta um Athrú Aeráide, ar Choiste Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí, ar CBS Aeráide Chomhairle Contae Lú agus ar Líonraí Réigiúnacha Chomhairle na nÓg. Cuireadh ionadaithe chuig an imeacht i nDáil na nÓg a tionóladh i dTeach Laighean ar an 27 Márta 2024 chomh maith.

# Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Lú

- In 2024, bhí na 31 Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) ar fud na tíre 10 mbliana ar an bhfód.
- Tháinig méadú ar an mballraíocht ó 541 grúpa pobail in 2023 go 618 grúpa pobail in 2024. Fuair Tuarascáil an Choimisiúin Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht a eisíodh i Meán Fómhair 2024 gur thuairiscigh LRP Lú an méadú ba mhó ar líon na ngrúpaí ballraíochta nua um Chuimsiú Sóisialta sa tír (26.01% i gcomparáid leis an meán náisiúnta 16.64%), rud a léiríonn méadú ar rannpháirtíocht le grúpaí agus pobail imeallaithe ar fud Chontae Lú.
- Tionóladh cruinnithe rúnaíochta go míosúil / gach 6 seachtaine i rith na bliana.
- Rinneadh athstruchtúrú ar Rúnaíocht LRP Lú i lár 2024. Laghdaíodh líon comhaltaí na Rúnaíochta ó 18 go 12 agus bunaíodh roinnt fochoistí. Is é aidhm na bhfochoistí obair na Rúnaíochta a dhíriú ar riachtanais dhinimiciúla na ngrúpaí ball. Is iad na fochoistí a bunaíodh ná: Cumarsáid, Forbairt Acmhainne, Rannpháirtíocht Pobail agus Rialachas.
- Chuaigh LRP Lú i gcomhairle go fairsing lena chomhaltaí in 2024 chun an Plean Oibre Straitéiseach 2025-2027 a chomhfhorbairt. Eagraíodh suirbhé ar líne, mar aon le grúpaí fócais le baill ó ghrúpaí imeallaithe (e.g. pobail nua, disABILITY Louth, daoine scothaosta, SICAP, etc.) chun a chinntiú go ndearnadh riachtanais gach ball de LRP Lú a thaifeadadh. Chuir an Plean Oibre Straitéiseach 2025-2027 bonn le forbairt Phlean Oibre agus Buiséad LCP Lú do 2025 agus daingníodh na 3 dhoiciméad ag an gCruinniú Iomlánach i mí Dheireadh Fómhair.

## OILIÚINT / ACMHAINN AN PHOBAIL A FHORBAIRT

Cuireadh cúrsaí oiliúna faoi fhorbairt acmhainne ar fáil do ghrúpaí ball de LRP ar líne agus go pearsanta in 2024.

I measc na gcúrsaí oiliúna ar líne, bhí:

Conas Iarratais Éifeachtacha ar Mhaoiniú a Scríobh

2 chúrsa ar líne, 28 Feabhra agus 26 Samhain. 91 ball cláraithe

Na hábhair a clúdaíodh: Iarratais ar mhaoiniú a scríobh, próiseas iarratais deontais, teip a sheachaint, teoiric an athraithe, conas Ráiteas Riachtanas a scríobh, buiséid tionscadail, doiciméid tacaíochta a bhailiú, critéir roghnúcháin maoinitheora, monatóireacht agus tuairisciú

### Meáin shóisialta

3 sheisiún ar siúl ar líne ar an 29 Aibreán, an 13 Bealtaine & an 20 Bealtaine. 28 ball cláraithe.

Na hábhair a clúdaíodh: Conas is féidir le margaíocht dhigiteach agus na meáin shóisialta d'eagraíocht a fhorbairt, buneolas faoi Twitter (X) agus Instagram, buneolas faoi phríomhthéarmaíocht Twitter agus Instagram agus béasaíocht Idirlín, do chunta(i)s Twitter agus Instagram a bhunú nó a fheabhsú, conas post éifeachtach Twitter/Instagram a scríobh agus conas clibeanna haise a úsáid, conas grúpa suntasach de leanúna ábhartha a chruthú, do bheatha Twitter a nascadh le meáin shóisialta eile chun trasphostáil a dhéanamh, réamhrá ar Facebook, téarmaíocht Facebook agus béasaíocht Idirlín, straitéisí chun na 'Is maith liom' ar leathanach a mhéadú, conas Facebook a úsáid chun infheictheacht branda a fhorbairt, buneolas ar conas ábhar éifeachtach a scríobh, optamú inneall cuardaigh & anailísíocht gréasáin, réamhrá ar phríomhthéarmaíocht chuardaigh Google agus anailísíocht gréasáin, conas rangú orgánach inneall cuardaigh a fheabhsú, conas tiontú cuairteoirí go baill a uasmhéadú, conas infheictheacht inneall cuardaigh a choinneáil le himeacht ama, agus gach rud a thabhairt le chéile i straitéis chomhtháite do d'eagraíocht.

## DEARADH GRAFACH DIGITEACH (CANVA)

1 seisiún ar líne ar siúl ar an 15 Aibreán. 28 ball cláraithe.

Thug an cheardlann ar líne seo léargas do na rannpháirtithe ar an dearadh grafach, ag baint úsáide as an bhfeidhmchlár Canva. Taispeánadh do rannpháirtithe conas cuntas Canva a chruthú, postálacha mealltacha sna meáin shóisialta a chruthú, póstaeir a dhearadh, lógónna a chruthú agus feabhas a chur ar cháilíocht amhairc shuíomh gréasáin a n-eagraíochta.

## AIPEANNA AGUS BOGEARRAÍ INTLEACHTA SAORGA

1 seisiún ar líne ar siúl ar an 21 Deireadh Fómhair. 40 ball cláraithe.

Ba dheis é an cúrsa seo do bhaill LRP foghlaim conas réimse uirlisí IS a úsáid, lena n-áirítear ChatGPT, Microsoft Co-Pilot, Google Gemini, Leonardo, Runway, Synthesia agus go leor eile.

# Líonra Rannpháirtíochta Pobail Lú

## LÍONRÚ

Tionóladh 6 Chruinniú CB (Ceantar Bardasach) go pearsanta i rith 2024 mar seo a leanas:

- Droichead Átha – 6 Márta agus 26 Meán Fómhair
- Baile Átha Fhirdhia – 6 Márta agus 25 Meán Fómhair
- Dún Dealgan – 4 Márta agus 25 Meán Fómhair

Is deis iontach iad cruinnithe CB do bhaill líonrú a dhéanamh le grúpaí pobail eile, ag obair laistigh dá gceantar geografach agus iad a chur ar an eolas faoi obair Rúnaíocht LRP Lú thar a gceann (e.g. deiseanna oiliúna atá le teacht, tionscadail phobalbhunaithe, etc.).

Tionóladh dhá Chruinniú Iomlána uile-Chontae mar seo a leanas:

- Dún Dealgan – 20 Márta
- Droichead Átha – 17 Deireadh Fómhair

Tugann cruinnithe iomlánacha deis do ghrúpaí ball LRP líonrú le grúpaí pobail eile ar fud an Chontae ar fad. Bhí roinnt rannóga den Údarás Áitiúil i láthair chomh maith agus thug siad cur i láthair do ghrúpaí ball de LRP ar shruthanna maoinithe atá le teacht, comhairliúcháin agus acmhainní agus tacaíochtaí atá ar fáil do ghrúpaí pobail. Daingníodh Plean Oibre Straitéiseach 3 bliana (2025-2027), Plean Oibre 2025, Buiséad 2025 agus seasamh 15 dár n-ionadaithe pobail ag an gcruinniú Iomlánach i mí Dheireadh Fómhair a tionóladh i nDroichead Átha.

Bhí Grúpaí Nasctha LRP Lú gníomhach agus tháinig siad le chéile go rialta i rith 2024. Áiríodh sna grúpaí seo: Daoine Scothaosta, Bailte Slachtmhara agus an Óige. Tugann Grúpaí Nasctha eagraíochtaí pobail a bhfuil cúiseanna comhchosúla acu le chéile chun saincheisteanna comhchoiteanna a phlé, acmhainní a chomhthiomsú agus comhoibriú ar thionscadail laistigh dá bpobail éagsúla ar fud an Chontae.

Bhí Gradaim Pobail & Deonacha LRP Lú ar siúl Dé Máirt an 5 Samhain san Óstán Imperial i nDún Dealgan. Is deis iad na gradaim seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar an obair iontach atá ar bun ag grúpaí pobail ar fud an Chontae agus aitheantas a thabhairt di. Chomhoibrigh LRP Lú le hIonad Deonach Lú do na gradaim seo. Rinne faighteoirí ghradam LRP Lú ionadaíocht ar gach ceann de na trí cholún ballraíochta mar seo a leanas:

- Pobal & Deonach – Pobal ar Aire Chuaille
- Cuimsiú Sóisialta – Tacaíocht Dhroichead Átha agus Ceantar Dhroichead Átha do Dhaoine Scothaosta
- Comhshaol – Bailte Slachtmhara Bhaile Hagaird




Gradaim Pobail & Deonacha LRP Lú 2024 (5 Samhain)

## TIONSCADAIL / RANNPHÁIRTÍOCHT THÉAMACHA LE BALLGHRÚPAÍ

D'éirigh le Rúnaíocht LRP Lú roinnt tionscadal téamacha a chur i gcrích go rathúil le linn 2024. Is é aidhm na dtionscadal seo dul i ngleic le hearnálacha éagsúla de phobal Lú, próifíl LRP Lú a ardú agus deiseanna a chur ar fáil do ghrúpaí ball LRP chun líonrú agus comhoibriú a dhéanamh. Áirítear sna tionscadail seo:

An Óige

Bhain tionscadal na bliana seo le seirbhís faisnéise a chruthú ag baill óga le haghaidh baill óga ar fud an Chontae, lena n-áirítear faisnéis faoi chaitheamh aimsire (e.g. spóirt, ceol, ealaíona, etc.) mar aon le físeáin agus foirmeacha faisnéise ar chúrsaí sláinte agus tacaíochtaí praiticiúla. Seoladh an ríomhiris óige ag cruinniú cinn bhliana Chomhairle na nÓg ar an 14 Samhain agus glacadh go han-mhaith leis an gcéad eagrán. Tá sé beartaithe leanúint leis an ríomhiris seo a eisiúint in 2025 agus ina dhiaidh sin.

# Líonra Rannpháirtíochta Pobail Lú

## SPÓIRT IDIRCHULTÚRTHA

Ba é aidhm an tionscadail seo cabhrú le baill de phobail nua Chontae Lú a imeascadh trí mheán an spóirt. Eagraíodh lá gníomhaíochta teaghlaigh in Ionad Spóirt Dhún Dealgan in 2023 agus in 2024 theastaigh ón Rúnaíocht imeacht dá samhail a óstáil i nDroichead Átha. Reáchtáladh an lá gníomhaíochta seo Dé Luain an 5 Lúnasa agus d'fhreastal líon mór ball ó gach cultúr agus cúlra air. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ann, bhí cispheil, eitpheil, badmantan, leadóg, peil, rugbaí, liathróid láimhe, cruicéad agus cluichí do pháistí.

## EALAÍN DO CHÁCH

Ba thionscadal comhoibríoch é seo idir trí bhallghrúpa de chuid an LRP(disABILITY Louth, AAEX agus Club na nÁirsí i nDún Dealgan) agus chuir sé 10 seachtaine de chúrsa ealaíne buail isteach ar fáil do bhaill Chlub na nÁirsí agus grúpaí pobail eile agus do bhaill chun leas a bhaint as. Gach seachtain, tugadh deis do na freastalaithe modhanna éagsúla ealaíne agus ábhar a iniúchadh (e.g. péinteanna, ceardaíocht, criadóireacht, etc.). Measadh gur éirigh go han-mhaith leis an tionscadal seo agus méadú seachtain i ndiaidh seachtaine ar líon na ndaoine a bhí i láthair agus reáchtáladh taispeántas de shaothair ealaíne an chúrsa ag deireadh na 10 seachtaine.

## MEANTÓIREACHT PHOBAIL IDIR PIARAÍ

Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2023 le hoiliúint a chur ar 13 meantóir pobail. Theastaigh ón Rúnaíocht leanúint den tacaíocht seo a thairiscint do bhaill LRP i rith 2024. Is é aidhm an tionscadail seo an saibhreas ollmhór eolais agus taithí atá le fáil faoi láthair in earnáil phobail agus dheonach Chontae Lú a roinnt le grúpaí pobail eile laistigh de bhallraíocht LRP Lú. Tá taithí agus eolas roimhe seo ag meantóirí trí bheith ag obair laistigh d'eagraíochtaí pobail agus cuireann siad meantóireacht ar fáil do ghrúpaí LRP eile i réimsí ar nós Scileanna Coiste (lena n-áirítear rialachas, dlí agus AD), Iarratais ar Mhaoiniú, Bainistíocht Gníomhaíochtaí/Imeachtaí agus na Meáin Shóisialta. Tá sé beartaithe leanúint leis an tacaíocht seo thairiscint do bhaill LRP in 2025 agus ina dhiaidh sin



Tionscadal Spóirt Idirchultúrtha (5 Lúnasa)

## IONADAÍOCHT

Le toghchán áitiúil a ghairm i mí na Bealtaine 2024, díscaoileadh na Coistí um Beartais Straitéiseacha uile a bhí ann cheana. D'eisigh Comhairle Contae Lú dréacht-Scéim CBS 2024-2029 i mí Lúnasa agus tugadh cuireadh do chách a dtuairimí a roinnt. Rinne LRP Lú aighneacht, ag iarraidh (i measc rudaí eile) méadú ar líon na n-ionadaithe pobail ón líon atá beartaithe, i.e. 11 (is é aidhm náisiúnta na LRPanna go mbeadh ionadaí amháin ar a laghad ó gach ceann de na 3 cholún LRP ar gach ceann de na CBSanna, rud a chiallaíonn go mbeadh 15 ionadaí pobail san iomlán i gcás Chontae Lú). Rinne Comhairle Contae Lú athbhreithniú ar Scéim SPC 2024-2029, ag tairiscint 19 suíochán ionadaí pobail do LRP Lú. Ina dhiaidh sin, lorg LRP Lú ainmniúcháin óna chomhaltaí agus líonadh 18 de na 19 suíochán ionadaíoch pobail (tá folúntas amháin fós ann ón gcolún comhshaoil).

Reáchtáladh cruinniú de gach Ionadaí Pobail de chuid LRP Lú (i.e. iad siúd atá ina suí ar an Rúnaíocht, ar na CBSanna, ar na comhpháirtíochtaí agus ar bhoird agus ar choistí eile laistigh de struchtúr an údaráis áitiúil) Dé Luain an 18 Samhain. Ba é aidhm an chruinnithe seo na hionadaithe uile a chur in aithne dá chéile, athbhreithniú a dhéanamh ar shainchúram gach ceann de na boird/choistí, plé a dhéanamh ar shaincheisteanna comhchoiteanna imní laistigh de phobal Lú agus mar is féidir na saincheisteanna seo a chur chun cinn laistigh de struchtúir an Údaráis Áitiúil, agus sainaithint a dhéanamh ar oiliúint nó tacaíochtaí ar bith a theastaíonn ó ionadaithe an phobail chun a ról ionadaíoch a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe ceann de na cruinnithe ionadaíocha seo a reáchtáil uair sa ráithe amach anseo.

Ós rud é gur reáchtáladh Toghchán Áitiúil agus Olltoghchán in 2024, thairg LRP Lú sraith ceardlann do bhaill a bhí dírithe ar oideachas toghthóirí, go háirithe dóibh siúd ó earnálacha atá imeallaithe sa phobal.

Reáchtáladh dhá cheardlann ar Shaoránacht Ghníomhach ar an 1 agus an 8 Bealtaine i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan inar ghlac 26 rannpháirtí páirt. Seo cuid de na hábhair a clúdaíodh sna ceardlanna seo:

- Feidhmeanna Rialtais Áitiúil
- Cearta vótála – cé atá cearta vótála acu i sna toghcháin éagsúla
- Conas clárú ar an gclár toghcháin lena chinntiú go gcloistear do ghuth
- Saincheisteanna Áitiúla i gcoinne Saincheisteanna Náisiúnta i gcoinne Saincheisteanna Domhanda – conas a chinntiú go bhfuil do thosaíochtaí pearsanta ag teacht leis an iarrthóir ceart.
- Cineálacha éagsúla rannpháirtíochta gníomhaí pobail, lena n-áirítear cad is LRP ann agus conas a bheith páirteach ann.


# Líonra Rannpháirtíochta Pobail Lú

Reáchtáladh ceardlann oiliúna abhcóideachta duine le duine i gcomhar le Forbairt Áitiúil Lú ar an 30 Meán Fómhair i Mainistir Bhuithe agus bhí 72 rannpháirtí i láthair. Ba é aidhm na ceardlainne seo na scileanna a theastaíonn uathu a thabhairt do rannpháirtithe chun a bheith ina n-abhcóidí pobail éifeachtacha maidir le saincheisteanna áitiúla agus náisiúnta a mbíonn tionchar acu ar a bpobail. Mhúin an cheardlann seo eolas luachmhar do na rannpháirtithe amhail:

- Conas rochtain a fháil ar phróisis chinnteoireachta áitiúla agus náisiúnta (lena n-áirítear an LRP)
- Conas dul i ngleic le comhairleoirí áitiúla, Teachtaí Dála, Seanadóirí agus an próiseas reachtach
- Conas a oibríonn an próiseas reachtach, ón mbunús go dtí an gníomh
- Conas plean abhcóideachta a fhorbairt
- Conas feachtasaíocht a dhéanamh taobh le tosaíochtaí soláthair seirbhísí
- Conas is fearr teachtaireachtaí agus tosaíochtaí a chur in iúl agus cé hiad na teagmhálaithe agus na naisc is tábhachtaí le déanamh
- Tuiscint a fháil ar stocaireacht – cad iad na rialacha agus cad é an poitéinseal atá ann don phobal



Oiliúint Abhcóideachta (30 Meán Fómhair)




Chun tuilleadh eolais a fháil faoi LRP Lú, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin: www.louthppn.ie nó cláraigh lenár nuachtlitir sheachtainiúil (Communiqué Dé hAoine)..

# Lú Sláintiúil

Tá ról lárnach ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Lú i maoirseacht agus i dtreorú obair Lú Sláintiúil, ag cinntiú go bhfuil tionscnaimh sláinte agus folláine ag teacht le cuspóirí beartais náisiúnta agus le tosaíochtaí áitiúla. Faoi rialachas an CFPÁ, tá Lú Sláintiúil freagrach as clár Chiste Éire Shláintiúil 2023-2025 a chur i gcrích, a mhaoiníonn tionscadail spriocdhírithe a chuireann sláinte choirp agus mheabhrach, cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht phobail chun cinn.

Feidhmíonn Fochoiste Sláinte agus Folláine CFPÁ Lú mar spreagadh straitéiseach do na hiarrachtaí seo, ag déanamh athbhreithnithe rialta, ag cothú comhoibriú i measc páirtithe leasmhara, agus ag tacú le hiarratais mhaoinithe chun tionscnaimh sláinte pobail a chothabháil agus a leathnú. Cinntíonn an fochoiste go bhfreastalaíonn tionscnaimh Lú Sláintiúil ar riachtanais sláinte agus folláine gach cónaitheora, go háirithe grúpaí tosaíochta, lena n-áirítear leanaí, déagóirí, teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste agus daoine aonair atá i mbaol a bheith gan dídean.

## CREAT ÉIRE SHLÁINTIÚIL 2023-2025

Is tionscnamh rialtais é Éire Shláintiúil atá dírithe ar shláinte agus folláine gach duine in Éirinn a fheabhsú. Glacann sé cur chuige 'uile-rialtais' agus 'uile-shochaí' chun ceithre phríomhsprioc a bhaint amach:

1. Is iad seo a leanas ceithre sprioc ardleibhéil an chreata Éire Shláintiúil:
2. Neamhionannais sláinte a laghdú.
3. An pobal a chosaint ar bhagairtí sláinte agus folláine.
4. Timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus gach earnáil den tsochaí a gcion féin a dhéanamh chun Éire Shláintiúil a bhaint amach.

Tar éis comhairliúcháin phoiblí, leithdháileadh maoiniú i gContae Lú ar thionscnaimh a thacaíonn le:

- Méadú ar leibhéal mheabhairshláinte dhearfach an duine de réir Innéacs Fuinnimh agus Beocht
- Méadú ar chéatadán na ndaoine fásta agus na leanaí a chomhlíonann treoirlínte gníomhaíochta coirp
- Feachtais spriocdhírithe cur chun cinn sláinte a chur i gcrích chun feasacht a mhúscailt agus rannpháirtíocht phobail i dtionscnaimh folláine a spreagadh.

Tugann na tionscnaimh seo aghaidh ar riachtanais an daonra i gcoitinne agus ar ghrúpaí tosaíochta, lena n-áirítear déagóirí, teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste, daoine atá gan dídean nó atá i mbaol a bheith gan dídean agus iad siúd a bhfuil imní orthu faoi chúrsaí meabhairshláinte.

## CISTE ÉIRE SHLÁINTIÚIL — 3 MHÓR-ÉACHT:

1. Ciste Éire Shláintiúil mar Spreagadh don Fhás – Tá Ciste Éire Shláintiúil tar éis fónamh mar shíolmhaoiniú riachtanach, rud a lig do roinnt tionscnamh rathúil iomadúil a sheoladh. Tá maoiniú breise suntasach faighte ag na tionscadail seo ó shin, rud a léiríonn inbhuanaitheacht agus tionchar fadtéarmach.

- Mar thoradh ar an tionscnamh Take 5 for Positive Mental Health, tháinig an feachtas Dear Future Me chun cinn, atá ina thionscadal neamhspleách anois le maoiniú €140,000 ó Éire Ildánach, Folláine Ildánach sa Phobal, agus Ciste an Oileáin Chomhroinnte.
- Mar thoradh ar obair a dhéanamh le pobail gan dídean agus atá i mbaol a bheith gan dídean, a fhaigheann tacaíocht ó HIF, tá comhpháirtíochtaí neartaithe le Teach Peter McVerry agus Clann Shíomóin Dhún Dealgan, rud a fhágann go bhfuil €15,000 breise faighte ag Éire Ildánach don tionscadal Step into My World, a ardaíonn feasacht ar dhaoine gan dídean trí thaithí saoil iarbhír.
- A bhuí lenár rannpháirtíocht le seirbhísí do dhaoine gan dídean, tá €5,000 faighte againn ó Chomhairleoirí Cheantar Bardasach Dhún Dealgan chun Sraith Sráide na hÉireann do Dhaoine Gan Dídean a thabhairt go Contae Lú, agus cuireadh iarratas breise maoinithe isteach le déanaí chun an tsraith a ailíniú le Clár Litearthachta Sláinte gníomhaíochtaí chun freastal ar riachtanais litearthachta sláinte an spriocghrúpa.

2. Rannpháirtíocht Mhéadaithe i dTionscnaimh Meabhairshláinte agus Gníomhaíochta Coirp – Tá méadú intomhaiste tagtha ar líon na ndaoine atá páirteach i gcláir tacaíochta meabhairshláinte agus gníomhaíochta coirp Lú Sláintiúil atá bunaithe sa phobal.
3. Leathnú Tionscnamh Spriocdhírithe – Tá dul chun cinn suntasach déanta ag cláir ar nós Take 5 for Positive Mental Health, Clár Mental Health Matters & Family Matters de chuid an CFPÁ, tionscadal 'Minding Your Mind' le Boomerang Youth agus tionscadail ghníomhaíochta coirp ar nós Boxing Clever, Sailing into Wellness, Fun Fitness, Clár High Five, Football Crazy, agus tionscnaimh Institiúid Teicneolaíchta Dhún Dealgan (ex-HER-cise, Dúshlán Fittest STEPS DkIT, agus Spórt mar Uirlis Ionchuimsithe).

## CISTE ÉIRE SHLÁINTIÚIL - PRÍOMHFHORBAIRTÍ IN 2024

Leathnú an Fheachtais **Táimid Báúil le Beathú Cíche i gContae Lú**

Rinne an feachtas 'Táimid Báúil le Beathú Cairdiúil i gContae Lú' dul chun cinn suntasach in 2024, agus chuir roinnt forbairtí tábhachtacha go mór lena thionchar ar an bpobal.

# Lú Sláintiúil

Highlights include:

- Seoladh Grúpa Tacaíochta Beathú Cíche nua faoi stiúir FSS i nDún Léire: Ba gharsprioc mhór le linn na Seachtaine Náisiúnta um Beathú Cíche 2024 seoladh an ghrúpa tacaíochta beathú cíche nua faoi stiúir HSE i nDún Léire. Tá an grúpa seo ag cur leis an rath a bhain le hainmniú Dhún Léire mar an chéad 'Sráidbhaile Báúil le Beathú Cíche' i gContae Lú in 2023. Tugann seoladh an ghrúpa tacaíochta seo spás ríthábhachtach do mháithreacha nua le haghaidh treorach, comhairle agus ceangail. Ba chuid lárnach de cheiliúradh na Seachtaine Náisiúnta um Beathú Cíche anseo i Lú an imeachta seolta, imeacht a fuair tacaíocht ó Chiste Éire Shláintiúil.
- Feachtas Cur Chun Cinn ar fud an Chontae 2024: I rith 2024, cuireadh feachtas cur chun cinn dinimiciúil i bhfeidhm ar fud an chontae agus é mar aidhm leis feasacht a mhúscailt agus beathú cíche a normalú. I measc na n-imeachtaí i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha bhí ceardlanna beathú cíche, seisiúin eolais agus deiseanna líonraithe do thuismitheoirí agus do ghairmithe cúraim sláinte.

Tá na hiarrachtaí seo tar éis cur le pobal níos láidre agus níos tacúla a chothú don bheathú cíche ar fud Chontae Lú, rud a leagann an bonn d'fhás breise an fheachtais sna blianta amach romhainn.







Feachtas 'Táimid Báúil le Beathú Cíche i gContae Lú'



# Lú Sláintiúil

## AN TIMEACHT 'NA CÚIG BHEALACH CHUN NA FOLLÁINE: DEISEANNA DO SHLÁINTE AN PHOBAIL I GCONTAE LÚ'

Reáchtáladh na 'Cúig Bhealach chun na Folláine': 'Deiseanna do Shláinte Pobail i gContae Lú', arna heagrú ag Coiste Oideas Sóisialta Lú, ar siúl san Óstán Fairways, Dún Dealgan ar an 23 Deireadh Fómhair 2024 agus ba é seoladh oifigiúil na hAcmhainne '5 Bhealach chun Folláine' de chuid ComUnity Connect Louth & Meath a bhí ann. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo tacú le daoine aonair, grúpaí agus pobail bearta simplí, praiticiúla a ghlacadh chun a bhfolláine a fheabhsú.

Bhí breis is 30 seastán ó eagraíochtaí áitiúla, seirbhísí sláinte, grúpaí deonacha agus pobail ar taispeáint ag an imeacht, agus gach ceann acu ag tairiscint faisnéise agus acmhainní luachmhara chun folláine mheabhrach, fhisiciúil agus shóisialta a fheabhsú. Díríodh ar na cúig phríomhphrionsabal atá sa Chreat '5 Ways to Wellbeing Framework: Connect, Be Active, Take Notice, Keep Learning and Give. Tá na prionsabail seo, atá leabaithe san

acmhainn, deartha chun athruithe dearfacha a spreagadh agus folláine fhadtéarmach a chur chun cinn laistigh den phobal.

Is céim shuntasach chun cinn í seoladh na hacmhainne seo i dtreo iarrachtaí leanúnacha Lú Sláintiúil chun folláine na gcónaitheoirí a fheabhsú agus naisc phobail a neartú. Cuireann an acmhainn seo comhairle inrochtana agus inghníomhaithe ar fáil do dhaoine idir óg agus aosta agus cúlra chun cleachtais folláine a ionchorprú ina saol laethúil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, cliceáil ar an nasc thíos:

**https://www.louthcoco.ie/en/services/community/programmes/healthy-louth/community-connect/**










Reáchtáladh an t-imeacht 'The Five Ways to Wellbeing: Opportunities for Community Health in Louth' san Óstán Fairways, Dún Dealgan.

# Lú Sláintiúil

## FEACHTAS 'NOT AROUND US' – SPÁSANNA SAOR Ó CHAITHEAMH TOBAC & VÁPÁIL

Ba gharsprioc thábhachtach in 2024 an comhoibriú le Cumann Sacair Dhún Dealgan chun an feachtas 'Not Around Us' (NAU) a chomhtháthú in imeachtaí lae cluiche, gníomhaíochtaí leath-ama agus meáin shóisialta an chlub. Spreagann an feachtas gnólachtaí, scoileanna agus spásanna pobail chun timpeallachtaí saor ó thobac agus vápáil a chruthú, go háirithe in áiteanna a mbíonn leanaí agus daoine óga iontu go minic.







Feachtas 'Not Around Us'

## AITHINT AG NA GRADAIM POBAIL AGUS COMHAIRLE UILE-ÉIREANN

Ainmníodh an tionscadal 'Mental Health Matters' ar an ngearrliosta do ghradam an Tionscnaimh Meabhairshláinte Is Fearr ag Gradaim Pobail agus Comhairle Uile-Éireann LAMA 2024.

Bhí an searmanas bronnta gradam ar siúl san Ionad Comhdhála Ríoga i mBaile Átha Cliath Dé Sathairn an 17 Feabhra 2024, áit a raibh ionadaithe ó Chomhairle Contae Lú, ó Chomhlacht Forbartha Áitiúil Lú agus ón gClár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (SICAP) i láthair.

Is comhoibriú idir Lú Sláintiúil agus SICAP é an tionscnamh 'Mental Health Matters'. Tá aitheantas tugtha dó as a chur chuige nuálach maidir le folláine mheabhrach a chur chun cinn sa phobal. Trí cheardlanna, imeachtaí agus cláir fhor-rochtana, tá an tionscnamh tar éis:

- Feasacht a chothú faoi shaincheisteanna meabhairshláinte
- Stiogma a laghdú faoi thacaíocht a lorg.
- Acmhainní luachmhara a chur ar fáil dóibh siúd a raibh gá acu leo.

Leagann an gradam seo béim ar thiomantas Lú Sláintiúil agus Chuideachta Forbartha Áitiúil Lú maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin mheabhairshláinte agus folláine a chur chun cinn ar fud an chontae.




Ag Gradaim LAMA 2024 tá Alison Quail, Cathaoirleach CFPÁ, Paula Keenan, Comhordaitheoir Lú Sláintiúil, Comhairle Contae Lú, Finbar Gethins, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach – Rannóg an Phobail, Comhairle Contae Lú, Ina McCrumlish, Comhordaitheoir Tionscadail, SICAP, Comhlacht Forbartha Áitiúil Lú

# Lú Sláintiúil

## CUMARSÁID & FEASACHT IN 2024

Lean Lú Sláintiúil ag leathnú a láithreachta digití agus a chuid iarrachtaí cumarsáide, ag cinntiú go sroichfeadh teachtaireachtaí sláinte agus folláine an pobal mór.

- Nuachtlitir Lú Sláintiúil
  - » Leantar ar aghaidh ag dáileadh nuachtlitir dhémhíosúil Lú Sláintiúil trí theachtaireacht Dé hAoine LRP Lú, chomh maith le ar na meáin shóisialta agus trí líonraí ríomhphoist dhíreacha.
  - » I measc na n-ábhar a clúdaíodh bhí meabhairshláinte, gníomhaíocht choirp, cothú, folláine san ionad oibre, agus seirbhísí tacaíochta.
- Fás & Rannpháirtíocht na Meán Sóisialta
  - » Rinneadh feachtais ar nós 'Táimid Báúil le Beathú Cíche i gContae Lú', 'Not Around Us', agus tionscnaimh ComUnity Connect Louth & Meath a chur chun cinn go gníomhach.

## SEOLADH 'DEAR FUTURE ME' – TIONSCNAMH MEABHAIRSHLÁINTE €140,000

Fuair Lú Sláintiúil maoiniú €140,000 dá thionscnamh nuálach um meabhairshláinte dhearfach, "DEAR FUTURE ME". Tacóidh an maoiniú seo, a bhronntar tríd an gCiste Comhroinnte um Shláinte agus Folláine Chruthaitheach sa Phobal, leis an tionscadal thar dhá bhliain (2024-2025).

I gcomhpháirtíocht le hIonad Óige Dhún Dealgan agus an tIonad Maighnéid san Iúr, cuirfidh an tionscnamh seo cláir chlaochlaitheacha meabhairshláinte i bhfeidhm do dhaoine óga idir 10-18 mbliana d'aois ar fud Lú, an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

Buaicphointí an Chláir:

- Dul i ngleic le huaigneas, aonrú agus droch-shláintemheabhrach trí ghníomhaíochtaí cruthaitheacha.
- Ceardlanna i dteiripe ealaíne, físeagrafaíocht, na healaíona taibhithe agus cócaireacht ar mhaithe le folláine.
- Gníomhaíochtaí allamuigh ar nós imeachtaí 'Top of the World Hiking' agus 'Picnic in the Park'.
- Imeachtaí pobail 'Dear Future Me' inar féidir le daoine óga a gcuid éachtaí a léiriú agus páirt a ghlacadh in imeachtaí pobail.

## STEP INTO MY WORLD' – AG CUMHACHTÚ GUTHANNA DAOINE GAN DÍDEAN TRÍD AN EALAÍN

Tá €15,000 faighte ag Lú Sláintiúil, i gcomhar le Cuideachta Forbartha Áitiúil Lú agus Rannóg na nDaoine Gan Dídean i gComhairle Contae Lú, ó




Kevin Moran, Ionad Óige Dhún Dealgan, Paula Keenan, Lú Sláintiúil Comhordaitheoir, Comhairle Contae Lú & Teresa Kearney, Bainisteoir, an tIonad Óige Maighnéid, An tIúr

Éire Ildánach le 'Step Into My World' a chur i gcrích, tionscadal nuálach atá dírithe ar ghuthanna agus eispéiris daoine atá thíos le heaspa dídine a chur chun cinn.

Príomhchuspóirí an Tionscadail:

- Ardán cruthaitheach a chur ar fáil dóibh siúd atá i Soláthar Díreach, ionaid tearmainn do mhná, foscadh do dhaoine gan dídean agus seirbhísí téarnaimh ó andúile.
- Úsáid a bhaint as teiripe ealaíne agus scéalaíocht chun cabhrú le rannpháirtithe a réaltachtaí agus a ndúshláin a chur in iúl.
- Scéalta pearsanta a thaifeadadh a roinnfear leis an bpobal i gcoitinne.
- Saothar ealaíne comhoibríoch a chruthú le léiriú go poiblí.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal feasacht a mhúscailt agus stiogma a bhaineann le heaspa dídine a laghdú, agus comhbhá agus tuiscint a chothú i measc an phobail i gcoitinne ag an am céanna.




Ina McCrumlish, Comhordaitheoir Tionscadail, SICAP, CFÁ Lú, Paula Keenan, Comhordaitheoir Lú Sláintiúil & Maeve Harkin, Bainisteoir Cuimsithe Shóisialta, CFÁ Lú

# Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú

Tá ról ríthábhachtach ag Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú (CSÁ Lú) i sochaí níos sláintiúla agus níos gníomhaí go fisiciúil a chothú i gContae Lú. Mar chuid lárnach den Aonad Spóirt laistigh de Chomhairle Contae Lú agus ag feidhmiú faoi threoir straitéiseach Spórt Éireann, tá CSÁ Lú i gcroílár rannpháirtíocht an phobail i spórt agus i ngníomhaíocht choirp. Is leathan ár sainchúram, ach tá sé dírithe ar spórt agus gníomhaíocht choirp a dhéanamh inrochtana, cuimsitheach agus inbhuanaithe do dhaoine de gach aois, cúlra agus cumas.

Oibrímid le daoine aonair, eagraíochtaí pobail, clubanna spóirt áitiúla, scoileanna, agus gníomhaireachtaí reachtúla chun riachtanais a aithint agus freagairt dóibh le tionscnaimh spriocdhírithe, éifeachtacha. Cinntíonn an cur chuige comhoibríoch seo go bhfuil ár gcuid oibre fréamhaithe go domhain i riachtanais an phobail áitiúil agus ailínithe le spriocanna náisiúnta spóirt, sláinte agus folláine.

Tá ár gcuid oibre eagraithe thar cheithre cholún straitéiseacha:

**1. Rannpháirtíocht** – Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine i gContae Lú ar dheiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp, beag beann ar aois, inscne, cumas nó cúlra.

**2. Bonneagair Inbhuanaithe** – Tacaímid le forbairt bonneagair spóirt fhadtéarmacha lena n-áirítear áiseanna, grúpaí pobail agus clubanna spóirt.

**3. Oideachas agus Oiliúint** – Cumhachtaímid cóitseálaithe, oibrithe deonacha agus ceannairí pobail tríd an eolas agus na scileanna a theastaíonn uathu a chur ar fáil dóibh chun deiseanna rannpháirtíochta sábháilte, ardchaighdeáin agus cuimsitheacha a sholáthar.

**4. Mol Faisnéise** – Feidhmímid mar fhoinse lárnach faisnéise agus acmhainní le haghaidh rannpháirtíochta i spóirt agus maireachtáil shláintiúil ar fud an chontae.

## FORBHREATHNÚ AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ 2024

Bliain fáis, nuálaíochta agus rannpháirtíochta pobail níos doimhne ab ea 2024 do Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú. I rith na bliana, chuireamar 534 clár, imeacht, tionscnamh agus ceardlann ar fáil san iomlán, rud a léirigh buaicphointe nua i scála ár ngníomhaíochta agus ár bhfor-rochtana.

Shroich na cláir seo 21,705 rannpháirtí le chéile, rud a léiríonn méadú suntasach bliain i ndiaidh bliana agus a léiríonn éifeachtacht ár straitéisí for-rochtana agus ár gcomhoibriú pobail. Ní hamháin go bhfuil an méadú seo faoi uimhreacha, léiríonn sé muinín atá ag fás inár seirbhísí, fonn atá ag fás ar stíl mhaireachtála ghníomhach sa chontae, agus neart na gcomhpháirtíochtaí atá cothaithe againn.

Miondealú ar phríomhfhigiúirí rannpháirtíochta:

**9,536 rannpháirtí sna déaga**

Fianaise ar ár n-infheistíocht i rannpháirtíocht na hóige, i gcomhpháirtíochtaí scoile, agus i gcláir forbartha ceannaireachta.

**5,202 rannpháirtí baineann**

Ag léiriú rannpháirtíocht láidir trí thionscnaimh ar nós Her Moves, HER Outdoors Week, agus oiliúint faoi stiúir na mban.

**3,672 rannpháirtí baineann déagóirí**

Ag tabhairt aghaidh ar cheann de na dúshláin is suntasaí atá roimh an spórt — cailíní sna déaga a choinneáil i mbun gníomhaíochta coirp — trí chláir spriocdhírithe, tacúla.

**2,168 rannpháirtí faoi mhíchumas**

Ag léiriú tiomantas CSÁ Lú don chuimsiú agus rath tionscnamh ar nós rothaíocht do dhaoine faoi mhíchumas, Peil do Chách, agus oiliúint chuimsitheach do chóitseálaithe agus d'oibrithe deonacha.

Léiríonn na figiúirí seo ní hamháin méid na rannpháirtíochta ach éagsúlacht agus doimhneacht ár dtionchair chomh maith. Leanann ár gcuid oibre ag forbairt mar fhreagairt ar riachtanais phobail atá ag athrú, agus táimid bródúil as fás a fheiceáil i ngach príomhghrúpa déimeagrafach.

## RANNPHÁIRTÍOCHT

Tugadh croí-mhisean CSÁ Lú chun cinn maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a mhéadú trí 404 tionscnamh saincheaptha a sheachadadh in 2024. Reáchtáladh na tionscnaimh seo i dtimpeallachtaí éagsúla chun inrochtaineacht a chinntiú, amhail clubanna spóirt, grúpaí pobail, bunscoileanna agus meánscoileanna, ionaid phobail, bealaí glasa, páirceanna, agus ardáin fhíorúla.

I measc na bpríomhghníomhaíochtaí bhí réimse leathan roghanna, ó Spóirt Eachtraíochta Allamuigh ar nós Cadhcáil, Treodóireacht, Cnocadóireacht, SUP, agus Snámh in Uisce Oscailte, go Spóirt Foirne ar nós CLG, Sacar, Cispheil, agus Rugbaí. Ní hamháin gur spreag sé seo gníomhaíocht choirp ach chuir sé scileanna sóisialta, obair foirne agus athléimneacht chun cinn chomh maith.

Thacaigh tionscnaimh Sláinte & Gníomhaíochta Coirp ar nós Lóga, Pilates, Siúl Nordach, agus Siúl Gníomhachtaithe le folláine choirp agus mheabhrach araon. Rud tábhachtach, leathnaíomar ár gcláir Spóirt Chuimsitheacha chomh maith le roghanna ar nós GAA All Stars, Peil do Chách, Treodóireacht Chuimsitheach, agus Rothaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Rinneadh na tionscnaimh seo a sheachadadh agus tuiscint ar riachtanais agus ar bhacainní na rannpháirtithe á fáiltiú, rud a chinntigh timpeallachtaí fáilteacha, tacúla do dhaoine ó gach cúlra.

# Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú

## BONNEAGAIR INBHUANAITHE

In 2024, lean CSÁ Lú lena thiomantas chun bonneagair spóirt láidre, chuimsitheacha a chothú i gContae Lú a thacóidh le rannpháirtíocht sna blianta amach romhainn.

Dháileamar **€63,000 i maoiniú deontais** trí mheicníochtaí éagsúla, lena n-áirítear:

- **Scéim Deontais do Chlubanna Beaga:** Cuireadh tacaíocht airgeadais ríthábhachtach ar fáil chun trealamh agus cláir a fhorbairt.
- **Maoiniú Tacaíochta Deonach:** Chuidigh siad le clubanna oibrithe deonacha a earcú, a oiliúint agus a choinneáil.
- **Maoiniú Cláir:** Cumasaíodh cur i bhfeidhm tionscnamh gníomhaíochta coirp nua nó leathnaithe ar an leibhéal áitiúil.

## BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Chun acmhainn na n-oibrithe deonacha agus na gcóitseálaithe a neartú i gclubanna spóirt agus i ngrúpaí pobail ar fud Chontae Lú, d'éascaigh CSÁ Lú 92 ceardlann agus cúrsa oiliúna i rith 2024.

I measc na gcúrsaí seo a leanas a cuireadh ar fáil, bhí:

- Oiliúint um Chosaint Leanaí (Leibhéil 1, 2, 3)
- Cuimsiú Daoine faoi Mhíchumas agus Uathachas sa Spórt
- Cóitseáil Cailíní sna Déaga
- Cóitseáil Leanaí
- Ceannaireacht Óige
- Oiliúint do Cheannairí Gníomhaíochta Coirp (PALS)
- Foghlaim conas rothaíocht a dhéanamh
- Oiliúint Ceannaire Siúlóide

## MOL EOLAIS

Feidhmíonn CSÁ Lú mar ionad cuimsitheach faisnéise agus treorach do spórt agus gníomhaíocht choirp sa chontae.

I measc buaicphointí cumarsáide le linn 2024, bhí:

- **92,811** cuairteoir ar an suíomh gréasáin
- **4,098** Leantóir Facebooks
- **843** Leantóir Instagram
- **12** alt agus fógra a foilsíodh sa phreas áitiúil
- **5** leabhrán threoracha gníomhaíochta coirp arna dtáirgeadh agus arna ndáileadh ar ionaid phobail, scoileanna agus comhpháirtithe sláintes



Tagairt 1 – Rannpháirtithe ar Shiúlóid Oíche i Sléibhte Chuaille mar chuid de HER Outdoors 2024


Tagairt 2 – Íóga Trá ar Thrá an Phoirt mar chuid de HER Outdoors 2024


Tagairt 3 – Páistí Scoile Áitiúla ag baint úsáide as Glasbhealach Chairlinn le linn Sheachtain na Rothar


Tagairt 4 – Leanaí Áitiúla ag glacadh páirte i gceardlann Sábháilteachta Rothar mar chuid de Sheachtain na Rothar 2024

# Comhpháirtíocht Spóirt
Comhpháirtíocht Spóirt



Tagairt 5 – Déagóirí ag glacadh páirte i nGradam Leibhéal 1 i gCeannaireacht Spóirt in Ionad Spóirt Dhún Dealgan



Tagairt 9: Cailíní ag glacadh páirte i gCluichí Ceannais Sraith Chailíní Scoile Lú 2024.



Tagairt 6: An lucht féachana i láthair ag Gradaim Oibrithe Deonacha Spóirt CSÁ Lú 2024




Tagairt 10: Cóitseálaithe a chuir an Oiliúint um Chuimsiú Míchumais trí CSÁ Lú i gcrích




Tagairt 7: Buaiteoir an ghradaim ar an stáitse le Oreena Lawless, Cathaoirleach CSÁ Lú, an Comhairleoir John Reilly, & Louise Burke Spórt Éireann.



Tagairt 11: Páistí ag glacadh páirte i seisiún CLG do Chách i Roche Emmets GFC




Tagairt 8: Baill de Ghrúpa Siúil Connect FRC Droichead Átha a chuir a gcuid oiliúna do Cheannairí Siúil i gcrích 4




Tagairt 11: Páistí ag glacadh páirte i seisiún CLG do Chách i Roche Emmets GFC

# Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú

## ÁISEANNA SPÓIRT LÚ 2024

In 2024, lean Áiseanna Spóirt Chomhairle Contae Lú lena misean a sheachadadh ó thaobh deiseanna spóirt ionchuimsitheacha ardcháilíochta agus gníomhaíochta coirp a chur ar fáil do bhaill uile an phobail. Léiríonn méadú suntasach ar rannpháirtíocht i measc na ngrúpaí aoise uile fás, beocht agus ábharthacht leanúnach na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Léiríonn an tuarascáil seo an fás suntasach rannpháirtíochta, rath na gclár, forbairtí caipitil, agus tionscnaimh rannpháirtíochta pobail chuimsitheacha ar fud ár n-áiseanna.

## PRÍOMHÉACHTAÍ AGUS BUAICPHOINTÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA:

- Mheall Cláir Ghníomhacha do Dhaoine Fásta (50+) agus Cispheil do Leanaí breis is 12,000 rannpháirtí an ceann.
- Bhí níos mó ná 6,000 duine i láthair i ngach ceann de na ranganna aclaíochta agus i ngníomhaíochtaí ilspóirt do dhaoine faoi mhíchumas.
- Ag Staidiam Lúthchleasaíochta Lourdes, bhain breis is 2,500 úsáideoir ócáideach leas as an raon agus léirigh 2,000 duine a bhí i láthair i ranganna aclaíochta rannpháirtíocht láidir an phobail.

Is fianaise ar an bhfreagra dearfach ón bpobal iad na staitisticí foriomlána ar ár gcuimsitheacht agus cláir dea-struchtúrtha.

| **Ionad Spóirt Dhún Dealgan** | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht leanaí i nGníomhaíochtaí Sacair | **4,000** |
| Rannpháirtíocht daoine fásta i nGníomhaíochtaí Sacair | **700** |
| Rannpháirtíocht leanaí i Seisiúin Lúthchleasaíochta | **320** |
| Rannpháirtíocht leanaí i ngníomhaíochtaí ilspóirt (gníomhaíochtaí/campaí tar éis scoile) | **3,600** |
| Daoine faoi mhíchumas a ghlacann páirt i nGníomhaíochtaí Ilspóirt | **6,000** |
| Rannpháirtíocht i Ranganna Aclaíochta | **6,000** |
| Cláir Ghníomhacha do Dhaoine Fásta 50+ | **12,000** |
| Rannpháirtíocht Leanaí i gCispheil | **12,000** |
| Úsáideoirí Ócáideacha, e.g., Leadóg bhoird, Liathróid Phicile agus Badmantan, Leadóg | **3,000** |
| **Staidiam Lúthchleasaíochta Lourdes** | |
| Úsáideoirí Ócáideacha an Raoin | **2,500** |
| Úsáideoirí Faiche Bollaí | **1,500** |
| Clubanna agus Grúpaí arna nÉascú | **800** |
| Ranganna Aclaíochta | **2,000** |

## GRADAM AN CHAIGHDEÁIN CÁILÍOCHTA NÁISIÚNTA (NQS)

Tá Gradam NQS Sármhaith (Óir) bainte amach ag Ionad Spóirt Dhún Dealgan don séú bliain as a chéile agus é an seachtú gradam in ocht mbliana. Bronntar Gradam an Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta ar shaoráidí a chomhlíonann na caighdeáin oibriúcháin d'áiseanna fóillíochta agus aclaíochta thar 250 critéar atá bunaithe ar cháilíocht. Tá an caighdeán deartha chun feabhsú leanúnach a spreagadh san earnáil agus aithníonn sé saoráidí as a gcaighdeáin shuntasacha i réimsí na sábháilteachta, an tsláinteachais, na seirbhíse do chustaiméirí agus acmhainní daonna. Is í gradam NQS an t-aon ghradam atá sainiúil don tionscal don earnáil fóillíochta, sláinte agus folláine in Éirinn.



Rannpháirtithe Damhsa Gníomhacha le Seisiún Treoraithe ag Teagascóir



40 Duine Scothaosta ag Glacadh Páirt i Seisiún Aosaithe Ghníomhaigh



Tagairt 17: Ag glacadh páirte i Seisiún Nirt & Cothromaíochta in Ionad Spóirt Dhún Dealgan



60 Duine Scothaosta le linn Seisiún Iógа Cathaoireach



Obair Uasghrádaithe ar Staidiam Lourdes ar siúl le linn 2024.




Forbhreathnú ar Oibreacha Uasghrádaithe ar Staidiam Lourdes a Críochnaíodh in 2024

## STAIDIAM ACLAÍOCHTA LOURDES

Príomhimeachtaí ag Staidiam Lourdes

- Imeachtaí Bollaí: Reáchtáladh ceithre mhórimeacht in 2024, ag tosú leis an gcéad cheann ar an 29 Bealtaine.
- Cluichí Pobail Lú (25 Bealtaine): Reáchtáladh comórtais lúthchleasaíochta do pháistí i gcomhpháirtíocht le clubanna áitiúla.
- Seoladh Spóirt Uile (Samhain): Bhí an tAire Thomas Byrne i láthair; cuireann an tionscnamh seo cuimsiú agus fás chun cinn trí spórt.

## OIBREACHA CAIPITIL AR FUD NA BLIANA

Rinneadh infheistíocht shuntasach i Staidiam Lourdes in 2024:

- Seid Stórála Nua (Ean–Feabh): Stóráil shaincheaptha do threalamh lúthchleasaíochta agus cothabhála.
- Suiteáil MUGA (Márta): Éascaíonn Campaí Aclaíochta agus aclaíocht lasmuigh.
- Athchóiriú Stiúideo agus Fáiltithe (Bealtaine–Lúnasa): Tacaíonn stiúideo nua le ranganna agus cuireann sé spás sóisialta ar fáil.
- Leithris Inrochtana: Cuireadh leis i mí Aibreáin le tacaíocht ó CSA Lú, rud a fheabhsaíonn rochtain ar áiseanna.
- Feabhsuithe ar an bhFáiltiú: Chruthaigh na huasghráduithe deiridh i mí Lúnasa timpeallacht níos fáiltí agus níos sábháilte.

Chun tús a chur leis an mbliain nua, cuireadh tús le hOibreacha Caipitil ag leibhéal an raoin, agus an tseid stórála nua á thógáil atá suite taobh thiar den túslíne 110m. Mhair tógáil an tseid ó Eanáir go Feabhra. Tá an trealamh lúthchleasaíochta, babhlála agus cothabhála go léir sa tseid stórála nua. Ina theannta sin, tá cásanna stórála ann do gach club laistigh den phobal chun a dtrealamh lúthchleasaíochta féin a stóráil. I mí an Mhárta bhog an staid i dtreo infheistíochta an MUGA (Limistéar Ilúsáide Cluichí), ina bhfuil an Campa Aclaíochta Allamuigh anois. I mí Aibreáin, críochnaíodh na hoibreacha caipitil lasmuigh go léir ag bogadh isteach i mí na Bealtaine nuair a cuireadh tús leis na hoibreacha laistigh. Laistigh den Staidiam, tá stiúideo agus fáiltiú nuathógtha. An seomra stiúideo atá ann anois, a bhíodh ina sheomra stórála do gach trealamh lúthchleasaíochta, is spás lánfheidhmiúil anois é a fhreastalaíonn ar Neart agus Cothromaíocht agus inar féidir leis na Babhlálaithe cupán tae a dhéanamh. Ag deireadh mhíonna an tsamhraidh, suiteáladh leithris nua lasmuigh agus an leithreas do dhaoine faoi mhíchumas, maoinithe ag an gComhpháirtíocht Spóirt Áitiúil, agus is rudaí breise iontacha iad don tsaoráid, go háirithe le linn áirithintí club. I mí Lúnasa, cuireadh na bailchríocha deiridh i bhfeidhm agus uasghrádaíodh an limistéar fáiltithe le comhlaí nua agus haiste.

# Comhshaol

## FORFHEIDHMIÚ BRUSCAIR

Tá 6 mhaor bruscair lánaimseartha i gContae Lú agus in 2024, críochnaíodh 1,579 imscrúdú agus patról bruscair. Déantar gníomh forfheidhmithe nuair a fhaightear fianaise ó na himscrúduithe seo. Leanann na maoir bhruscair orthu ag fiosrú gach tuairisce a fhaigheann Comhairle Contae Lú faoi bhruscar agus dumpáil mhídhleathach laistigh de cheantair uirbeacha agus thuaithe. Leanann siad freisin de bheith ag plé le gnólachtaí ag tabhairt comhairle ar bhearta maolaithe bruscair agus ag déanamh patróil ghníomhach ar láithreacha móra bruscair. Baintear comharthaíocht mhídhleathach freisin agus eisítear fógraí pionóis seasta dá réir.

## FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

Lean Oifigigh Forfheidhmithe Dramhaíola Chomhairle Contae Lú ag fiosrú gearáin dramhaíola agus cásanna mídhleathacha dramhaíola in 2024.

Cuireadh trí scéim i gcrích i gCo. Lú faoin "Tionscnamh Frithdhumpála" 2024 a raibh Imeacht Maithiúnais Tochtanna agus Tolg i dtrí cheantar i gCo. Lú, Dún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia. Ceadaíodh leithdháileadh deontais iomlán de €76,800 do Chomhairle Contae Lú chun na tionscadail seo a chur i gcrích. D'éirigh le Comhairle Contae Lú 2,144 tocht agus 2,090 tolg a bhailiú le linn na n-imeachtaí seo.

Reáchtáladh 5 phointe seiceála ilghníomhaireachta san iomlán in 2024, i gcomhar leis an nGarda Síochána, an NTFSO agus an tÚdarás Sábháilteachta ar na Bóithre. Úsáideann foireann Forfheidhmithe Dramhaíola na seicphointí seo chun iompar dramhaíola laistigh de Chontae Lú agus trasna na teorann le Tuaisceart Éireann a sheiceáil.

Tháinig an Scéim Éarlaise agus Aisíoca i bhfeidhm an 1 Feabhra 2024.

Tá an Rannóg um Bainistíocht Dramhaíola agus Comhshaoil freagrach as forfheidhmiú na reachtaíochta atá mar bhonn leis an scéim. Ní mór don fhoireann a chinntiú go gcomhlíonann na háitribh uile atá faoi oibleagáid ceanglais na reachtaíochta, lena n-áirítear:

- Scéim aisghlactha i bhfeidhm
- Gan ach táirgí a bhfuil lógó le feiceáil orthu a dhíol
- Clárú leis an gcomhlacht ceadaithe

I measc gníomhaíochtaí eile forfheidhmithe dramhaíola a rinneadh in 2024 bhí:

- Baint sloda díosail ghuaiseach atá dumpáilte ar fud an chontae ag láithreacha éagsúla
- Imscrúdú de Tógáil agus Gearáin agus cásanna scartála
- Cigireacht agus bailíochtú Ceadúnais Bailithe Dramhaíola, Ceadanna Saoráidí Dramhaíola agus Deimhnithe Clárúcháin
- Athbhreithniú ar fhógraí Airteagal 27
- Iniúchadh ar Shaoráidí Feithiclí Deireadh Saoil
- Iniúchadh ar Shaoráidí Cóireála Údaraithe
- Bainistíocht ar láithreáin Áise Cathartha
- Forfheidhmiú Fodhlíthe um Scaradh, Stóráil agus Cur i Láthair Dramhaíola Tí agus Tráchtála

# Rialachán Cáilíochta Aer, Torann agus Uisce

## RIALÁIL AEIR AGUS TORAINN

Tá 6 mhaor bruscair lánaimseartha i gContae Lú agus in 2024, críochnaíodh 1,579 imscrúdú agus patról bruscair. Déantar gníomh forfheidhmithe nuair a fhaightear fianaise ó na himscrúduithe seo. Leanann na maoir bhruscair orthu ag fiosrú gach tuairisce a fhaigheann Comhairle Contae Lú faoi bhruscar agus dumpáil mhídhleathach laistigh de cheantair uirbeacha agus thuaithe. Leanann siad freisin de bheith ag plé le gnólachtaí ag tabhairt comhairle ar bhearta maolaithe bruscair agus ag déanamh patróil ghníomhach ar láithreacha móra bruscair. Baintear comharthaíocht mhídhleathach freisin agus eisítear fógraí pionóis seasta dá réir.

Sa bhliain 2024, leanfaidh Comhairle Contae Lú de bheith ag líonadh a gclár breoslaí soladacha, a bunaíodh leis an aidhm gach ceannaí, miondíoltóir agus táirgeoir breoslaí soladacha i gContae Lú a aithint agus liosta a dhéanamh de na táirgí go léir atá á ndíol. Chun an clár seo a fhás, díríodh cigireachtaí den chuid is mó ar na sráidbhailte tuaithe beaga nár cigiríodh roimhe seo nó nár clúdaíodh faoin gcosc ar ghual deataithe agus nárbh eol dóibh b'fhéidir go raibh an cosc íseal deataigh i bhfeidhm cheana féin. Cuireadh ar ár gcumas muid dá réir sin clár miondíoltóirí a bhunú nár cigiríodh nó nár aithníodh cheana féin mar sholáthraithe féideartha breoslaí soladacha. Mar gheall ar ár bhfócas ar na réimsí seo agus ar mhiondíoltóirí nua, bhí Comhairle Contae Lú in ann feasacht a mhúscailt faoi na Rialacháin maidir le Breosla Soladach 2022 agus aird a tharraingt ar fhreagrachtaí na dtáirgeoirí miondíoltóirí faoi na Rialacháin. Sa bhliain 2024, rinne Comhairle Contae Lú cigireachtaí a chuimsigh meascán de Stáisiúin Seirbhíse, Ollmhargaí, Siopaí, Siopaí Crua-earraí/DIY agus Ceannaithe. Is cosúil go raibh feasacht fheabhsaithe i measc miondíoltóirí ar na Rialacháin maidir le Breosla Soladach i gcomparáid leis na cigireachtaí a rinneadh anuraidh. Tugadh faoi deara go raibh na Rialacháin á gcomhlíonadh go maith ar an iomlán le linn na gcigireachtaí uile.

Leanadh le monatóireacht aeir chomhthimpeallaigh i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha, i gcomhar leis an EPA. Léiríodh sna torthaí uile maidir le monatóireacht cháilíochta aeir a rinneadh sa dá bhaile go gcomhlíonann siad na Caighdeáin Cháilíochta Aeir do 2024. Rinneadh monatóireacht bhreise aeir i gCalafort an Ghrianfoirt. Rinneadh iniúchtaí breise faoi na Rialacháin um Péinteanna Maisiúcháin, Tuaslagóirí agus Gal Peitriliam. Chuir Comhairle Contae Lú Plean Gníomhaíochta Torainn nua (Babhta 4 2024 – 2029) i bhfeidhm i mí Iúil 2024, i ndiaidh tréimhse comhairliúcháin phoiblí agus cur i láthair an dréachtphlean do bhaill Chomhairle Contae Lú. Rinneadh scagadh ar Mheasúnú Cuí agus scagadh ar Mheasúnú Straitéiseach Tionchair Chomhshaoil mar chuid de fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta Torainn go luath in 2024 freisin.

## CÁILÍOCHT UISCE

Rinneadh 59 n-iniúchadh feirme in 2024 chomh maith le cigireachtaí breise maidir le leathadh talmhaíochta agus gearáin faoi bholadh. Cuireadh ceithre fheirm faoi bhráid an chomhlíonta trasna agus tionscnaíodh caingean dlí amháin faoi na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta, 2022.

Rinneadh 12 iniúchadh ar umar seipteach in 2024, lenar áiríodh réamhchruinniú leis na húinéirí tí chomh maith le cigireacht iomlán ar an láthair. Sa bhliain 2024, bhí 31 ceadúnas gníomhach Alt 4 do Dhoirteadh ag Comhairle Contae Lú, a ndearnadh cigireacht orthu agus a ndearnadh iniúchadh orthu i rith na bliana. Tá caingean dlí ar siúl i gcoinne ceithre Cheadúnas neamhchomhlíontacha faoi Alt 4 agus tá oibreacha feabhsúcháin ar siúl. Is éard a bhí i gceist le monatóireacht bhreise ar cháilíocht an uisce a rinneadh in 2024 ná 153 sampla abhann a thóg an fhoireann Chomhshaoil le haghaidh monatóireacht oibriúcháin agus imscrúdaithe i ndobharcheantair roghnaithe. Bhí 104 gearán faoi thruailliú uisce a fuarthas agus a dúnadh iad freisin le linn 2024. Tá 4 thrá ainmnithe laistigh de Chontae Lú, is iad sin Baile an Teampaill, an Calafort, Ceann Chlochair agus Rinn na Mara. Cuireadh tús le séasúr snámha 2024 an 1 Meitheamh agus chríochnaigh sé ar an 30 Meán Fómhair, agus glacadh 148 sampla. Eisíodh Fógraí Toirmisc do thrá Rinn na Mara an 6 Meitheamh, an 27 Iúil agus an 21 Lúnasa 2024. Cuireadh fógra toirmisc shealadaigh i bhfeidhm ar thrá Cheann Chlochair ar an 4 Meán Fómhair 2024 freisin mar gheall ar shampla uisce neamhchomhlíontach a cuireadh i leith báisteach throm agus an rith chun srutha gaolmhar. Dheimhníodh le sampláil ina dhiaidh sin i ngach cás gur fhill na paraiméadair laistigh dá dteorainneacha tar éis don teagmhas aimsire tarlú. Rinneadh imscrúdú ar na neamhchomhlíonta seo i gcomhréir leis an bprótacal um Uisce Snámha, rinneadh tairseach EDEN a nuashonrú go leanúnach, cuireadh fógraí ar an trá agus cuireadh na gníomhaireachtaí ábhartha go léir ar an eolas faoin eachtra de réir mar a chuaigh sé ar aghaidh.




DA22
ARGONAUT IV
DA22

# An Oifig Eorpach agus Trasteorann

Tá Coiste na Síochána, ar fochoiste den LCDC é, i gceannas ar Chláir PEACE IV agus PEACEPLUS araon.

## CLÁR PEACE IV

Fuair tionscadail Peace IV tacaíocht ó Chlár PEACE IV an Aontais Eorpaigh, arna bhainistiú ag Foras na gClár Speisialta Eorpach (SEUPB) agus le tacaíocht áitiúil ó Chomhairle Contae Lú agus ó Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú (LCDC). Tá maoiniú meaitseála curtha ar fáil ag Oifig an Fheidhmeannais i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in Éirinn.



Searmanas Fleascleagain ag Cuimhneachán Cogaidh PEACE IV i nDún Dealgan

Scaipeadh an nuachtlitir PEACE IV deiridh ar an 17 Meitheamh 2024.

Tá faisnéis faoi gach tionscadal PEACE IV a rinneadh nuashonraithe ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Lú ag https:// www.louthcoco.ie/en/services/economic-development/ peace-iv/Tá bróisiúr ina bhfuil sonraí faoi gach tionscadal PEACE IV ar fáil le feiceáil ag an nasc seo a leanas - https://www.louthcoco.ie/ en/services/sustainable-energy-cross-border-european- relations/peace-iv/news-events/lcc-peace-iv-programme- book-final.pdf

Chuir an oifig Síochána faisnéis ar fáil freisin d'iniúchtaí rialta leanúnacha ar chlár PEACE IV ag SEUPB.

## CLÁR PEACEPLUS 2021–2027

Is é PEACEPLUS an clár maoinithe nua de chuid an Aontais Eorpaigh atá saincheaptha chun tacú le síocháin agus rathúnas ar fud Thuaisceart Éireann agus contaetha teorann na hÉireann, ag cur leis an obair a rinneadh ar Chláir PEACE agus INTERREG roimhe seo. Leagann dearadh an chláir béim ní hamháin ar iarrachtaí chun síocháin a thógáil ach freisin ar thionscnaimh a mbeidh tionchar dearfach acu ar an ngeilleagar, a chothóidh rathúnas agus a oiriúnóidh do na dúshláin agus don timpeallacht atá ag athrú i gcónaí atá romhainn.

Tá €4.6 milliún leithdháilte faoi thrí théama do Phlean Gníomhaíochta Chomhairle Contae Lú, a cuireadh isteach faoi réimse Infheistíochta PEACEPLUS 1.1:

Téama 1: Athghiniúint agus Claochlú Pobail Áitiúil - 40% den bhuiséad

Téama 2: Pobail Rathúla agus Síochánta - 39% den bhuiséad

Téama 3: Cultúir agus an Éagsúlacht a Cheiliúradh - 21% den bhuiséad

# An Oifig Eorpach agus Trasteorann

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA PEACEPLUS

Glacadh leis an Dréacht Deiridh de Phlean Gníomhaíochta PEACEPLUS ag Comhpháirtíocht PEACEPLUS ag a gcruinniú Coiste ar an 6 Feabhra 2024.

D'fhormheas Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú (LCDC) é ina dhiaidh sin ar an 19 Feabhra 2024 agus tugadh faoi deara é ag cruinniú de Chomhairle Contae Lú ar an 25 Márta 2024. Cuireadh an Plean Gníomhaíochta faoi bhráid Chomhlacht na gClár Speisialta Aontais Eorpaigh (SEUPB) ar an 28 Márta 2024.



Cruinniú Choiste Comhpháirtíochta PEACEPLUS Chontae Lú a tionóladh an 6 Feabhra 2024

## SOLÁTHAR PEACEPLUS

Bhí obair ar siúl i rith 2024 chun a chinntiú go raibh an próiseas soláthair a úsáideadh chun an dá thionscadal caipitil PEACEPLUS a sheachadadh agus earcaíocht gníomhairí seachadta do na cúig thionscadal déag PEACEPLUS eile, ag cloí go hiomlán le rialacháin na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) agus SEUPB. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, dréachtaíodh plean soláthair PEACEPLUS agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Lú. Eisíodh cuireadh chun baill a earcú chuig painéil éagsúla measúnaithe tairisceana. Eagraíodh cruinniú faisnéise soláthair ar líne do thairiscintí ionchasacha i mí na Samhna agus foilsíodh a nótaí treorach ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Lú.

D'oibrigh an t-ealaíontóir Alison O'Grady le rannpháirtithe ó Thionscadal an Dorais Dheirg chun sraith iontach píosaí balla a chruthú atá ar taispeáint anois i Leabharlann Dhroichead Átha. Cuireadh tús le tionscadal Boyne & Beyond le sraith pléghrúpaí dinimiciúla agus seisiúin smaointeoireachta, áit ar scrúdaigh na rannpháirtithe tábhacht Abhainn na Bóinne, go stairiúil agus go pearsanta araon.

De réir mar a d'fhorbair an tionscadal, chinn an grúpa sé chlár téamacha a chruthú, agus gach ceann acu ag léiriú gné dhifriúil de thionchar na Bóinne — óna miotaseolaíocht agus a stair ársa go dtí a thimpeallacht nua-aimseartha agus a naisc shóisialta. Beidh píosaí balla Boyne and Beyond ar taispeáint go buan i leabharlann Dhroichead Átha.



'The Cubbie' i Leabharlann Dhún Dealgan

# Seirbhísí Cultúrtha

### Féile Eolaíochta Lú, 2024

Bhí seachtú Féile Eolaíochta bhliantúil Lú ar siúl ón 10ú go dtí an 17ú Samhain 2024 agus d'fhreastail 2,013 duine ar na himeachtaí.

Le maoiniú agus tacaíocht ó Éire Chruthaitheach trí Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Lú agus Taighde Éireann, bhí sé mar aidhm ag Féile Eolaíochta Lú an eolaíocht a dhéanamh níos spraiúla agus níos inrochtana don phobal ar fad.

Chun an fhéile a dhéanamh chomh hinrochtana agus is féidir agus chun an lucht féachana a uasmhéadú, bhí dhá aonach eolaíochta saor in aisce againn i mbliana i Leabharlann Dhún Dealgan agus in Oifigí Cathartha Dhroichead Átha ar an 10ú agus an 17ú Samhain, faoi seach.

Bhí taispeántais, ceardlanna agus cainteanna do gach aois ar siúl ag na haontaí. I mbliana, bhí cainteanna againn le:

- Anna Geary: Radio & TV Broadcaster, All Ireland Winning Camogie Captain, Performance Coach and Author
- Karl Henry: Fitness Expert, Radio & TV Broadcaster, Author, and Podcast Host
- Nuala Moore: snámhaí foircneach, snámhaí oighir, snámhaí maratón, cóitseálaí, údar 'Insight into The World of Ice Swimming' agus 'Limitless'
- An Dr. Niamh Shaw: innealtóir, eolaí, scríbhneoir agus taibheoir a vótáladh le déanaí mar cheann de na cumarsáideoirí eolaíochta agus speisialtóirí STEAM is mó le rá in Éirinn.
- Comhrá le Ella ón ionad idirghníomhach do chuairteoirí ag cur feasacht éiceolaíoch agus maireachtáil inbhuanaithe chun cinn.

Bhí ceardlanna le Circus 250, an Dr. Barry Fitzgerald, an tIonad Athfhionnachtana, Anyone4Science, Go Fly Your Kite, Origami, agus Yoga i láthair chomh maith.

Leanadh le comhoibriú Sheirbhís Leabharlainne Lú le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (DKIT), iCrag, Aerchór na hÉireann, agus Met Éireann, chomh maith lenár mbunscoileanna agus meánscoileanna áitiúla, mar chuid den fhéile in 2024.

### Clár Comórtha Chomhairle Contae Lú, 2024

Le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltacht, Spóirt agus Meán, reáchtáil Seirbhís Leabharlainne Lú sraith léachtaí saor in aisce san fhómhar le húdair, staraithe agus craoltóirí ceannródaíocha, arna éascú ag Pegasus Media & Consulting Ltd. I measc na topaicí a pléadh, áirítear Last Land War' le Dr. Myles Dungan, 'The Big House and the Irish Civil War' le John Dorney, 'Reaching for the stars – de Valera and America' le Dr. David McCullagh agus 'The Irish Diaspora' le Turtle Bunbury.



Ceardlann Circus 250 i Leabharlann Dhún Dealgan do Fhéile Eolaíochta Lú




David McCullagh i Leabharlann Dhún Dealgan mar chuid de shraith léachtaí an chláir chomórtha

# Seirbhísí Cultúrtha

## SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

Cheiliúir Seirbhís Leabharlainne Lú Seachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) i mí Mheán Fómhair. Aithníonn an Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (2022-2024) leabharlanna mar gheallsealbhóirí tábhachtacha, ag aithint a ról mar institiúidí inbhuanaithe a chuidíonn le heolas, tuiscint agus acmhainní a sholáthar do phobail trí thionscnaimh, éascú agus rannpháirtíocht na saoránach. Reáchtáil Seirbhís Leabharlainne Lú comórtas ealaíne do pháistí i gcomhar le Foireann Ghníomhaíochta Aeráide Chomhairle Contae Lú leis an téama, "Cén chuma ba chóir a bheith ar ghníomhú aeráide i gContae Lú?", rud a léirigh sprioc 13 den SDG: Gníomhú Aeráide.

## BUAICPHOINTÍ EILE Ó IMEACHTAÍ GINEARÁLTA

- **Cuireadh tús le Féile 'Áit Bhreithe Bhríde i Lú', Bríd 1500**, i mí Eanáir, agus bhí imeachtaí cruthaitheacha do leanaí agus do dhaoine fásta ar siúl i Leabharlanna Bhaile Átha Fhirdhia, Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan. Bhí ceardlann iontach Brídóg ar siúl le Shauna Swords inar dhear agus inar cheardaigh na rannpháirtithe chun Bríd 1500 a cheiliúradh.
- **Lá Idirnáisiúnta na mBan** — d'éascaigh an t-ealaíontóir Susan Farrelly ceardlann ealaíne meán measctha do dhaoine fásta i nDún Dealgan ar an 5 Márta agus i Leabharlann Dhroichead Átha ar an 12 Márta.
- **Seachtain na Gaeilge** 1-17ú Márta. Chun Seachtain na Gaeilge a mholadh, bhaineamar úsáid as ár gcuid Gaeilge le taispeántais agus eachtraí. Chun Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh, bhaineamar úsáid as ár gcuid Gaeilge trí thaispeántais agus imeachtaí. Reáchtáil Leabharlanna Dhún Dealgan, Dhroichead Átha, agus Bhaile Átha Fhirdhia cainteanna idirghníomhacha dátheangacha faoi Stair Céad Bliain na hÉireann do scoileanna leis an údar Carmel Kelly. Reáchtáladh seisiún scéalaíochta dátheangach le Roisin Murphy do mhic léinn.
- **Ceiliúradh Pride 2024** le ham scéalaíochta agus seisiún ealaíne agus ceardaíochta inar chruthaigh páistí scamaill chineáltais ildaite agus thug siad pacáiste gníomhaíochta abhaile leo.
- **Féile na Bealtaine** - Is í an Fhéile Aoise agus Deiseanna seo ceiliúradh náisiúnta na hÉireann ar na healaíona agus cruthaitheacht agus muid ag dul in aois. Bhí sceideal lán imeachtaí ag Seirbhís Leabharlainne Lú i rith mhí na Bealtaine, ina measc ceardlann líníochta leis an éascaitheoir Christine McCourt agus ceardlann líocha agus dúigh leis an ealaíontóir Grainne Murphy. Reáchtáil Leabharlann Dhroichead Átha ceardlann ar 'Rianú Stair do Theaghlaigh Éireannaigh'.
- **Seachtain na hOidhreachta, 17-25 Lúnasa 2024** — Chuir Leabharlann Dhroichead Átha físeán le chéile ó Mhainistir Bhuithe, ceann de na suíomhanna oidhreachta is fearr i Lú, a mheallann turasóirí ó gach cearn den domhan chun an Túr Cruinn agus an Chrois Ard a fheiceáil. Sruthlaíodh an físeán ar leathanach Facebook na leabharlainne chun Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh.
- **Oíche Chultúir, 20 Meán Fómhair** — Rinne Leabharlann Bhaile Átha Fheirdia ceiliúradh ar cheol Oíche Chultúir ón mbanna ceolchoirme Intermezzo Ensemble ó Bhaile Átha Fhirdhe agus ón mbanna uicéile áitiúil Uke n' Rollers. D'óstáil Leabharlann Dhún Dealgan oíche 'Ceardaíocht agus Ceoil' le Scoraíocht Lann Léire ag cur ceol traidisiúnta na hÉireann ar fáil.




Rinne an t-ealaíontóir Susan Farrelly ceardlann ealaíne meán measctha #inspireinclusion a éascú chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh.



Rannpháirtithe ag ceardlann Brídóg leis an ealaíontóir Shauna Swords i Leabharlann Dhún Dealgan

## Seirbhís Ealaíon Lú

Rinne Seirbhís Ealaíon Chontae Lú réimse leathan gníomhartha in 2024 ag tacú le forbairt seirbhísí ealaíon agus cultúrtha mar atá leagtha amach inár bPlean Forbartha Ealaíon 2022-2026 agus inár Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023-2027.

## Development & Community

Leanann an tSeirbhís Ealaíon de thacaíocht a thabhairt do raon leathan clár agus clár cónaitheachta ealaíontóirí i Creative Spark, Ionad Ealaíon An Táin agus Ionad Ealaíon Droichead. Ina theannta sin, mar thoradh ar chlársceidealú díreach ón tSeirbhís Ealaíon, agus dul i gcomhairle le comhpháirtithe straitéiseacha, bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas mar thoradh orthu:

# Seirbhísí Cultúrtha

### Ceol & Siamsaíocht i Suíomhanna Cúraim Sláinte:

Mar chuid dár gclár Bealtaine i mí na Bealtaine, tugadh cuairteanna ar shé shuíomh cúram sláinte ar fud an chontae inar ghlac ceoltóirí páirt, ina measc Liam Merriman, Grainne Hope agus Lisa McGuinness. Tríd an gclár Éire Chruthaitheach atá againn, thacaíomar le seisiúin teiripe ceoil i suíomh Cúraim Lae Birches d'othair a bhfuil galar Alzheimer orthu freisin.

### TACAÍOCHT SCANNÁN & AMHARCLANNAÍOCHTA:

Trí ár gcláir ealaíon, thacaíomar le forbairt agus léiriú 3 scannán, a taifeadadh ar fad ar an láthair i gContae Lú agus a léirigh nó a stiúraigh scannánóirí atá lonnaithe i gContae Lú iad uile. Tá go leor den fhoireann teicneolaíochta agus aisteoirí a bhí páirteach sna scannáin ina gcónaí i Lú nó lonnaithe ann freisin. Thugamar tacaíocht do dhráma nua, 'Cén Fáth a bhfuil Tú Anseo?' leis an scríbhneoir áitiúil Radhika Iyer a léiríodh den chéad uair in An Táin i mí Mheán Fómhair. Dhírigh an dráma idirghníomhach ar an gcaidreamh a bhí ag bean inimirceach Indiach lena máthair agus chonaiceamar na haisteoirí ag ullmhú agus ag freastal béile Indiach ar an lucht féachana. Chomh maith leis sin, thacaíomar le léiriú Quintessence ar 'The Bród, The Bold and The Beautiful,' dráma le téama bróid a dhíríonn ar thriúr daoine, gach duine acu rugadh i ndeich mbliana dhifriúil, agus gach duine acu ag déileáil le saincheisteanna claontachta agus féiniúlachta mar dhuine den phobal LADTA.



An ceoltóir Liam Merriman ag seinm i dTeach Altranais Naomh Seosamh mar chuid de chlár na Bealtaine. Photo credit: Dave Keegan

### DEONTAIS & DÁMHACHTAINÍ

In 2024, lean an tSeirbhís Ealaíon de raon sparántachtaí agus dámhachtainí a chur ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí i Lú, lena n-áirítear: Deontais faoin Acht Ealaíon & Scéim Cheannaigh Uirlisí Ceoil Scoile. Bronnadh 38 deontas agus sparánacht san iomlán le linn 2024.

Chomh maith leis an scéim deontais, thacaíomar le féilte lena n-áirítear Féile Ealaíon Dhroichead Átha, Deireadh Seachtaine Ceoil Thraidisiúnta Dhroichead Átha, Sraith Ceoil Chlasaicigh Dhroichead Átha, Lú Cumann Ceoil Chomhaimseartha, Féile na Bóinne, Sraith Sean Corcoran, Féile Show Your Roots, Féile na Cláirsí, Féile Scannán Lú agus Féile na Tána. Chomh maith leis sin, thugamar tacaíocht do Lá Domhanda na hAfraice, agus do roinnt tionscadal eile lena n-áirítear priontáil leabhar filíochta agus ceannach leabhar atá Cairdiúil do Dhisléicsí do Scoileanna Deis.



Faigheann ball óg den lucht féachana blaiseadh den réaltacht fhíorúil i gceann de na taispeántais mar chuid de Fhéile Ealaíon Dhroichead Átha 2024. Creidmheas grianghraf: Jenny Callanan

### Eolas & Comhairle

Is é an suíomh gréasáin www.createlouth.ie an mol do mhaoiniú, imeachtaí, deiseanna, tionscadail agus acmhainní do na hEalaíona i Lú. Leanaimid de bheith ag soláthar eolais agus tacaíochta d'ealaíontóirí áitiúla ar na hacmhainní atá ar fáil dóibh agus ar na tacaíochtaí is féidir linn a chur ar fáil i rith na bliana. Cuirtear eolas agus comhairle ar fáil tríd an oifig ealaíon trí ríomhphost ag arts@louthcoco.ie

Tá an Oifig Ealaíon tar éis clár Sábháilte le Cruthú a shíniú freisin, rud a chinntíonn go gcuirtear oiliúint ábhartha ar fáil agus go dtacaítear léi ag gach duine a oibríonn sa tionscal chun spás sábháilte oibre a dhéanamh de. Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gclár Safe to Create féach anseo. Leanann Comhairle Ealaíon na hÉireann de réimse faisnéise agus pacáistí maoinithe a chur ar fáil d'ealaíontóirí. Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi na sruthanna maoinithe agus an obair a dhéanann siad, féach anseo.

### CLÁRÚ EALAÍNEACHA

### Imeachtaí Óige:

Leanann an oifig ealaíon de bheith ag tacú le seachadadh ealaíon do dhaoine óga an chontae. Trí ár ndeontais, thacaíomar le clubanna drámaíochta iarscoile, scoileanna samhraidh drámaíochta agus ceardlanna céadfacha i scoileanna a bhfuil riachtanais bhreise acu. Thugamar tacaíocht d'Ionad Óige Dhún Dealgan le clár meantóireachta ceoil do bhaill a chuir scileanna ar fáil dóibh i gcumadóireacht amhrán agus i saothar gutha.

# Seirbhísí Cultúrtha

### Oíche Chultúir,2024:

Bhí Oíche Chultúir ar siúl ar an 20 Meán Fómhair agus in 2024 bhí an clár is mó againn go dtí seo. Bhí breis is 29 imeacht ar siúl i 19 ionad i gContae Lú, agus bhí gach rud againn ó cheardlanna priontála go ceol beo, taispeántais ealaíne agus ceoldráma i gcaiféanna! I measc na mbuaicphointí bhí ceolchoirm iontach, 'Poems, Bells and Synths', in Eaglais Agaistíneach, arna léiriú ag Michael Holohan. Reáchtáil an t-ealaíontóir Shauna Swords oíche chruthaitheachta in fhoirgneamh Outcomers i nDún Dealgan. Bhí ceol beo i leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia le Ensemble Intermezzo de chuid Bhanna Baile Átha Fhirdhia, agus bhí ceardaíocht agus cruthaitheacht i leabharlann Dhún Dealgan agus Scóraíocht Lann Léire ag soláthar an cheoil chúlra siamsaíochta. Bhí ceol beo, ceardlanna ealaíne amhairc agus scéalaíocht againn in An Táin, agus bhí ceann dá n-imeachtaí 'Night Moves' déanach san oíche ar siúl ag Ionad Ealaíon Dhroichead Átha le léirithe ceoldráma i dtrí chaifé agus bhialann i nDroichead Átha. Sheol Boyne Tradfest a bhféile ar Oíche Chultúir le léirithe sa Tholsel agus bhí ceol beo acu i McHughs. Bhí ceardlanna teaghlaigh, blaiseadh bia agus ceol beo ar siúl i nGailearaí Highlanes agus bhí Mo Chara i nDún Dealgan ina hóstach don ealaíontóir pop AE MAK. D'fhreastail breis is 2,000 duine ar na himeachtaí i Lú, agus rinne breis is 80 ealaíontóir éascaíocht ar na himeachtaí ar an oíche.



Ceardlann teaghlaigh i nGailearaí Highlanes ar Oíche Chultúir

### Clár Comórtha Chomhairle Contae Lú, 2024

Sa bhliain 2024, choimisiúnaigh an oifig ealaíon sraith de 8 gcárta poist ag comóradh imeachtaí tábhachtacha a tharla le linn na tréimhse 1912-1921. Imeachtaí ar nós ionsaí Chnocán an Mhuilinn an túr agus an tÉalú ón bpríosún i nDún Dealgan ag an maisitheoir Alan Dunne agus sholáthair an staraí áitiúil Donal Hall an fhaisnéis chun tacú leis an íomhá. Beidh na tacair le fáil ó leabharlanna áitiúla in earrach na bliana 2025 nuair a sheolfar tacar atá frámaithe go speisialta. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na cártaí poist agus chun leaganacha digiteacha díobh a fheiceáil, féach anseo

Chomh maith leis na cártaí poist, forbraíodh 'Sorcha, Banríon an Chaisleáin' mar chuid dár dtionscadal Deich mBliana na Céad Bliain 2023. Bhí an scéal bunaithe ar an bpríomhcharachtar, Sorcha, agus an t-am a chaith sí mar chailín aimsire i gCaisleán Bellingham le linn na mblianta deacracha siúd. Mar gheall ar an éileamh mór, leathnaíomar an tionscadal, agus cuireadh maoiniú ar fáil chun líon mór leabhar a phriontáil chun 10 gcóip a leithdháileadh ar gach bunscoil sa chontae. Tá an rath agus an glacadh a fuair an leabhar dochreidte agus táimid anois ag forbairt pacáiste scoile le haghaidh scríbhneoireachta agus maisiúcháin a bheidh ceangailte leis an leabhar ó 2025 ar aghaidh.




An scríbhneoir Nicola Cassidy ag síniú cóipeanna de 'Sorcha, Banríon an Chaisleáin' ag ceardlann sa leabharlann do rang a 5 ó Scoil Chaillíní Naomh Malachys.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Oifig Ealaíon agus faoin bPlean Forbartha Ealaíon féach anseo.

### ÉIRE ILDÁNACH

In 2024, chuir Foireann Chultúir Éire Ildánach réimse tionscadal i gcrích, idir thionscnaimh inmheánacha agus tionscadail deontas pobail.

**Thacaigh ciste Deontas Pobail Éire Chruthaitheach le** 13 ghrúpa i dtaighde, i bpleanáil agus i gcur i gcrích tionscadal. I measc na dtacaíochtaí a cuireadh ar fáil bhí ceardlanna céadfacha, cláir scoile samhraidh, cláir meantóireachta ceoil agus ceardlanna for-rochtana.

# Seirbhísí Cultúrtha

**Bhí Cruinniú na nÓg,** lá náisiúnta cruthaitheachta na n-óg i mí an Mheithimh, ar siúl Dé Sathairn 15 Meitheamh. Reáchtáil muid sraith ceardlann ar fud Lú sna seachtainí roimh Lá Cruinniú, lena n-áirítear ceardlanna Rapcheoil agus Amhránaíochta arna n-éascú ag Rhyme Island leis an ngrúpa New Leaf i mBaile Átha Fhirdhia. Ar an lá féin bhí réimse gníomhaíochtaí againn ag Cearnóg Markey i nDún Dealgan le ceardlanna péintéireachta spraeála, seomraí éalaithe, taispeántais puipéad agus péintéireacht chanbháis ar scála mór. Bhí ceardlanna in Ionad Ealaíon An Táin, lá spraoi teaghlaigh i Sonairte in Oirthear na Mí arna éascú ag Ionad Ealaíon Dhroichead Átha agus gach rud ó cheardlanna ealaíne amhairc i Stiúideonna Pebble Lane go ceachtanna bácála agus cócaireachta i nDroim Ineasclainn. Ghlac breis is 650 duine óg páirt sna himeachtaí uile agus bhí breis is 1400 duine i láthair ag ár n-imeachtaí oscailte i gCearnóg an Mhargaidh agus i Sonairte.



Ceardlanna péintéireachta spraeála ag Cearnóg an Mhargaidh mar chuid dár lá bliantúil Cruinniú na nÓg in 2024. Creidmheas grianghraf: Eamon Gosling

**Tionscadail Mhóra** - tugadh maoiniú freisin do thionscadail mhóra a raibh tionchar nó oidhreacht shuntasach acu. Áiríodh leis seo tionscadal pobail a reáchtáil Ionad Ealaíon Droichead le scoileanna áitiúla agus féile SEEK agus a himeachtaí nua múrmhaisiú agus turas siúil.

**Tionscadail Inmheánacha** – Bhí ár bhFoireann Cultúir gnóthach freisin ag forbairt tionscadal inmheánacha. Aois-Bháúil - arna fheidhmiú le hIonad Ealaíon An Táin ar chlár iontach aosaithe dearfach. Choimisiúnaigh ár bhfoireann Réimse Poiblí saothar ealaíne nua i gClós Súgartha Thearmann Féichín atá tógtha le déanaí. Chomhoibrigh an t-ealaíontóir Breda Marron leis na páistí bunscoile cois na clós súgartha agus dhear siad píosa nua le suiteáil sa chlós súgartha. Idir an dá linn, chomhoibrigh Leabharlann Dhroichead Átha leis na healaíontóirí Alison O'Grady agus leis an tionscadal Red Door i nDroichead Átha chun píosa ealaíne álainn a chruthú le taispeáint sa leabharlann, agus d'oibrigh tionscadal Eastáit Intinne i nDún Dealgan, faoi stiúir an Oifigigh Rannpháirtíochta sa Phobal, Melissa, le cónaitheoirí i gceann de na heastáit faoi mhíbhuntáiste sóisialta i nDún Dealgan ar scannán gearr/píosa faisnéise faoi fhás aníos sa cheantar agus na cultúir éagsúla atá ina gcónaí ann.

**I measc na mbuaicphointí eile bhí:**

Taispeántas Ealaíne Brigid 1500 – ag leanúint ar thionscadal Ealaíontóir sa Phobal a maoiníodh in 2023, agus a fuair maoiniú meaitseála ó Chomhairle Contae Lú, reáchtáil an oifig ealaíon taispeántas ar feadh 10 lá le linn Fhéile Áit Bhreithe Brigid, Brigid:1500, Lú. Ag glacadh seilbh ar sheanfhoirgneamh Houstons i nDún Dealgan, bhí an taispeántas le feiceáil saothar ar fad a cruthaíodh le linn cheardlanna 2023 roimh cheiliúradh 1500. Bhí breis is 6,000 cuairteoir ag an spás taispeántais le linn na 10 lá, ba rath iontach é agus taispeántas iontach ar leithead na hoibre ealaíonta a rinneadh tríd an tionscadal.



Na Dealbha adhmaid 3T de Chros Bhríde a bhí mar chuid den taispeántas Ealaíontóir sa Phobal Brigid1500 le linn fhéile chomórtha 2024. Creidmheas grianghraf: Sean McMahon

# Seirbhísí Cultúrtha

### Ciste Gníomhaíochta Cruthaitheach ar son na hAeráide

Chuir Comhairle Contae Lú tionscadal Tearmann Bia Uirbeach Lú i gcrích i rith 2024 agus reáchtáladh breis is 19 imeacht pearsanta, lena n-áirítear oiliúint agus meantóireacht ar shábháil síolta agus roghnú táirgí, imeachtaí blaiseadh bia, imeachtaí pobail agus turais feirme. Chríochnaigh an tionscadal le himeacht 'Féasta Lú' in Ollscoil Chathair Dhún Éideann i mí na Samhna nuair a d'fhreastail táirgeoirí bia áitiúla ar imeacht líonraithe agus taispeántais sa Seomra Fáilteachais, agus thug mic léinn ón scoil chócaireachta blaiseadh bia ar oidis a cheap siad ina raibh cuid de na táirgí a fásadh mar thoradh ar an tionscadal. Beidh imeacht amháin deiridh ag tionscadal na hAeráide Cruthaithí go luath in 2025 nuair a sheolfaimid an leabhrán oidis agus faisnéise a bhfuarthas maoiniú breise ina leith. Beidh leideanna agus eolas faoi inbhuanaitheacht bia sa leabhrán chomh maith le réimse oidis ó mhic léinn DKIT agus ó ghrúpaí cultúrtha áitiúla ar nós phobail na hÚcráine agus na hAfraice araon.




Imeacht Féasta Lú i nDKIT ag tabhairt aird ar tháirgeoirí bia áitiúla mar chuid de thionscadal Tearmann Bia Uirbeach Lú. Creidmheas grianghraf: Ryan Duffy

### Ciste Comhroinnte Oileáin Sláinte agus Folláine Chruthaitheach

I gcomhpháirtíocht le Comhordaitheoir Éire Shláintiúil, fuarthas maoiniú faoi Shnáithe Oileáin Chomhroinnte an Chiste Sláinte agus Folláine Cruthaithí. Mar chuid den tionscadal, chuaigh Ionad Óige Dhún Dealgan agus Ionad Maighnéad an Iúir i gcomhpháirtíocht ar thionscadal 18 mí a chuir ceardlanna feabhsúcháin scileanna agus tionscnaimh chruthaitheacha ar fáil do bhaill an dá ghrúpa. Tá roinnt imeachtaí agus ceardlanna ar siúl go dtí seo agus beidh an tionscadal ar siúl ar feadh 2025 go dtí go mbeidh sé críochnaithe. Is céim í an tionscnamh seo chun níos mó caidrimh trasteorann a chruthú, go háirithe lenár ndaoine óga, agus todhchaí níos fearr agus níos comhtháite a thógáil do chách.

### Éire Ildánach, 2023-2027

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár Éire Ildánach agus chun an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 5 bliana a fheiceáil, cliceáil anseo.



# 4


DA 121
AVA DK118
JODI MAY
DK210
DK75 SHARON "M"
CAROLE DENISE
CAROLE DENISE
D593

# Forbairt Eacnamaíoch Straitéiseach

Déanann an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch Straitéiseach soláthar do fhorbairt chomhordaithe eacnamaíoch an chontae trí thionscadail a phleanáil, a thionscnamh agus a bhainistiú a chuireann go dearfach lena fhorbairt leanúnach.

Tá trí phríomhréimse freagrachta ag an Stiúrthóireacht:

- Forbairt Eacnamaíoch, lena n-áirítear an Oifig Fiontair Áitiúil, seirbhísí turasóireachta agus obair lena mbaineann comhpháirtithe agus maoiniú lasmuigh den stát, lena n-áirítear Gnóthaí Eorpacha agus Clár PEACE an AE.
- Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, lena n-áirítear an tSeirbhís Dóiteáin, Cosaint Shibhialta agus Rialú Foirgníochta, a sholáthraíonn seirbhísí ríthábhachtacha agus tarrthála beatha don phobal.
- Pleanáil, an bealach ina n-eagraímid an timpeallacht thógtha inár gcontae. Pleanáil, oibreacha caomhnaithe, oidhreacht agus cur i bhfeidhm straitéisí a chabhraíonn lenár saoránaigh a choinneáil shlán.

Tá an Stiúrthóireacht páirteach i margaíocht agus i gcur chun cinn na comhairle mar shuíomh atá cairdiúil do ghnólachtaí agus bíonn sí páirteach i bpleanáil straitéiseach eacnamaíoch, rud a chuireann eolas ar fáil do chinntí beartais Chomhairle Contae Lú.



# An Rannóg Pleanála

### Staitisticí pleanála do 2024:

| | | |
|---|---|---|
| **Líon iomlán na n-iarratas pleanála** | **1,060** | agus fuarthas 830 iarratas díobh sin tríd an ríomhthairseach |
| **Iomlán réamhphleanála** | **363** | (méadú 14% i gcoinne 2023) |
| **Atreoruithe Alt 5** | **83 applications** | (méadú 51% i gcoinne 2023) |
| **Aonaid tithíochta a cuireadh tús leo sa Chontae in 2024** | **2,775** | (rud a léiríonn méadú 150% i gcoinne 2023) |

Is ionann tús na n-aonad tithíochta in 2024 agus 4.6% de thús na tithíochta ar an leibhéal náisiúnta.

### Pleanáil ar líne

Chuaigh an córas ríomhphleanála ar líne beo i mí na Nollag 2022. Le linn 2024, rinneadh 78% de na hiarratais phleanála uile a fuarthas tríd an tairseach ar líne i gcomparáid le 53% in 2023.

Is féidir le custaiméirí ar mian leo iarratas pleanála a thaisceadh nó aighneacht a dhéanamh chuig iarratas ar leith an tairseach ríomhphleanála a úsáid agus doiciméid a uaslódáil tríd an ardán seo https://planning.localgov.ie/en/local-government-ireland- planning-system

Tá clárú aonuaire ar an tairseach riachtanach do gach úsáideoir.

### Pleanáil Chun Cinn

**Éagsúlacht 2 de Phlean Forbartha an Chontae, 2021-2027**

Tar éis fhoilsiú 'Treoirlínte um Lonnaíochtaí Cónaithe agus Dlútha Inbhuanaithe d'Údaráis Phleanála' ag an RTRAO i mí Eanáir 2024, moladh Athrú ar an bPlean Forbartha chun an Plean a nuashonrú chun caighdeáin agus ceanglais bheartais na dTreoirlínte seo a chur san áireamh. Fuarthas naoi n-aighneacht mar fhreagra ar an Athrú.

Glacadh leis an Athrú ag Cruinniú na Comhairle ar an 20 Bealtaine 2024

**Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta Plean Comhpháirteach Ceantair Áitiúil Dhroichead Átha**

Mar chuid d'ullmhú an Phlean Ceantair Áitiúil Chomhpháirtigh do Dhroichead Átha, foilsíodh Páipéar Saincheisteanna Réamh-Dhréachta. Is é cuspóir an Pháipéir Saincheisteanna rannpháirtíocht agus baint an phobail a spreagadh sa phróiseas ceaptha pleananna agus deis a thabhairt do dhaoine a gcuid smaointe a chur in iúl maidir le saincheisteanna a mheasann siad atá tábhachtach d'fhás an bhaile amach anseo. Áirítear leis seo saincheisteanna amhail tithíocht, eacnamaíocht fás, iompar, an comhshaol, agus soláthar áiseanna sóisialta agus pobail. Fuarthas 153 aighneacht mar fhreagra ar an bPáipéar Saincheisteanna.

**Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan**

Cuireadh Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan 2025-2031 ar taispeáint go poiblí i mí Iúil 2024. Cuireann an Plean seo treoir phleanála mhionsonraithe agus cuspóirí beartais ar fáil, ar leibhéal áitiúil, i ndáil leis an straitéis forbartha do Dhún Dealgan. Díríonn sé ar réimse téamaí agus saincheisteanna, amhail fás daonra agus eacnamaíoch, seachadadh tithíochta agus áiseanna pobail, athghiniúint tailte folamh agus tearcúsáidte, tionchair fhéideartha an athraithe aeráide, cosaint an chomhshaoil, agus infheistíocht i mbonneagar iompair agus seirbhísí uisce.

Fuarthas 154 aighneacht mar fhreagra ar an Dréachtphlean. Cuireadh na hAthruithe Ábhartha Beartaithe ar an Dréachtphlean ar taispeáint go poiblí i mí na Nollag 2024. Táthar ag súil go nglacfar leis an bPlean Ceantair Áitiúil i mí an Mhárta 2025.

## AN FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

### Pleanáil - Forfheidhmiú

Tugtar na táscairí Pleanála thíos i ndáil le gearáin Forfheidhmithe maidir le forbairtí neamhúdaraithe don bhliain Eanáir – Nollaig 2024.

| Cur Síos | Forfheidhmiú i ndáil le forbairt neamhúdaraithe |
|---|---|
| Líon na ngearán um Fhorfheidhmiú Pleanála a ndearnadh imscrúdú orthu | 256 |
| Líon na gcásanna Forfheidhmiúcháin Pleanála a fuarthas nár ghá obair leantach a dhéanamh orthu | Neamhní |
| Líon na gcásanna a dúnadh/a réitíodh trí idirbheartaíocht | Neamhní |
| Líon na litreacha rabhaidh a eisíodh | 237 |
| Líon na bhFógraí Forfheidhmiúcháin a eisíodh | 16 |
| Líon na gcásanna a atreoraíodh le haghaidh imeachtaí dlí | 3 |
| Líon na bhFoláireamh | Neamhní |
| Líon na nIonchúiseamh | Neamhní |

# An Rannóg Pleanála

Baineann na táscairí Pleanála atá liostaithe thíos le Fógraí a Eisíodh faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 don tréimhse Eanáir – Nollaig 2024.

| Cur Síos | Forfheidhmiú i ndáil le Láithreáin Thréigthe |
|---|---|
| Líon na gcomhad Láithreán Tréigthe a osclaíodh | 45 |
| Líon na bhFógraí Alt 11 – Úinéir a Threorú chun obair a dhéanamh | 2 |
| Líon na bhFógraí faoi Alt 8 – Intinn chun Iontráil ar Chlár na Láithreán Tréigthe | 55 |
| Líon na bhFógraí faoi Alt 8 – (Iontráil ar Chlár na Láithreán Tréigthe) | 29 |
| Líon na gcásanna a atreoraíodh le haghaidh imeachtaí dlí | Neamhní |
| Líon na láithreán a baineadh de Chlár na Láithreán Tréigthe | 5 |
| Líon na dTobhach ar Láithreáin Thréigthe a bailíodh | Neamhní |
| Líon na nIonchúiseamh | Neamhní |
| Líon na gComhad dúnta | 36 |

## Pleanáil – Forfheidhmiú – Foirgnimh Chontúirteacha

Baineann na táscairí pleanála atá liostaithe thíos le Fógraí a Eisíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964 don tréimhse Eanáir - Nollaig 2024.

| Cur Síos | Forfheidhmiú i ndáil le Struchtúir Chontúirteacha |
|---|---|
| Líon na gComhad um Struchtúir Chontúirteacha a osclaíodh | 50 |
| Líon na bhFógraí Alt 3 (1)(a) – Treoir a thabhairt don Úinéir chun an obair a dhéanamh | 63 |
| Líon na bhFógraí faoi Alt 3(2) (b) – Comhairle Contae Lú ag cuir oibreacha i gcrích | Neamhní |
| Líon na bhFógraí faoi Alt 2 – Áit Chontúirteach | Neamhní |
| Líon na Struchtúr Contúirteach a Iontráladh ar Chlár DS | 52 |
| Líon na gcásanna a atreoraíodh le haghaidh imeachtaí dlí | 7 |
| Líon na nIonchúiseamh | Neamhní |
| Líon na Struchtúr Contúirteach a Baineadh de Chlár na Láithreán Tréigthe | 20 |
| Líon na gcásanna a dúnadh | 29 |

### Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe

Is cáin nua í an Cáin ar Thalamh Criosaithe chun Cónaithe (CTCC) a fhéachann le talamh criosaithe agus seirbhísithe a ghníomhachtú chun críocha cónaithe. Thug an Roinn Airgeadais agus na Coimisinéirí Ioncaim é isteach í i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi Alt 80 den Acht Airgeadais 2021.

Is é an ról atá ag an Údarás Pleanála léarscáileanna a ullmhú lena dtaispeánfar an talamh cónaithe agus an talamh úsáide measctha a mbainfidh an cháin leis (i.e talamh criosaithe agus seirbhísithe), lena n-áirítear, nuair is iomchuí, an dáta ar a chomhlíon an talamh na critéir incháilitheachta cánach. Tá Dréacht-Léarscáil agus Léarscáil Deiridh i gceist leis na léarscáileanna sin ina sainaithnítear talamh a mheastar a bheith faoi raon feidhme an bhirt cánach.

Tar éis tréimhse chomhairliúcháin phoiblí in 2024 foilsíodh an Léarscáil Deiridh um an gCáin ar Thalamh Criosaithe chun Cónaithe 2025 de chuid Chomhairle Contae Lú. Foilsíodh an Dréacht-Léarscáil Bhliantúil le haghaidh 2026an 1 Feabhra 2025. Gearrfar an Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithego bliantúil ón 1 Feabhra 2025 ar aghaidh. Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a riarfaidh an cháin agus beidh ar úinéirí talaimh clárú don cháin. Maidir le húinéirí teaghaise a íocann an Cháin Mhaoine Áitiúil ní bheidh siadsan dlite don Cháin ar Thalamh Criosaithe chun Cónaithe (CTCC) cé go dtaispeánfar a gcuid maoine ar an léarscáil.

Beidh deis eile ann amach anseo iarratais ar athchriosú a chur isteach maidir le Léarscáil Deiridh 2025. Is féidir aighneachtaí a chur isteach maidir leis an Dréacht-Léarscáil Bhliantúil 2026 freisin ó thaobh tailte atá ar an léarscáil a chur san áireamh nó a eisiamh. Is ar an 31 Eanáir 2026 a fhoilseofar an Léarscáil Deiridh Bhliantúil le haghaidh 2026.

### Ligean Gearrthéarmach

Tugadh isteach rialacháin in 2019 lena ndéantar rialachas ar ligean ar cíos go gearrthéarmach i gcriosanna brú cíosa. Bhí sé beartaithe reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm amhail ó mhí Mheán Fómhair 2022. Cuireadh moill air sin áfach. In 2024 bhí cás nua forfheidhmithe amháin á fhiosrú at Comhairle Contae Lú maidir lecóiríocht ar cíos go gearrthéarmach.

# Planning Section

- Níor eisíodh aon litreacha fógraíochta le linn 2024 chun úinéirí maoine a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí reachtúla ina thaobh sin.
- Fuarthas ceithre iarratais ar chead pleanála a bhain le cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach/ cóiríocht saoire. Tugadh cead, i dtrí chás, le haghaidh sé cinn san iomlán d'aonaid um ligean ar cíos go gearrthéarmach. Cead sealadach a bhí i gceist le dhá cheann díobh. Diúltaíodh d'iarratas amháin ar chead le haghaidh cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach.
- Eisíodh litir rabhaidh amháin i ndáil le líomhain gur ligeadh cóiríocht ar cíos le haghaidh úsáid ghearrthéarmach gan údar.

**Glacadh faoi Chúram**

Lean an Rannóg Pleanála ar aghaidh ag obair ar réiteach a fháil ar na forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe eile sa Chontae i gcomhar le hUisce Éireann agus le rannóga eile den Chomhairle. Glacadh sé cinn d'eastáit faoi chúram in 2024.

- Dún gCuagáin
- Coulterplace
- Céide Dhumhach Trá
- Páirc an Teampaill
- Corrán an Dúdálaigh
- Garrán an Chuain

Tá thart ar 70eastáit i gContae Lú á n-athbhreithniú faoi láthair, tá thart ar aon thrian amháin de na heastáint sin á gcur chun cinn go gníomhach trí na céimeanna éagsúla den phróiseas Glacadh ar Láimh.

## Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha agus Ciste na Struchtúr Stairiúil 2024

In 2024 fuair Comhairle Contae Lú 29 n-iarratas faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha, agus 12 iarratas eile faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil.

Roinneadh cistiú €140,404.00 idir sé iarratasóir déag faoin Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha. Ba é comhdhéanamh na dtairbhithe Teampall Naomh Peadar (caomhnú orgáin Snetzler ón 18ú Aois), Teampall Chollann (caomhnú gloine daite), Teach an tSeanliosa, Baile Átha Fhirdhia (díon nua ar an teach), 57 Sráid Chlann Bhreasail (atreisiú/atógáil dingmhá brice), 58 Sráid Chlann Bhreasail (atreisiú/ atógáil dingmhá brice), Brooklyn, Sráid an tSrutháin, Baile Átha Fhirdhia (athfheistiú sáisfhuinneog), Teach Jocelyn (atógáil dhá shimléar), Slánaitheorach, Bóthar San Alfansas ( atfheistiú/ athdheisiú sáisfhuinneog), Cill Modhíomóg, Baile Átha Fhirdhia (athfheistiú/athdheisiú sáisfhuinneog), Baile Mhian, An Tóchar (athfheistiú saisfhuinneog), Teach an Halla Dhuibh (athdheisiú stoc fuinneoige), Teach Bhaile Mhiain, An Tóchar (athdheisiú saisfhuinneog) Halla an Toinlígh, Bóthar Bhaile Shláine, Droichead Átha, (athdheisiú na ndoras dúbailte de dhéantús darach), Baile an Fhaoitigh, An Grianfort (athchur iomlán na tuí), An Iúrach, Baile an Ghearlánaigh (athchur iomlán na tuí) agus Baile na gCanónach, díon tuí(athchur iomlán na tuí).

Tarraingíodh anuas cistiú €134,662.40 faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil 2024, ar cistiú é lena gcumhdaítear ceithre thionscadal faoi scéim 2024, is iad sin ag Éadan na Coinne, Dún Dealgan agus Ionad Oirialla. Dhá thionscadal eile thar dhá bhliain (a tosaíodh in 2024), Tithe na mBaintreach, Baile an Ghearlánaigh agus Óstán Doire Chaol,.


DROGHEDA RESOURCE CENTRE
WATERFRONT INTERIORS
Quay cycles
BIKE TO WORK
MANGO SALON

# Forbairt Eacnamaíoch

Tacaíonn an tAonad Forbartha Eacnamaíochta le forbairt eacnamaíoch chomhordaithe Chontae Lú trí thionscadail a phleanáil, a thionscnamh agus a bhainistiú lena gcuirtear go dearfach le forbairt eacnamaíoch leanúnach an Chontae. Tá baint ag an aonad le margaíocht agus cur chun cinn an Chontae mar shuíomh atá fabhrach don ghnó agus glacann sé páirt i bpleanáil straitéiseach eacnamaíocha a chuireann bonn eolais faoi chinntí beartais Chomhairle Contae Lú. Tá an obair seo tábhachtach chun a chinntiú go bhfaightear an tairbhe is mó ó chinntí forbartha eacnamaíocha agus fostaíochta a bhaineann le mórbhonneagar.

### Fóram Eacnamaíoch Lú (LEF)

Cuimsíonn an fóram, a bunaíodh in 2009, earnáil ghnó Chontae Lú, Bainistíocht na nÚdarás Áitiúil agus na Gníomhaireachtaí Stáit go léir a idirghníomhaíonn leo siúd a ghineann gníomhaíocht eacnamaíocha sa chontae agus is ionad ilfhreastail é d'infheisteoirí ionchasacha. Leanann an fóram a bhuaigh duaiseanna ar aghaidh ag tógáil comhpháirtíochtaí agus cothaíonn sé cultúr smaointeoireachta comhcheangailte chun forbairt eacnamaíoch bhreise agus cruthú post a éascú go réamhghníomhach i Lú, ag díriú ar phríomhréimsí lena n-áirítear Turasóireacht & Oidhreacht, Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, Tionscal Dúchasach agus Oideachas & Oiliúint. Is é an tUasal Gerry Murphy cathaoirleach an fhóraim.

Trí roinnt deiseanna maoinithe a aistriú chuig bonn níos réigiúnaí, lean an Fóram ar aghaidh le fócas réigiúnach a ionchorprú i gcruinnithe a ndearna ionadaithe réigiúnacha cur i láthair lena linn, ag áirithiú mar sin go mbeidh páirtithe leasmhara i gContae Lú ar an eolas go luath faoi na deiseanna atá ar fáil. Go luath in 2024, áirithíodh orthu siúd cur i láthair a thug Rónán Whitty, Bainisteoir an Mill Enterprise Hub, Droichead Átha, agus Deirdre MacDermott, Leas-Chathaoirleach Páirc Ghnó Baile Átha Fhirdhia maidir lena bpleananna faoi seach don todchaí. I mí na Bealtaine, thug an Dochtúir Eoin Magennis, Príomh-Eacnamaí san Ionad Beartais Eacnamaíoch de chuid Ollscoil Uladh cur i láthair a bhain leis an tionscadal um thaighde ar scileanna a bhí á dhéanamh i ndáil le Conair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste. Rinneadh idirphlé i ndiaidh an chur i láthair agus bhí seisiún Ceist agus Freagra ar siúl freisin. I mí Iúil, thug Sabhbh Ní Mhaolagáin, Oifigeach Turasóireachta de chuid na Comhairle cur i láthair a bhain le togra turasóireachta reatha Chontae Lú mar aon le haidhmeanna agus spriocanna i dtaca le straitéis nua turasóireachta - agus arís eile bhí idirphlé ar bun i ndiaidh an chur i láthair agus seisiún Ceist agus Freagra chomh maith.

I mí Mheán Fómhair thug Fionnuala Rogers, bainisteoir Drogheda Digital Innovation Hub cur i láthair a bhain le dul chun cinn leantach Drogheda Digital Innovation Hub (DDIH). Agus i mí na Samhna, bhí Creative Spark, Dún Dealgan mar óstach chruinniú an fhóraim. Chuathas ar thuras sa Saotharlann Déantúsaíochta de chuid Creative Spark. Is é aidhm an Enterprise FabLab ag Creative Spark fiontraíocht, cruthaíocht, nuálaíocht agus oideachas a spreagadh i réigiún an Oirthuaiscirt.

### An Coiste um an mBeartas Straitéiseach (SPC) i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Tacú le Fiontraíocht.

Tugann Coistí um an mBeartas Straitéiseach comhairle agus cúnamh do Chomhairle Contae Lú maidir lena cuid oibre agus tá sé de chúram orthu beartais a chruthú agus a fhorbairt lena bhformheas ag an gComhairle.

Tháinig an Coiste um an mBeartas Straitéiseach (SPC) i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Tacú le Fiontraíocht le chéile i mí Eanáir 2024 agus rinneadh Dréacht-Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) 2023-2029 a fhormheas chun go gcuirfí faoi bhráid na Comhairle ina hiomláine é. I mí na Bealtaine chuir an Bainisteoir Clár de chuid Drogheda Digital Innovation Hub cur i láthair faoi bhráid an SPC maidir leis an obair atá déanta acu go n-uige seo agus na pleananna atá acu don todhchaí.

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2024, bhunaigh Comhairle Contae Lú Coistí nua um an mBeartas Straitéiseach i gcomhréir leis na Treoirlínte Athbhreithnithe a d'fhoilsigh An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

I mí na Nollag 2024 bhí an chéad chruinniú dá gcuid ag comhaltaí nua an Choiste um an mBeartas Straitéiseach (SPC) i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Tacú le Fiontraíocht, a raibh an Comhairleoir Pio Smith ina chathaoirleach air, agus chomhaontaigh siad sceideal cruinnithe agus clár oibre le haghaidh 2025.

### Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (LECP)

Leagtar amach leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail na cuspóirí agus na gníomhartha a bhfuil gá leo chun forbairt eacnamaíoch agus forbairt áitiúil agus pobail Chontae Lú a chur chun cinn agus tacú leis an bhforbairt sin, arna soláthar ag an gComhairle féin go díreach agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile forbartha eacnamaíochta agus pobail. Is ar an gCoiste um an mBeartas Straitéiseach (SPC) i ndáil le Forbairt Eacnamaíoch agus Tacú le Fiontraíocht, i gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) atá an fhreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Plean Áitiúil Eacnamaíochta & PobailLú 2024-2029 a sheol siad i gcomhpháirt i mí na Bealtaine 2024.

In 2025 bunófar grúpa faireacháin don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus ag an gcéim sin, chun go bhfaighfear a bpleananna i dtaca lena ngníomhaíocht faoi seach a chur i gcrích, déanfar teagmháil le gach aon cheann de na comhpháirtithe stiúrtha ar sannadh iad do na gníomhaíochtaí in LECP.

### An Scéim Deontais chun Feabhas a Chur ar Aghaidheanna Siopaí

Bhí an Scéim Deontais chun Feabhas a Chur ar Aghaidheanna Siopaí, atá ina cuid d'fhoireann dreasachta gnó Chomhairle Contae Lú, ar fáil do na miondíoltóirí áitiúla uile agus do na h-úinéirí gnó uile sa Chontae. In 2024 fuarthas 36 iarratas faoin scéim.

### An Scéim um Cheantair Feabhsaithe Gnó Dhroichead Átha (BIDS Dhroichead Átha) (2025-2029)

Fuarthas togra i Mí Aibreáin 2024 ó Chuideachta BIDS Dhroichead Átha (Love Drogheda) síneadh a chur le téarma na Scéime Ceantair Feabhsaithe Gnó ar feadh tréimhse eile cúig bliana amhail ó mhí Eanáir 2025. Fuarthas aighneacht amháin tar éis tréimhse a bheith ar taispeáint go poiblí.

# Forbairt Eacnamaíoch

Reáchtáladh pobalbhreith íocóirí rátaí a raibh na torthaí seo a leanas uirthi: líon na vótaí i bhfabhar an togra go leanfaí le Scéim BID Dhún Dealgan, 425, agus líon na vótaí i gcoinne an togra go leanfaí le Scéim BID Dhún Dealgan, 38.

D'fhaomh na comhaltaí an togra ag Cruinniú na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair nuair a tháinig síneadh leis an Scéim i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025.

## An Clár um Aitheantas Gnó Aoisbháúil

Bhí dhá Cheardlann Gnó Aoisbhá ar siúl i nDún Dealgan agus Droichead Átha i mí Aibreáin 2024. Bá í Orlaith Carmody, Comhairleoir Gnó Aoisbhá Éireann a chuir na ceardlanna ar fáil. Chuir an Rannóg um Fhorbairt Eacnamaíoch Ceardlanna eile ar fáil i Mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2024.

Ghlac rannpháirtithe ó 16 ghnólacht éagsúla san iomlán páirt i gCeardlanna 2024. Chríochnaigh 6 ghnólacht an chuid eile den chlár agus bronnadh an Chairt Aoisbhá orthu in 2024.



Rannpháirtithe i gCeardlann Aoisbhá Dhún Dealgan



Rannpháirtithe i gCeardlann Gnó Aoisbhá

## Treoirscéim um Chomhairleoir Geilleagair Oíche

Bhí Droichead Átha ar cheann de na naoi láithreacha a roghnaíodh don treoirscéim náisiúnta um Chomhairleoir Geilleagair Oíche arna mhaoiniú ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Meán agus Spóirt. Le linn 2024 dhírigh an Comhairleoir nua ar chreat a bhunú i dtaca le comhoibriú, le plean gníomhaíochta soiléir a fhorbairt agus le tionscnaimh a thriail chun tacú le geilleagair oíche níos beoga agus níos cuimsithí.

Céim thábhachtach ab ea é grúpa na Brataí Corcra mar a bhí cheana a chur ar bhonn foirmiúil mar mheitheal Gheilleagar Oíche Dhroichead Átha. Creidiúnú idirnáisiúnta is ea An Purple Flag lena dtugtar aitheantas don bhainistíocht a dhéantar ar an ngeilleagar tráthnóna agus ar an ngeilleagar oíche, agus bhí rath ar Dhroichead Átha in 2024 nuair a choinnigh an grúpa an stádas a bhí acu. Tar éis dhá cheardlann comhpháirtíochta a bheith ar siúl, forbraíodh Plean Gníomhaíochta le haghaidh Geilleagar Oíche inar leagadh amach 16 ghníomhaíocht faoi thrí chuspóirí straitéiseacha:

1. **An Tairiscint Oíche a Éagsúlú agus a Neartú** - trí roghanna cultúrtha, sóisialta agus aíochta á leathnú chun rannpháirtíocht bhreise agus fás eacnamaíoch níos fearr a spreagadh.
2. **Sábháilteacht** agus Inrochtaineacht a Fheabhsú - trí iompar poiblí, réimse an soilsithe phoiblí agus tionscnaimh bunaithe ar shonraí a fheabhsú chun timpeallacht oíche fháilteach a áirithiú.
3. **Comhoibriú agus Comhroinnt Eolais a Chaomhnú** - trí rannpháirtíocht i ngnólachtaí, eagraíochtaí cultúrtha agus seirbhísí poiblí a neartú chun tacú le geilleagar oíche inbhuanaithe agus nuálach.




Dhroichead Áthaa - Dámhachtain Purple Flag

# Forbairt Eacnamaíoch

I gcomhréir leis na cuspóirí sin, tá raon de thionscnaimh thrialacha curtha ar fáil chun cuir chuige nua i leith gníomhachtú oíche a thástáil. Bhí rath ón tús ar Night Moves, arna léiriú ag Ionad Ealaíon an Droichid, agus mar chuid den dul chun cinn a rinneadh cuireadh spásanna malartacha amhail caiféanna in úsáid san oíche. forbairtí nua ionchasacha ar gheilleagair oíche an bhaile mhóir. Díoladh breis agus dhá mhíle ticéad do sheoladh Fhéile Geandráma Dhroichead Átha, bhí baint nach beag aige sin freisin leis an méadú mór ar líon na ndaoine a bhí sa bhaile mór go déanach san oíche lena linn agus cuireadh leis na deiseanna nua atá ann le haghaidh ócáidí.

I dtionscnaimh eile díríodh ar an taithí oíche a fheabhsú, lena n-áirítear ar na roghanna iompair san oíche a chur chun cinn, ar an idirphlé le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le sonraí otharcharr chun tacú le




Féile Gheandráma Dhroichead Átha

pleanáil sábháilteachta, agus ar rochtain ar áiritheoirí líon na ndaoine a dhaingniú le haghaidh cinnteoireacht bunaithe ar shonraí. Mar gheall ar an nuálaíocht bhreise atá i gceist le Féile Lú cuireadh le héagsúlú na tairisceana cultúrtha san oíche i nDroichead Átha. Is gné de chéad bhliain láidir iad na hiarrachtaí sin, lenar leagadh síos an bhunchloch i dtaca le geilleagair oíche a thógáil i mbaile Dhroichead Átha a bheidh faoi bhláth, uilechuimsitheach agus dinimiciúil.

### Bríde 1500: Áit bhreithe Bhríde i Lú

Féile Bhríde 1500: Féile Bhríde  Áit Bhreithe Bhríde, Lú, ar siúl ón 26 Eanáir go dtí an 5 Feabhra 2024. Bhí clár iomlán d'imeachtaí ar siúl le linn na 10 lá: Taispeántas Ealaíone, cuir i láthair beo in amharclannaí agus an-chuid



An Cathaoirleach, Cllr. Paula Butterly, agus féile Bríde 1500 á seoladh aici

imeachtaí gaolmhara. Fuarthas maoiniú le haghaidh 11 imeachtaí faoin 'Arts & Creativity Community Grant'. Meascán d'fhéilte agus imeachtaí don phobal a bhí sna himeachtaí sin agus fuarthas rannchuidiú airgeadais i ndáil le Féile Bhríd Fochairde, Mórshiúl faoi Sholas Coinnle ag Fochaird, ealaíon don phobal, 'Lá Bhríde' ag Portach Bhaile Átha Fhirdhia, 'Lá Bhríde' i nDroichead Átha, ceardlann scríobhnóireachta filíochta Naomh Bríd / Brigid the Goddess agus tionscadal fuála cruthaithí um an



Grianghraif ón aer de Bhrat Bhríde a críochnaíodh mar chuid de thionscadal 'Creating the Brigid Weave' de chuid  Cooley Connect Well

dúlra dar teideal 'Ag Cruthú Fíochán Bhríd'.

Fuarthas 23 iarratas faoin scéim 'Bríde 1500 Maisiú Fuinneoige Miondíola'. Díríodh ar úinéirí áitreabh tráchtála i gCo. Lú a spreagadh chun a bhfuinneoga a fheistiú i dtaca le bheith páirteach i gceiliúradh Bríde 1500. Bhí an-éagsúlacht go deo i measc maisiúchán na bhfuinneog.

Mar chuid d'Fhéile Bríde 1500, forbraíodh léarscáil de

# Forbairt Eacnamaíoch

bhealach Bhríde inar ionchorpraíodh na pointí spéisiúla áitiúla a bhaineann le Bríd. Tá an léarscáil ar fáil i ngach Oifig Fáilte i gContae Lú agus is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin Visit Louth.




Léarscáil agus Treoir maidir le Bealach Bhríde

## Urban Animation - Lú Festival of Light, Drogheda

Bhí Féile na Soilse Lú ar siúl idir an 25 Deireadh Fómhair agus an 3 Samhain 2024. Seoladh an Fhéile le mórshiúl Spooks. Ionchorpraíodh tionscnaimh éagsúla nua i bhféile 2024 ar a n-áiríodh Scéim Maisiúcháin Fuinneoige Féile na Soilse Lú, an Oíche Lán-Ghaeilge ar cuireadh na taispeántais uile ar fáil trí mheán na Gaeilge agus suiteáil nua idirghníomhach ag Scotch Hall le linn an lae trínar cuireadh ar chumas na rannpháirtithe a bheith ina gcodanna de Bhealach na Bó Finne.

Le linn tamaillín roimh an bhféile rinneadh trácht uirthi ar bhonn náisiúnta in irisleabhar an Sunday Times agus in iris Life a ghabhann leis an Sunday Independent. Ghlac baill den Rannóg Turasóireachta páirt i roinnt agallamh ar an raidió chun feasacht ar an bhféile a ardú. Cuireadh an fhéile chun cinn ar Nuacht 9pm ar RTÉ Dé Sathairn an 26 Deireadh Fómhair 2024.

I ndiaidh na Scéime um Fhuinneoga a Mhaisiú, rinne Comhairleoir an Gheilleagair Oíche le haghaidh Dhroichead Átha 50 Lóchrann Scéithe Saincheaptha a choimisiúnú, a forbraíodh i gcomhoibriú le healaíontóirí áitiúla agus arna stiúradh ag Vivian Byrne, ealaíontóir, a rannchuidigh freisin le Mórshiúl Spooks. Chuir na lóchrainn LED seo, atá múnlaithe chun sciath shainiúil Lú a léiriú, ciseal nuálach le céannacht amhairc na féile, ag comhtháthú go gan uaim le taispeántais aghaidh siopaí agus eilimintí na féile.



Lóchrainn Lú á dtaispeáint




Crafty Traders ag Féile Lú

Bhain Comhairleoir Fhéile 2024 agus Gheilleagar Oíche Dhroichead Átha triail as an ngrúpa áitiúil de trádtálaithe ceirde Crafty Traders a chuimsiú freisin i margadh bia agus ceirde áitiúil a bhí lonnaithe i gCarrchlós Shráid na Mainistreach (atá taobh le Sráid Doiminic). Bhí ceithre thrádálaí rannpháirteach ann, mar ionadaithe ar na

# Forbairt Eacnamaíoch

tionscail tinteáin chosmhuintire, agus dar le gach duine acu bhí torthaí níos fearr acu ná mar a raibh siad ag súil leo, lenar áiríodh díolacháin thar barr agus próifíl phoiblí níos fearr. Chruthaigh roinnt trádálaithe nithe saincheaptha a spreag as téamaí na féile agus as Droichead Átha féin, amhail obair ealaíne agus coinnle, a raibh spéis ar leith ag daoine iontu.

Tugadh ábhar shuiteáil Fhéile Lú in Oifig Fáilte Dhroichead Átha (An Tholsel) chun dáta mar gheall ar na taispeántais a bhí inti in 2024. Taispeántar sa tsuiteáil oidhreachta sin buaicphointí na féile go dtí seo agus tá siad ar fáil le feiceáil le linn uaireanta oscailte na hOifige Turasóireachta.

Bronnadh dámhachtain domhanda mór le rá Best Arts and Culture Award ar Fhéile Lú i mí an Mheithimh 2024 ag an searmanas dámhachtainni de chuid an Cumann Bainistíochta Lár na Cathrach (ACTM) a reachtáladh i nGlaschú. Bhí rath ar an bhféile cé go raibh an iomaíocht láidir agus tugadh aitheantas di mar gheall



Bronnadh DámhachtainNa hEalaíona agus an Cultúr is Fearr (Féile Lú)

ar an bhfeidhm nuálach a baineadh as scéalaíocht, as an bpobal, as taispeántais solais agus as ailtireacht sainstairiúil Dhroichead Átha. Ba í príomh-fhoinse maoinithe Fhéile Soilse Lú an Scéim Bheochana Uirbí de chuid Fáilte Ireland 2022-2024 a bhfuil deireadh léi anois. Mar gheall archomhaontú atá déanta is iad BIDS Dhroichead Átha, le tacaíocht Chomhairle Contae Lú a bheidh i mbun Fhéile Soilse Lú a stiúradh in 2025.

### Maoiniú na Féile

Fuair Comhairle Contae Lú 24 iarratas faoi Thionscnamh Deontais na bhFéilte 2024 a bhí oscailte d'imeachtaí áitiúla agus pobail chun leasa an gheilleagair áitiúil agus na turasóireachta sa Chontae. Fuair 21 iarratas maoiniú.

Fuarthas 10 n-iarratas faoi Chlár na bhFéilte Réigiúnacha agus na nImeachtaí Rannpháirteacha 2024. Fuair 8 n-iarratas maoiniú.

Chuir Comhairle Contae Lú maoiniú ar fáil freisin dóibh seo a leanas in 2024:

- Urraíocht do Northern Lights 2024
- Urraíocht ar Pharáidí Lá Fhéile Pádraig Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia
- Urraíocht ar an gComhdháil Turasóireachta Trasteorann 2024
- Urraíocht ar Oiliúint Seoltóireachta i nDroichead Átha
- Urraíocht ar Fhéile Gheandráma Dhroichead Átha
- Urraíocht ar Fhéile na Bóinne le linn Oíche Eoin
- Urraíocht ar Scoil Samhraidh Thomas D'Arcy McGee 2024
- Urraíocht ar Thaispeántas Tinte Ealaíne Oíche Shamhna Ó Méith
- Ranníocaíocht le Scéim Dearbhán Bronntanais Áitiúil Shiopa Dhún Dealgan
- Urraíocht ar Thuras Finscéalta na hÉireann 2024 – Naisc Ghailf Rinn na Mara
- Urraíocht ar Ghradam ag Gradaim Ghnó an Oirthuaiscirt 2024
- Urraíocht ar Chomhdháil Chontae Lú um Shaorálaitheacht ag Daltaí Scoile
- Ranníocaíocht le Féile Solais Dhroichead Átha Lú 2024
- Urraíocht ar Chraobhchomórtas Rince in Ulaidh 2024
- Ranníocaíochtaí i dtreo Soilse Nollag Bhaile Átha Fhirdhia, Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha 2024

Bhí seastán dul chun cinn ag Visit Louth ag Expo Aoisbhá Chontae Lú agus labhair an t-Oifigeach Turasóireachta leo siúd a bhí i láthair maidir leis an méid ar fad atá á thairiscint i gContae Lú.

# Turasóireacht

## An tOifigeach Turasóireachta

Thosaigh Sabhbh Ní Mhaolagáin ina ról mar Oifigeach Turasóireachta Chontae Lú i mí Eanáir 2024.

## Straitéis Turasóireachta Chontae Lú

Ceapadh Runda Hospitality agus Tourism Solutions chun oibriú leis an Oifigeach Turasóireachta ar Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Thurasóireachta 2025-2030 do Chontae Lú. Cuirfear tús le comhairliúcháin leis na comhaltaí agus na páirtí leasmhara go luath in 2025.

## Visit Louth

Tá obair ar siúl ar an suíomh gréasáin nua le haghaidh Visit Louth; beidh an suíomh gréasáin deartha as an nua agus beidh sé inrochtana agus níos so-úsáidte do dhaoine. Tá sé mar aidhm le suíomh gréasáin Visit Louth cuairteoirí a mhealladh le 'What's On' tarraingteach. Seolfar an suíomh gréasáin nua go luath in 2025. Mar gheall ar an suíomh nua beidh sé níos fusa freisin ár mbrandaí éagsúla, Drogheda i.e agus sealouth ie. a fheiceáil.

Ceapadh Curio PR chun cuidiú linn chun an contae a chur chun cinn trí bhíthin na gcainéal meán uile.

De thoradh iarratais ar mheastacháin a lorg, tá próiseas athfhorbartha ar siúl againn i leith an lógó Visit Louth dár gcuid. Rinneadh suirbhé i mí Dheireadh Fómhair 2024 a bhain le páirtí leasmhara éagsúla Tá obair á cur ar aghaidh i dteannta na ndearthóirí a ceapadh. Beidh an lógó nua réidh lena sheoladh go luath in 2025 chomh maith leis an suíomh gréasáin nua.

## Margaíocht agus Cur Chun Cinn

I mí Eanáir 2024 bhí deireadh seachtaine an-rathúil ag Visit Louth agus sea louth ag an Holiday World Show, Baile Átha Cliath. Bhí an seastán ar fáil do sholáthróirí turasóireachta agus do thrádáil i gContae Lú, rud a thug deis dóibh a ngnóthaí a chur chun cinn a ngnólachtaí agus cuairteoirí a mhealladh chuig an gcontae. Ghlac 535 duine páirt i gcomórtas chun ciseán a bhuachaint ina raibh eiseamláirí ó tháirgeoirí Chontae Lú agus bhí fanacht lár-na-seachtaine in Ghan House mar dhuais eile, agus bhí cuid mhaith díobh siúd a ghlac páirt sa chomórtas sásta bheith ar liostaí seoltaí Visit Louth agus sea louth.




Seastán Visit Louth/sea louth ag an Holiday World Show 2024

Thaistil toscaireacht ó Chomhairle Contae Lú go Nua-Eabhrac chun bualadh le hionadaithe ó Thurasóireacht Éireann agus Gníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann (IDA) agus ghlac siad páirt i Mór-Shiúl Lá Fhéile Pádraig i Nua-Eabhrac. D'fhreastail siad ar shraith d'imeachtaí freisin ar cuireadh Contae Lú chun cinn lena linn.




Toscaireacht Chomhairle Contae Lú ag bualadh le Turasóireacht Éireann

Mar chuid den Ceann Scríbe Ath-shamhlaithe i nGleann na Bóinne' cheap Fáilte Ireland speisialtóir i gcúrsaí digiteacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin na Comhairle i gcomhar leis an Rannóg Turasóireachta. Bhí an t-athbhreithniú ar siúl le linn tréimhse 18 mí. Reáchtáladh cruinniú i mí an Mhárta 2024 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí agus idirphlé a dhéanamh ar cibé roghanna a bheadh ar fáil i leith ardáin digiteacha amach anseo ó thaobh an 'Ceann Scríbe Ath-shamhlaithe i nGleann na Bóinne de. Cuirfear na torthaí sin san áireamh sa Straitéis Turasóireachta atá ar na bacáin, á stiúradh ag an Oifigeach Turasóireachta.

Bhí an Chomhdáil Trasteorann Bhliaintiúl um Thurasóireacht ar siúl i mí Aibreáin agus rinne Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan í a óstáil. Rinne Comhairle Contae Lú urraíocht suntasach ar an gComhdháil agus bhí seastán aici ag an imeacht freisin chun Visit Louth agus sea louth a chur chun cinn. Bhí Sabhbh Ní Mhaolagáin, Oifigeach Turasóireachta, ar cheann de na hurlabhraithe.

# Turasóireacht




Sabhbh Ní Mhaolagáin, Oifigeach Turasóireachta, ag labhairt ag an gComhdháil Trasteorann um Thurasóireacht

Bhí ríméad ar Chomhairle Contae Lú a bheith ar cheann d'urraitheoirí 'Irish Legends Tour' a bhí ar siúl i Mí an Mheithimh 2024 ag Dumhach Ghailf Rinn na Mara. Tháinig roinnt daoine mór-le-rá a bhíonn páirteach i gcúrsaí spóirt agus siamsaíochta go dtí Contae Lú chun imirt sa pro-am d'iomráitigh. Bhí seastán ag Visit Louth agus sea louth ag an ilchomórtas chun fáilte a chur roimh imreoirí agus cuairteoirí agus chun faisnéis a chur ar fáil dóibh faoin méid ar fad atá le feiceáil agus le déanamh i gContae Lú.





Lucht Foirne ón Oifig Turasóireachta ag bualadh le cuid de na ndaoine cáiliúila ag Rinn na Mara.

Bhí Colette Moss, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Forbairt Eacnamaíoch & Turasóireachta ina hurlabhraí ag an gComhdháil Náisiúnta Turasóireachta de chuid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) a bhí ar siúl i gCill Dara i mí Aibreáin. Bhí an cur i láthair ar




Colette Moss, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, ag labhairt ag an gComhdháil Náisiúnta um Thurasóireacht de chuid LGMA.

an bhféile rathúil 'Brigid 1500: Louth Birthplace of Brigid'.

Cuireadh clabhsúr ar an scannánaíocht don tsraith teilifíse 'Ireland from Above' in 2024. Beidh sé chontae ina ngnéithe den taispeántas agus beidh Contae Lú faoi chaibidil ina eagrán iomlán féin. Beidh stair agus radharc tíre Chontae Lú ina ngnéithe den taispeántas, bainfear feidhm as píosaí scannánaíochta ladrainn ann agus craolfar é ar PBS i Stáit Aontaithe Mheiriceá (USA). Craolfar é in Earrach 2025

# Turasóireacht

### ‘sea louth’ Slí Bia Mara Radhairc

Lean an rannóg thurasóireachta ar aghaidh ag cur an tionscnaimh turasóireachta seo chun cinn go gníomhach i rith 2024 le roinnt blaganna foilsithe agus feachtas leanúnach ar na meáin shóisialta ar X, Facebook & Instagram. Taispeánann an rian cósta pictiúrtha Lú agus bia mara a fhaightear go háitiúil agus tá sé mar aidhm aige cos a thiomáint isteach inár mbialanna agus inár n-itheacháin a fhreastalaíonn ar miasa bia mara ar ardchaighdeán, agus eispéireas na n-aíonna a fheabhsú agus iad i gContae Lú, rud a mhéadaíonn an t-am a chaitheann siad.

Bunaíodh trí phointí nua bailithe stampaí mar chuid de sea louthfeadh na slí in 2024 - Oifig Poist Ó Méith, ‘On yer Bike’, Cairlinn agus Morgan’s Fine Fish, Ó Méith. Thug an Brasserie Restaurant in Óstán Fairways tacaíocht freisin trí bheith mar bhialann rannpháirteach ar an tslí.

Reachtáladh dhá cheardlann sea louth sa Glyde Inn in Áth na gCasán i mí na Bealtaine 2024. Bhain an chéad cheardlann le bialannaithe agus táirgeoirí, agus bhain an dara ceann le foirne fáilteachais. Bhí Julie o’Brien




Rannpháirtithe ag na ceardlanna sea louth.

de chuid Runta Tourism & Hospitality Solutions ina héascaitheoir ag na ceardlanna. D’fhreastail breis agus tríocha rannpháirtithe ar an gceardlann.

Mar thoradh ar na ceardlanna cruthaíodh bior ambasadóra nua le haghaidh na rannpháirtithe óir is iadsan ár n-ionadaithe a chuireann an tslí chun cinn agus a spreagann ár gcuairteoirí chun an cósta a thaiscéaladh agus triail a bhaint as an mbia mara so-bhlasta atá ar fáil. Tar éis na gceardlann chuir úinéirí dhá bhialann in iúl go raibh siad chun bheith rannpháirteach - Coast &




Bairéidínsea louth

Co. sa Ghrianfort agus Nelly’s i nDroichead Átha. Seoladh cuimhneachán nua, bairéidín sea louth, in 2024 agus tá sé ar fáil in Oifigí Fáilte uile Chontae Lú ach pas comhlánaithe sea louth a thabhairt isteach leat.

Bhí foirne sea louth agus Boyne Valley Flavours ina rannpháirtithe mar chuid dá straitéis 5 bliana ‘Strategy for Food in the Boyne Valley’ atá ag céim an chomhairliúcháin.

# Tionscadail agus Pleananna Caipitil

### Clár Infheistíochta Caipitil sna Bailte Móra Cinn Scríbe

Seoladh Drogheda Visitor Wayfinding & Orientation Project an 29ú Aibreán 2024 in Highlanes Gallery, Droichead Átha.

Tá tótaim threochomharthaíochta, leaca pábhála greanta agus inleaganacha de dhéantús cré-umha suiteáilte ar fud Droichead Átha agus tá faisnéis faoin stair léirithe orthu chomh maith le léarscáileanna ar a dtaispeántar láithreacha atá so-rochtana agus de shiúl na gcos.





Seoladh Thionscadal Treoraithe agus Treoraithe do Chuairteoirí Dhroichead Átha

### Plean Forbartha i dtaca le Taithí ar Chinn Scríbe Ársa (ADEDP)

Lean Comhairle Contae Lú d'oibriú i ndlúthchomhar le Fáilte Éireann maidir le roinnt pleananna comhfhorbartha áite agus roinnt slite a fhorbairt.

### Is gá anailís a dhéanamh ar Chomhfhorbairt Áite i gCuaille.

Mar thoradh ar an bPlean Forbartha um Threoshuíomh Ceann Scríbe do Chairlinn agus Leithinis Chuaille cuireadh tús leis an obair chun anailís a dhéanamh ar na riachtanais i leith comhfhorbairt áite, ar anailís í inar ndíríodh ar Ó Méith, Cairlinn agus an Grianfort.

### Staidéar ar Chomhfhorbairt i leith Thairseach Dhroichead Átha agus na Bóinne um Chuairteoirí a Mhealladh

Louth County Council are currently working with the Paul Hogarth company who have been engaged by Failte Ireland to carry out a placemaking study of Drogheda.

### Slí na Tána

Cheap Fáilte Éireann cuideachta Paul Hogarth chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhealach reatha an Táin Trail agus deiseanna a mholadh chun é a athshamhlú mar bhealach lena ngabhfadh taithí tharraingteach láidir ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéil na bpobal áitiúla agus na gcuairteoirí. Tá siad ag obair leis na húdaráis áitiúla i réigiún an Táin Trail ar an gcaoi chéanna. Tá dréacht-chóip chríochnaitheach den tuarascáil comhaontaithe a bheidh ar fáil go luath in 2025.

### Bealach Ghleann na Bóinne agus é athshamhlaithe

Cheap Fáilte Éireann cuideachta Paul Hogarth chun athbhreithniú a dhéanamh ar chonair reatha Bhealach Ghleann na Bóinne agus deiseanna a mholadh chun é a athshamhlú ar bhealach lena ngabhfadh taithí tharraingteach láidir ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal na bpobal áitiúil agus na gcuairteoirí. Tá siad ag obair leis na húdaráis áitiúla sa réigiún ar an ábhar céanna. Tá obair á déanamh go leantach ar chineálacha éagsúla comharthaíochta agus suíomhanna.

### Shared Island Development

Fuarthas maoiniú faoi Mhaoiniú Oileáin Chomhroinnte agus ceapadh comhairleoir chun Staidéar Indéantachta a dhéanamh i dtaca le forbairt a dhéanamh ar réigiún mhórchuid Loch Cairlinne agus Leithinis Chuaille agus Ceantar Bheanna Boirche/ Shliabh gCuillinn á n-ionchorprú. Tá an tuarascáil críochnaithe agus cuireadh faoi bhráid Roinn an Taoisigh í.



# Turasóireacht Ghleann na Bóinne

## Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne

Seoladh Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne Dé hAoine, 4ú Dheireadh Fómhair i bPáirc Smaragaide. Moltar roinnt mhaith tionscnamh i ndáil le Contae Lú sa straitéis, lena n-áirítear máistirphlean d' Iarsmalann Ard an Mhuillin agus plean caomhantais do Chaisleán Bhaile Átha Fhirdhia.



Seoladh Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne i bPáirc Smaragaide

## Baill

Ghlac 22 bhaill nua ballraíocht in 2024 lena n-áirítear Óstán Marcy, Coffee Box Dhroichead Átha agus Dumhach Ghailf Rinn na Mara.

## Imeacht Preasa Fhíorúil

I mí Feabhra, rinne Oifigeach Turasóireachta Ghleann na Bóinne cur i láthair d'iriseoirí lena n-áirítear an Daily Mail, Irish Country Magazine, an Novel Traveller, Travel Extra, Travel Photographer, Muster Express agus iriseoir neamhspleách. Ghlac 5 bhall páirt sa chur i láthair a raibh scéalta nua le hinsint acu lena n-áirítear Páirc na Smaragaid, Feirm Newbarn agus an Donkey Shed, Cosáin Ghleann na Bóinne, Féile Ghrinn Dhroichead Átha agus Báid na Bóinne.

## Cuairteoirí ón Lucht Preasa

Thug roinnt iriseoirí cuairteanna ón bPreas Náisiúnta agus ó Phreas na Ríochta Aontaithe (UK) in 2024 agus mar thoradh orthu sin foilsíodh ailt sa Sunday Independent, sa Munster Express, sa Meath Chronicle, san Irish Daily Star, i Travel Extra, san Irish Daily Star, i Foodepedia agus sa Travel Magazine; agus airíodh ar na foilseacháin a bhí ar na bacáin do 2025 an Senior Times, an Irish Examiner, Inews, Sainsburys Magazine agus Travel Weekly.co.uk.

## Ábhar ar Líne

Áirítear in Abhar ar Líne 18 gCúrsaí Taistil i nGleann na Bóinne, 100 spól físeáin in aghaidh bliana, 100 blag in aghaidh bliana, agus ríomhirisí míosúla do thomhaltóirí agus don lucht trádála. Cuireadh fógraí taispeána ar Google ar bhonn leantach le linn 2024 mar aon le feachtais fógraíochta ar Facebook agus Instagram.

## Ardú Céime

Scaipeadh ábhair chur chun cinn de chuid Discover Boyne Valley ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, ar ghnólachtaí a bhfuil ballraíocht acu, ar Oifigí Turasóireachta agus ag Comhdhálacha. Áiríodh ar na taispeántais chur chun cinn ar freastalaíodh orthu in 2024 an World Holiday Show, Balmoral Show agus an Bloom Festival.



# Straitéis Forbartha Bia Lú/na Mí Plean Gníomhaíochta Straitéise um Shábháilteacht Bia agus Údaracht Bia

## Boyne Valley Flavours (BVF)

Chuir Boyne Valley Flavours taispeántas de bhia agus deochanna ceirde faoi bhráid 45 chef as Londan atá ag barr a réime a thug cuairt ar Carlingford Oyster Factory i mí Eanáir 2025.




Seastán Boyne Valley Flavours ag Carlingford Oyster Factory

Bhí an chéad cruinniú de chuid Choiste Stiúrtha Boyne Valley Flavours ar siúl ar an 23ú Eanáir agus bhí Cruinniú Cinn Bliana (AGM) Boyne Valley Flavours ar siúl ar an 27ú Feabhra ag Bellinter House, Contae na Mí.

Reáchtáil Boyne Valley Bites ceardlann an earraigh um béilí áitiúla i mí Feabhra i Nelly's, Droichead Átha. Ba é an cuspóir a bhí leis singnólachtaí Dhroichead Átha a spreagadh chun mias ina mbeadh comhábhair Ghleann na Bóinne a chur ar a gcuid biachlár. Léirigh beirt chef áitiúla Tara Walker agus Conor Halpenny cúig mhias do ghnólachtaí seirbhísí bia sa bhaile mór, ar miasa iad a bheadh comhábhair ó Ghleann na Bóinne iontu, agus mhol siad deochanna a bheadh oiriúnach chun dul leis na miasa sin.



Conor Halpenny agus Tara Walker, Boyne Valley Bites

Ghlac roinnt daoine ó thithe itheacháin Dhroichead Átha sa tionscnamh earraigh de chuid Boyne Valley Bites agus le linn deireadh seachtaine Drogheda Comedy Festival agus deireadh seachtaine Fhéile Naomh Pádraig chuir siad mias speisialta ar fáil a raibh comhábhair áitiúla curtha ann acu.

I mí an Mheithimh bhí ceardlann eile ar siúl i Nelly's, Droichead Átha ag Boyne Valley Bites le haghaidh chefanna áitiúlaagus úinéirí gnólachtaí seirbhísí bia. Ba é an aidhm a bhí leis sin gnólachtaí seirbhísí bia a oiliúint agus a spreagadh chun bia agus deoch áitiúil a chur ar a gclár bia le linn na Féile Oíche Eoin, Droichead Átha.

Cuireadh bróisiúr nuashonraithe 2024 Discover Boyne Valley Flavours i gcló agus scaipeadh ar Oifigí Turasóireachta i gContae Lú agus Contae na Mí é. Dáileadh greamaín fuinneoige ar bhaill uile Boyne Valley Flavours (BVF).

D'fhorbair Boyne Valley Flavours Eolaire Tacaíochtaí Gnó a bheidh ina ionad ilfhreastail le haghaidh maoinithe agus tacaíochtaí do na baill.

Ós rud é, maidir le cuid den tiomantas a tugadh do leanúint de mháistir-ranganna bliantúla um bia áitiúil a chur ar fáil do chefanna ar fud Ghleann na Bóinne, gur díríodh ar ar na táirgí áitiúla a bhíonn ar fáil, cuireadh dhá cheardlann ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2024, ceann amháin ar líne agus ceann eile i Lismullin Cookery School, An Uaimh.

# Contae Lú/Contae na Mí
# An Straitéise um Fhorbairt Bia






Participants at Lismullin Cookery School event

## Straitéis Bia Ghleann na Bóinne

Sheol Údaráis Áitiúla Chontae Lú agus Chontae na Mí agus Fáilte Éireann Straitéis Forbartha Ghleann na Bóinne 2024-2028 ar an 18ú Meitheamh 2024 i gCaisleánBhaile Shláine. Mar gheall ar an straitéis nua tugtar trí cholún le chéile: an líonra bia agus deochanna ceirde de chuid Boyne Valley Flavours, chomh maith le Food in Tourism agus The Boyne Valley Centre of Food Culture. Leagtar amach inti tosaíochtaí an réigiúin don chúig bliana atá romhainn amach, i dteannta fís fhoriomlán i dtaca le haitheantas a fháil do Ghleann na Bóinne maidir leis an gcur chuige comhoibríoch a bhaineann leis i dtaca le bia a fhorbairt mar earnáil inbhuanaithe agus bia agus mar cheann scríbe, ina mbeadh ár dtáirgeoirí i gcroílár ár gcultúr bia.




Seoladh Straitéis Forbartha Bia Ghleann na Bóinne 2024-2028

## Imeachtaí

Bhí lucht Boyne Valley Flacours i láthair ag dámhachtain Bhlas na hÉireann sa Daingean ón 3ú go dtí an 6ú Deireadh Fómhair.

Is é comórtas Bhlas na hÉireann, atá ar an bhfód le 17 mbliana anois, an comórtas is mó le haghaidh táirgí ardchaighdeáin de chuid na hÉireann, ag comóradh rogha gach bia agus togha gach dí in Éirinn. Bhí naoi n-iomaitheoir as Contae Lú ann ag deireadh chéad bhabhta an chomórtais, agus ba bhaill de Boyne Valley Flavours ceathrar díobh. Rinne Oifig Fiontair Áitiúil Chontae Lú urraíocht ar bhuaiteoirí Best in Louth. Rinne an oifig urraíocht freisin ar bhord le haghaidh Boyne Valley Flavours i gceantar ''Eat the Island" an tsráidbhaile Blas, áit inar taispeánadh iomaitheoirí deiridh Boyne Valley Flavours agus inar tairgeadh bord do tháirgeoirí chun a gcuid táirgí a shampláil nó a dhíol air i rith an deireadh seachtaine.

Bronnadh Best in Louth ar Mc Closkey's Bakery, agus bhailigh siad ocht dámhachtain leo. Áiríodh ar bhuaiteoirí

# Straitéis Forbartha Bia Chontae Lú/Chontae na Mí

eile Chontae Lú Carlingford Oyster Company, Mac Namees Tea, Nature's Best, Hilton Foods agus Dundalk Bay Brewing.

Bhí Féile Bia agus Cultúir Samhain ar siúl i gCeanannas ón 7ú go dtí an 10ú Samhain. Bhí puball tiomnaithe de chuid Boyne Valley Flavours ag an bhféileina raibh fiche haon táirgeoirí as Contae Lú agus Contae na Mí araon ag taispeáint. Lú agus Contae i gceannas air. Bhí seastán de chuid Boyne Valley Flavours ann freisin. Bhí an t-aiseolas ó na táirgeoirí an-dearfach. Bhí breis is 5,000 cuairteoir ag an bhféile thar an deireadh seachtaine. Thug 60% de na freastalaithe cuairt uirthi den chéad uair. Áiríodh iad siúd a leanas ar na meán a rinne an fhéile a chumhdach: The Hotel and Restaurant Times, Irish Examiner, LMFM, Farmers Journal, The Meath Chronicle, Drogheda Independent and Sunday Business Post Magazine, agus ar an gcaoi sin tugadh an-chuid poiblíochta don réigiún.

### Ionad Cultúir Bia Ghleann na Bóinne

Bhí an Young Cooks Regional Final do Dhaltaí na hIdirbhliana ar siúl ar an gCéadaoin an 24ú Aibreán. Foirne ó Mheánscoil an Chroí Rónaofa, Droichead Átha agus ó Mheánscoil na Trócaire, an Uaimh a rinne ionadaíocht ar réigiún Ghleann na Bóinne. Thug Ella Ryan, Bainisteoir Forbartha de chuid Boyne Valley Centre of Food Culture cuairt ar an dá scoil agus chuir sí comhairle orthu roimh an bhabhta ceannais. Bhí an lá ag Scoil an Chroí Rónaofa, Droichead Átha a bhain an dara duais.

Seoladh cainéil meáin shóisialta don Centre of Food Culture i mí na Bealtaine 2024 ar LinkedIn, Facebook, Instagram, agus X. Tá suíomh gréasáin beo nua freisin ag www. foodcultureireland.ie. Is féidir imeachtaí agus ceardlanna a chur in áirithint agus is féidir imeachtaí atá ar na bacáin a fhógairtfreisin.




Ella Ryan, Bainisteoir Forbartha, Centre of Food Culture agus Chef Tara Walkerag Aonach Gairmeacha UNISG san Iodáil.

D'fhreastail Bainisteoir Forbartha an Centre of Food Culture ar Aonach Gairmeacha ag an University of Gastronomic Sciences (UNISG) san Iodáil an 23 agus an 24 Bealtaine chun mic léinn a chur faoi agallamh i ndáil le hintéarnachtaí ionchasacha i nGleann na Bóinne. Chuir siadsan isteach ar cheithre dheiseanna socrúcháin: dhá cheann ag an Ionad Cultúir agus Bia agus dhá cheann le gnólachtaí sa líonra. Tar éis an aistir, chuir mac léinn ón Ollscoil socrúchán an-rathúil ag Muchgrange Farm, an Grianfort, ag obair le lucht na feirme ar tháirgeadh an gelato dá gcuid agus ar fhorbairt oideas nua.

Bhí foireann The Centre of Food Culture rannpháirteach le Bord Iascaigh Mhara ag lá oscailte i gCairlinn leis an Aquaculture Remote Classroom (ARC) dá chuid, áit a ndearna Carlingford Oyster Company oisrí a shampláil agus a raibh sé ar chumas rannpháirtithe turas a dhéanamh san ARC agus taisteal trí fheirmeacha Dhobharshaothrú na hÉireann trí réaltacht fhíorúil. Tugtar an ARC timpeall na hÉireann, tugtar cuairteanna ar bhunscoileanna agus roinntear leo an méid ar fad atá i gceist le dobharchultúr. Is é an tAontas Eorpach (EU) a mhaoiníonn an ARC ina iomláine agus mar sin tá sé saor in aisce le haghaidh scoileanna.

Reachtáladh chéad imeacht an 'Centre of Food Culture, Boyne Valley Farm Walks Series' an Satharn 20 Iúil ag Killua Castle Farm áit a raibh fiche ceathair rannpháirtithe i láthair. Léiríodh ar an siúlóid feirme oideachasúil cuid de na tionscadail agus na cleachtais atá ar siúl ag Killua Castle ar bhonn leantach lena n-áirítear feirmeoireacht athghiniúnach agus tionscadal athdhúlraithe agus tugadh an deis do rannpháirtithe ceisteanna a chur agus níos mó a fhoghlaim. Ba de chomhdhéanamh an phobail feirmeoireachta na rannpháirtithe chomh maith leo siúd a bhfuil spéis acu foghlaim faoi sna cleachtais feirmeoireachta sin.

I ndiaidh rath na hócáide seo, tionóladh na himeachtaí breise seo a leanas: 1. Ceiliúradh ar Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta: Ag nascadh le Muileann Martry Dé Máirt an 620 Lúnasa agus

2. Siúlóid Feirme Agrafhoraoiseachta ag Rock Farm, Sláine, Dé Domhnaigh an 1 Meán Fómhair.

Reachtáil an Ionad Cultúir Bia a chéad mháistir-rang maidir le haíocht agus bhí chefanna, bainisteoirí bialanna agus an lucht fáilteachais rannpháirteach san imeacht chun go bhfoghlaimeoidís faoi cháiseanna feirme na hÉireann agus faoin gcaoi chun cáis a áireamh mar chúrsa bia.

# Oifig Oidhreachta

### Tionscadail um Chiste na Séadchomharthaí Pobail

Bhain tábhacht ar leith le scéim a ghlac an Oifig Oidhreachta (CMF) páirt inti i mbliana i dtaca leis na ceithre thionscadail bhliantúla a bhain le Ciste na Séadchomharthaí Pobail ar cuireadh clabhsúr orthu in 2024. Is scéim bhliantúil maoinithe é CMF a chuireann Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta i gcrích agus a riarann na hÚdaráis Áitiúla. Is éard a bhí i gceist le dhá cheann de na tionscadail sin leanúint ar aghaidh le hoibreacha nárbh fhéidir clabhsúr a chur orthu in 2023, mar gheall ar dheachrachtaí  a ghabh le hiarrachtaí chun conradh a dhéanamh le héiceolaithe sciathán leathair. Ba iad an dá thionscadail leantacha 'CMF23' túrtheach Ghlas Piostail atá gar do Cheann Chlochair agus caisleán Taaffe i gCairlinn a chaomhnú. Rinneadh oibrithe maoinithe CMF24 ar Chaisleán Bheileogaigh i mBaile an Chaisleáin, Dún Dealgan (a bhfuarthas maoiniú ina leith roimhe seo trí dheontais chaomhantais ailtireachta). Rinne an Oifig Oidhreachta caomhnú an chuid atá fágtha de Gheata Bhaile Átha Fhirdhia ag Ceapógaigh a coimisiúniú agus rinne sí maoirseacht ar an gcaomhnú, a chosain níos lú ná an méid a bhí luaite sa bhuiséad.

### Oidhreacht Domhanda

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Lú comhairleoiríchun measúnú a dhéanamh ar cibé arbh fhéidir stádas Oidhreachta Domhanda a bhaint amach do Mhainistir Bhuithe, a bhíodh ar liosta sealadach Eagraíocht Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO). Tar éis do na comhairleoirí cinneadh a dhéanamh nach raibh dóchas acu go dtitfeadh sin amach, mhol siad bealaí ionchasacha mar mhalairt ar aitheantas idirnáisiúnta do Mhainistir Bhuithe.  Lean an tOifigeach Oidhreachta de bheith bainteach le saincheisteanna níos leithne i dtaobh Oidhreacht Domhanda, go háirithe maidir le háitreabh Bhrú na Bóinne a bhfuil stádas Oidhreacht Domhanda aige cheana agus d'fhreastail sí ar imeacht oiliúna Oidhreacht Domhanda in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.

### Seachtain na hOidhreachta 2024

Roghnaigh an Chomhairle Oidhreachta Teach Beaulieu i gContae Lú mar ionad sheoladh náisiúnta Sheachtain na hOidhreachta, agus iompraíodh na haíonna ó Bhaile Átha Cliath go Droichead Átha (agus ar ais) ar thraein a raibh inneall gaile á tarraingt. Mara tharla bhí Seachtain na hOidhreachta 2024 ar an tSeachtain Oidhreachta ab fhearr riamh, i gContae Lú agus ar feadh na tíre chomh maith. Bhí imeachtaí an-rathúla ar siúl freisin, chun Irish Walled Towns Day a chomóradh san dá bhaile mhúrtha atá ina mbaill den Irish Walled Towns Network, Cairlinn agus Droicheaad Átha, áit inar cuireadh an Drogheda Walled Towns Collective ar bun in 2024. Rinneadh na himeachtaí sin uile a chomhordú agus fuair cuid díobh maoiniú páirteach ó Chomhairle na hOidhreachta.

### Rannpháirtíocht sheachtrach eile

Rinne Oifigeach Oidhreachta Chontae Lú ionadaíocht ar Líonra na nOifigeach Oidhreachta ag an Meitheal um an Oidhreacht Thógtha Dhúchasach, labhair sé ag an gComhdháil Trasteorann Bhliantúil ar Thurasóireacht agus ghlac sí páirt in imeacht Sheachtain na Bithéagsúlachta.

Ar an leibhéal áitiúil lean an tOifigeach Oidhreachta mar mball den ghrúpa stiúrtha de Louth Urban Food Sanctuary, tionscadal a cheapadh chun athléimneacht agus uathriall a thógáil i gcothú bia áitiúil, ar a n-áirítear barraí 'nua' a fhás rud atá indéanta mar gheall ar an Athrú Aeráide a bheith a g géarú.

### Tacaíocht agus teagmháil laistigh de Chomhairle Chontae Lú

Fuair an Oifig Oidhreachta Comhthoiliú Aire i dtaca le hoibreacha a mholtar do dhá shuíomhde chuid na Comhairle (Reilig Dhairbhre agus Ard an Mhuillin) agus thacaigh sí le forbairt Phlean Ceantair Áitiúil Dhún Dealgan, an Scéim um Thaisteal Gníomhach agus an Scéim Cosanta Tuilte, agus thug sí comhairle maidir le Bainistíocht Forbartha (pleanáil). Cruthaíodh bealach nua siúil trasteorann le maoiniú ón scéim Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS). Cuireann an tOifigeach Oidhreachta comhairle freisin ar an gcoiste a fhormheasann ainmneacha a mholtar i ndáil le forbairtí nua tithíochta.

Rud a bhí neamhghnách ach a raibh fáilte mhór roimpi ab ea an chuairt a thug the Irish Quarternary Association agus an UK Quarterary Research Association ar Chontae Lú. Scríobh an tOifigeach Oidhreachta roinnt focal le haghaidh a dtreoirleabhair tharr barr agus chuidigh sé le turas ar an Wee County a threorú.

# An Oifig Fiontair Áitiúil

## AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (LEO LOUTH)

Is Ionad Ilfhreastail í an Oifig Fiontair Áitiúil d'aon duine atá ag lorg eolais agus tacaíochta maidir le gnó a thosú nó a fhás i gContae Lú. Cuireann LEO LÚ fiontraíocht chun cinn, cothaíonn sí gnólachtaí nuathionscanta, agus forbraíonn sí micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga atá ann cheana féin chun cruthú post a spreagadh, agus soláthraíonn sí réimse leathan tacaíochtaí inrochtana ardchaighdeáin do ghnólachtaí agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Cuireann Fiontraíocht Éireann maoiniú ar fáil do OFÁ Lú agus tá sé san áireamh i mBuiséad 2024.

Cuireann LEO LOUTH comhairle faisnéise agus oiliúint ar ghnólachtaí áitiúla, agus cuireann sí meantóireacht, seimineáir agus tacaíochtaí roghnacha airgeadais ar fáil dóibh. Téann sé i dteagmháil le níos mó ná 2000 gnólachtaí áitiúla gach bliain agus tá punann 217 gcliant ag LEO a dtug sí cúnamh deontais díreach dóibh aisti le blianta beaga anuas. Dá réir sin, mhéadaigh na gnólachtaí sin a leibhéil fostaíochta faoi ollfhigiúr de 136 post agus glan-uimhir de 25 phost le bliain anuas.

## TACAÍOCHTAÍAIRGEADAIS

Le linn 2024, lean OFÁ Lú ar aghaidh ag cur tacaíochtaí airgeadais ar fáil do ghnólachtaí lena n-áirítear Dearbháin Trádála Ar Líne, táirgí Iasachta Microfinance Ireland agus Cúnamh Deontais príomhshrutha do ghnólachtaí déantúsaíochta agus do ghnólachtaí seirbhíse intrádála idirnáisiúnta a d'fhéadfadh easpórtáil a dhéanamh.

- Cuireadh 23 iarratas ar iasacht ar aghaidh chuig Microfinance Ireland.
- Ceadaíodh 20 iarratas ar dheontas: Ceadaíodh Staidéar Féidearthachta (6), Bunú (8), Leathnú Gnó (2) agus Deontais Easpórtála um Chúnamh Teicniúil (4) le luach iomlán ceadaithe de €426,125.50.

## COMHAIRLE Ó SHAINEOLAITHE

### Oiliúint Ghnó

Lean an sceideal oiliúna do 2024 ar aghaidh go fíorúil.

- Bhí LEO Lú ina óstach ar 52 chlár um oiliúint a chur ar ghnólachtaí agus iad a fhorbairt a raibh 1068 nduine rannpháirteach iontu.
- Cuireadh 4 Cheardlann Trádála ar Líne ar fáil do 98 rannpháirtí.
- D'óstáil LEO Lú 9 gclár Start Your Own Business a cuireadh ar fáil do 145 duine a bhí ag iarraidh gnólacht nua a bhunú.

### Meantóireacht do ghnólachtaí

San iomlán, cuireadh 716 tasc meantóra i gcrích i rith na bliana, trína ndearnadh úinéirí gnólachtaí beaga a mheaitseáil le saineolaí gnó ar bhonn duine le duine. Bhí sé seo i gcoinne sprioc bhliantúil de 390.

Bhí sé seo comhdhéanta de:

- 402 Clinic Ginearálta um Chomhairle Ghnó
- 73 Clinic Gnó Airgeadais
- 241 Meantóireacht Duine le Duine

### Tacaíochtaí na hEarnála Bia

Lean OFÁ ar aghaidh ag tacú le gnólachtaí bia faoin gcomhstraitéis bia idir Lú agus an Mhí trína chuid oibre leis an tionscnamh Boyne Valley Flavours.

Reáchtáil Boyne Valley Flavours dhá sheisiún oiliúna ar líne anuraidh: Content Creation for Tiktok and Beyond (bhí trí ghnólachtaí as Contae Lú rannpháirteach ann), agus How To Plan A Month of Social Media Content (bhí 3 ghnólachtaí as Contae Lú rannpháirteach ann).

I mí an Mheithimh seoladh an Boyne Valley Food Development Strategy 20224-2029 ag Caisleán Bhaile Shláine. Tá bonn taca faoin straitéis de bhíthin clár oibre mionsonraithe.

Bhí 104 bhall ag líonra gnó Boyne Valley Flavoursag deireah na bliana. Ina measc siúd bhí 38 ngnólachtaí de chuid Chontae Lú.

**Clár Tosaithe Bia**

Ghlac 4 ghnólachtaí de chuid Chontae Lú páirt sa Regional Food Starter Programme in 2024. Ceapadh an clár sin chun cabhrú leo siúd a bhfuil smaoineamh bia acu, nó dóibh siúd atá ag céim an-luath de ghnólacht bia a thionscnamh. Go hiondúil, laistigh den chéad 24 mhí.

**Acadamh Bia**

Is clár um an ngnó bia a fhorbairt é an Acadamh Bia trína gcuirtear oiliúint ar rannpháirtithe i sábháilteacht bia, taighde margaidh agus brandáil, i margaíocht, airgeadas, agus inbhuanaitheacht agus i bhforbairt gnó. Is é is aidhm do Food Academy bonn dlúth a sholáthar do ghnólachtaí beaga bia ionas gur féidir leo dul ar aghaidh le muinín chuig seilfeanna miondíola.

Cuireadh iarratasóirí rathúla ar Chlár Acadamh Bia Supervalu ar an eolas in 2024 agus glacadh le Muchgrange Farm agus an gelato dá chuid ar an gclár.

## AG TACÚ LE MIONDÍOLTÓIRÍ

### Cuardaigh Feachtas Áitiúil /Siopa Áitiúil

Lean OFÁ ar aghaidh ag cur #ShopLocal #LookforLocal chun cinn i rith 2024, agus sheol siad Feachtas Nollag áitiúil siopa, 'Look For Local - Look For Louth' a chruthaigh clúdach fairsing sna meáin áitiúla, ar an raidió agus ar na meáin shóisialta sna seachtainí roimh an Nollaig. Fuarthas an físeán Nollag OFÁ a raibh an-tóir air anuraidh ina raibh úinéirí gnó agus íomhánna de na mórcheantair siopadóireachta ar glacadh go maith leis arís in 2024.

# An Oifig Fiontair Áitiúil

Mar chuid d'fheachtas Nollag 2024 de chuid LEO chuathas i mbun gnólachtaí nua a fháil chun bheith páirteach in eolaire siopadóireachta ar líne Lú a bhfuil réimse leathan de ghnólachtaí áitiúla liostaithe air anois chomh maith lena gcuid suíomhanna gréasáin ríomhthráchtála. Tá an méid sin ar fáil ag: www. louthcoco.ie/ShopLouth nó ag: www.localenterprise.ie/ Louth/Enterprise-Development/ Shop-Local-Look-for- Louth/

## TACAÍOCHTAÍLE HAGHAIDH TÁIRGIÚLACHTA AGUS IOMAÍOCHAIS

### GLAS don Ghnó

In 2024, ceadaíodh 31 iarratas faoin gClár Glas do Ghnó.

Tugann an tacaíocht seo rochtain do ghnólachtaí ar chomhairleoir comhshaoil chun iniúchadh a chur i gcrích ar a ngnó

chun cabhrú leo beartas 'níos glaise' a fhorbairt a thabharfaidh go leor buntáistí do ghnó, lena n-áirítear:

- Coigilteas méadaithe costais
- Éifeachtúlacht acmhainní feabhsaithe (mar shampla: níos lú fuinnimh, uisce agus ábhair a úsáid)
- Lorg comhshaoil laghdaithe agus astaíochtaí gás ceaptha teasa
- Deiseanna le haghaidh luach níos airde agus breise ar tháirgí agus ar sheirbhísí
- Rochtain mhéadaithe ar chustaiméirí, íomhá chorparáideach fheabhsaithe agus dea-cháil.
- Athléimneacht mhéadaithe i leith thionchair an athraithe aeráide

### LEAN for Business

In 2024 formheasadh 10 n-iarratas faoin gClár Lean For Business.

Tá Lean For Business deartha chun cliaint a spreagadh chun prionsabail ghnó Lean a ghlacadh ina n-eagraíochtaí chun feidhmíocht agus iomaíochas a mhéadú. Tá 'Lean' do gach comhlacht, beag beann ar earnáil - ní do chomhlachtaí déantúsaíochta amháin é.

Uirlisí agus teicnící 'Lean' a chabhraíonn le cuideachtaí ar fud aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iomaíochais laistigh dá ngnólachtaí trí chumas a ndaoine fadhbanna a aithint, oibríochtaí a fheabhsú agus eagraíocht níos nuálaí a chruthú. I mbeagán focal, tá 'Lean' faoi rudaí a dhéanamh níos tapúla, níos fearr agus costais a shábháil. Déanann 'Lean' iarracht dramhaíl a bhaint agus cuideachta a fheabhsú go leanúnach.

Thaifead cuideachtaí a d'éirigh leo páirt a ghlacadh i gcláir ghnó 'LEAN' gnóthachain shuntasacha, lena n-áirítear:

- Méadaíonn táirgiúlacht 20%.
- Méaduithe díolacháin 40%
- Feabhsúcháin ar chloí le seachadadh 43%
- Feabhsúcháin cáilíochta Táirge & Seirbhíse 30%

### Digiteach don Ghnó

In 2024, formheasadh 3 iarratas faoin gClár Digital For Business.

Is tionscnamh é Digital for Business ón Oifig Fiontair Áitiúil atá ceaptha chun buntáiste digiteach a thabhairt do chliaint atá maoinithe ag Oifig Fiontair Áitiúil - ó phróisis a bharrfheabhsú go heispéireas custaiméara digiteach gan uaim a chur ar fáil, is é an aidhm atá leis cabhrú le gnólachtaí plean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun uirlisí agus teicnící digiteacha a ghlacadh ar fud an ghnó.

### Scéim Dearbháin Trádála Ar Líne

In 2024, formheasadh 39 nDearbhán Trádála Ar Líne le luach iomlán de €82,288.24.

Tá Scéim na nDearbhán Trádála ar Líne ceaptha chun cabhrú le gnólachtaí beaga a bhfuil suas le 10 bhfostaí acu trádáil níos mó a dhéanamh ar líne, borradh a chur faoi dhíolacháin agus margaí nua a bhaint amach. Má ghlacann gnólachtaí páirt sa scéim sin, is dealraitheach go ndéanfaí an próiseas trádála ar líne i bhfad níos éasca dóibh. Tháinig deireadh leis an scéim sin an 31 Nollaig 2024.

## CLÁIR FORBARTHA BAINISTÍOCHTA

**Innovate Accelerate Europe:** Bhí LEO Lú comhpháirteach le LEO na Mí agus Newry Mourne and Down District Council ar Chlár Idirnáisiúnta um Ullmhacht Trádála in 2024 inar díríodh ar thacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí beaga bia agus dí. Bhí trí ghnólachtaí as Contae Lú rannpháirteach sa chlár a gcuireadh clabhsúr air le cuairt taighde margaidh ar thaispeántas SIAL i bPáras na Fraince.

**Teastas i mBainistíocht Ceannaireachta agus Gnó d'Earnáil na Luathbhlianta**

Bhí LEO Lú páirteach le LEO Mhuineacháin agus an Chabháin chun an clár bainistíochta forbartha a reáchtáil. Tríd an gclár sin tugadh an deis do na rannpháirtithe eolas, cleachtais agus scileanna ar ardchaighdeáin a fháil ar cheannaireacht eiticiúil, daonlathach agus bainistíocht éifeachtach chun tacú le forbairtí inbhuanaithe ina suíomhanna oibre agus feadh na hearnála luathbhlianta. Chríochnaigh 22 mhac léinn an clár go rathúil i mí an Mheithimh 2024, ba as Contae Lú do sheachtar de na cliaint.

**Thrive:** Tá an Clár seo ceaptha chun tacú le mná táirgí agus seirbhísí nua a thabhairt chuig an margadh in earnálacha na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealltóireachta agus na Matamaitice (ETIM). Tacaíonn sé freisin le mná i mbainistíocht in earnálacha eile, nó leo siúd a fhilleann ar an obair, chun na scileanna agus an taithí atá acu cheana féin a threorú chun dul isteach i bpoist bhainistíochta agus cheannaireachta i dtionscail ETIM. Bhí 11 chliant ag LEO Lú sa chlár sin in 2024.

# An Oifig Fiontair Áitiúil

**Fáilte Éireann/Clár Fiontair Áitiúil Chontae Lú-Chontae na Mí i dtaca le Margaíocht Dhigiteach na Turasóireachta Ceirde**

Clár treoirscéime a bhí sa chlár sin á reáchtáil ag LEO Chontae Lú-Chontae na Mí in éineacht le Fáilte Éireann. Rinneadh sraith de cheardlanna agus seisiúin mheantóireachta a cuireadh faoi bhráid na nDéantóirí Ceaptha Ceirde i gContae Lú agus Contae na Mí chun cuidiú leo Eispéireas Turasóireachta Ceirde indíolta a fhorbairt trína gcuideofaí leo na táirgí a bhí á dtairiscint acu a éagsúlú agus trína gcuirfí feabhas ar an méid i gcoitinne atá ar fáil sa réigiún. Bhí 5 ghnólachtaí arb as Contae Lú dóibh rannpháirteach ann.

**Sárthaispeántas**

Le linn na tréimhse 2023-2024 reáchtáil LEO Chontae Lú agus Chontae na Mí clár treoirscéime d'oiliúint fheabhsaithe chun gnólachtaí a ullmhú don Sárthaispeántas. Forbraíodh an clár sinar bhonn an aiseolais a fuarthas ó Fhiontraíocht Éireann agus ó cheannaitheoirí a bhí ag an taispeántas roimhe sin, is é sin nach mór do na cliaint i gceantar an LEO a bheith ullmhaithe níos fearr. Reachtáladh sraith de cheardlanna ar líne agus meantóireacht duine le duine maidir le raon éagsúilaithe de thopaicí idir roimh agus i ndiaidh an tSárthaispeántais. Bhí an tairiscint oscailte dóibh siúd a bhí sa Halla Sárthaispeántais agus do na cliaint LEO a bhí ag taispeáint i gceantar eile den taispeántas. Bhí 5 rannpháirtithe as Contae Lú ann. Ghlac Coiste LEO um an Sárthaispeántas an Treoirscém sin ar bhonn náisiúnta le haghaidh 2024-2025.

**Blas na hÉireann 4 Deireadh Fómhair 2024**

Is iad gradaim Bhlas na hÉireann na gradaim bia uile-oileáin a thugann aitheantas do na táirgí bia agus dí is fearr in Éirinn, agus do na daoine paiseanta atá taobh thiar díobh. Cuireadh táirgí ó gach contae in Éirinn isteach i gcomórtas 2023 chun gradaim Blas na hÉireann Óir, Airgid nó Cré-umha a bhuachan i mbreis agus 150 catagóir bia agus dí. Tacaíonn LEO leis na gradaim. Ba iad na buateoirí as Contae Lú Hilton Foods, Carlingford Oyster Company Ltd, Nature's Best, Mc Closkey's Bakery, MacNamee's Tea, Dundalk Bay Brewery agus Coole Farm, agus bronnadh an dámhachtáin Best in County ar McCloskey's Bakery. Bhí taispeántas ag Boyne Valley Flavours sa chuid Eat the Island de limistéar na ndámhachtan le haghaidh samhpláil agus taispeáint na dtáirgí ar an ngearrliosta agus iad siúd ar tugadh gradaim ina leith.

## IMEACHTAÍ AGUS CLÁIR

**Tugann Elaine McCormack, An tIonad Barr Feabhais, Fiontraíocht Éireann a thug Cuairt ar LEO Lú – 12 Meitheamh 2024**

An 12 Meitheamh thug Elaine Mc Cormach ón Ionad Bairr Feabhais i bhFiontraíocht Éireann atá freagrach as na hOifigí Fiontair Aitiúil cuairt ar an oifig i gContae Lú agus ar chúpla cliaint de chuid LEO. Elaine, Pamela Kerr, Nimah Dennehy agus Sarah Mallon a thug cuairt ar Bronagh Conlon de chuid Drioglann Lios Dubhóige i dTigh an








# An Oifig Fiontair Áitiúil

Iúir agus a chonaic an limistéar tairgíochta agus an scoil jin. Chuir David Kierans agus an fhoireann ó Zoma arb iad buaiteoirí Dhámháchtán na Fiontraíochta Réigiúnaí Náisiúnta in 2024 fáilte roimh Elaine agus foireann LEO ina n-áitreabh nua i nDún Dealgan áit a bhfuil áiteanna den scoth acu.







## Cuairt Idirphárlaimnteach na Gearmáine-na hÉireann ar Chontae Lú - Dé Chéadaoin 19 Meitheamh

Dé Céadaoin, 19 Meitheamh, bhí sé d'onóir ag LEO Lú fáilte a chur roimh an Grúpa Cairdis Pharlaiminteach na Gearmáine agus na hÉireann i Halla an Bhaile, Dún Dealgan. Bhí fonn ar an toscaireacht ard-ómóis sin impleachtaí an Bhreatimeachta d'ár bpobal a thuiscint agus dhírigh siad go sonrach ar Dhún Dealgan agus ar réigiún na teorann go háirithe.

Ba ghnéithe den chuairt íad cuir i láthair agus idirphlé léirsteanach i ndáil le raon de thopaicí ríthábhachtacha. Agus ionadaíocht á dhéanamh aige ar Chomhlachas Trádála Dhún Dealgan, thug Paddy Malone forléargas cuimsitheach ar na dúshláin agus na deiseanna a tháinig chun cinn i ndiaidh an Bhreatimeachta. Cuireadh béim ina chur i láthair ar éifeacht an Bhreatimeachta ar ghnólachtaí áitiúlaagus ar an bpobal, agus chuir sé taithí stairiúil na dTrioblíodí agus an tsíocháin agus an rathúnas a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin dhiaidh sin a bhúí le Comhaontú Aoine an Chéasta i dtoll a chéile

Ina theannta sin, leag Thomas Mc Evoy, Stiúrthóir Seirbhísí, béim ar an tábhacht a bhaineann le comhar trasteorann. Chuir sé in iúl go láidir na naisc athléimneacha agus bríomhara atá againn i gcónaí lenár gcomharsana i dTuaisceart Éireann.

Bhí baill Ghrúpa Cairdis Pharlaiminteach na Gearmáine agus na hÉireann an-ghníomhach agus buíoch as na léargais mhionsonraithe a cuireadh ar fáil.

Bhí Robert Henneberg (Attaché Cultúrtha agus Ceann Preasa & Telechumarsáide ag Ambasáid na Gearmáine, Baile Átha Cliath), Roisin Sheridan, Cúntóir (Politiúil, Cultúrtha & Preasa), Comhalta den Bundestag - Albrecht Glaser, Stephan Pilsinger, Ariane Fäscher agus Linda Heitmann mar aon le Pamela Kerr agus Niamh Dennehy ó LEO Lú.



# An Oifig Fiontair Áitiúil

## Cuairt an Aire Emer Higgins ar Chontae Lú - Déardaoin 27 Meitheamh

An Déardaoin, 27 Meitheamh, thug an tAire Stáit le haghaidh Gnó, Fostaíochta agus Miondíola, Emer Higgins, a chéad chuairt oifigiúil ar Oifig Fiontraíochta Chontae Lú (LEO). Léiríodh le linn na cuairte an spiorad fiontraíochta dinimiciúil agus an nuálaíocht atá faoi bhláth laistigh den chontae.

Chuir an Cathaoirleach Kevin Callan agus an Leaschathaoirleach John Reilly fáilte mhór roimpi nuair a tháinig sí isteach, chomh maith le Colette Moss, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí le haghaidh Forbairt Eacnamaíoch Straitéis, mar aon leis an gComhairleoir Gnó, Niamh Dennehy. Bhuail an tAire le hoifigigh eile de chuid na Comhairle freisin, le hionadaithe ar an gComhalachas Trádála áitiúil agus le baill le d'fhoireann LEO, a thug léirstean ar an tírdhreach gnó áitiúil.

Le linn na cuairte, bhí an deis ag roinnt mhaith cliantchuideachtaí cliaint de chuid LEO a ngnólachtaí a thaispeáint agus labhairt leis an Aire faoi na tacaíochtaí LEO arbhain siad tairbhe astu agus faoin gcaoi inar chabhraigh na tacaíochtaí sin lena ngnólachtaí.



Ag deireadh a cuairte, mhol an tAire Higgins iarrachtaí LEO agus na buanna fiontraíochta i gContae Lú, agus dúirt sí:

"Tá obair chrua oifig LEO anseo i gContae Lú le feiceáil go soiléir sna gnólachtaí uile ar bhuail mé leo inniu. Tá sé thar a bheith iontach a fháil amach gur chabhraigh straitéis mo roinne agus an Líonra LEO timpeallacht a chruthú inar féidir leis na gnólachtaí sin bisiú."

## Cuairt Ambasadóir na Brasaíle ar Dhún Dealgan

Dé Máirt 17 Meán Fómhair, thug an Comhairleoir chuig Ambasáid na Brasaile, George de Oliveira Marques cuairt ar Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) Chontae Lú, agus thapaigh sé an deis chun neart a chur leis na naisc idir an Bhrasail agusgnólachtaí áitiúla i gContae Lú. Díríodh le linn na cuairte ar chomhpháirtíochtaí trádála féideartha, deiseanna infheistíochta agus tionscnaimh chomhoibríocha a fhiosrú a d'fhéadfadh a bheith chun tairbhe fiontraíocht na Brasaíle agus na hÉireann araon.

## Cuairt ar Dhún Dealgan le Ambasadóir na hEastóine,



(Ó chlé) Hannah McDonnell, Hannah McDonnell Marketing, George Marques, Comhairleoir d'Ambasáid na Brasaile agus Niall Gallagher LEO Chontae Lú

## Kair Kunka

An Déardaoin 19 Meán Fómhair bhí Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan agus LEO Chontae Lú ina n-óstaigh d'Ambasadóir na hEastóine, Kairi Kunka i Halla an Bhaile. Deis a bhí sa chuairt sin chun naisc thrádála a fhiosrú. Bhí na cuairteanna sin an rathúil ar fad ó thaobh cabhrú le cuideachtaí áitiúla naisc a chruthú le cuideachtaí thar lear.



(Ó chlé) Niamh Dennehy, LEO Chontae Lú, Ambasadoír na hEastóine Kairi Kunka agus Hannah McDonnell

# An Oifig Fiontair Áitiúil

## Cuairt ar Dhún Dealgan ó Ambasáid Mhálta - Dé Céadaoin 30 Deireadh Fómhair 2024

Dé Céadaoin an 30ú Deireadh Fómhair bhí Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan agus LEO Chontae Lú mar óstaigh d'Ambasadóir Buttigeg de chuid Mhálta. Bhí an deis ag gnólachtaí áitiúla bualadh leis an Ambasadóir agus deiseanna a phlé i ndáil le margadh Mhálta a fhiosrú.



(Ó chlé) Uachtarán Chomhlachas Trádála Dhún Dealgan Pat McCormick, an tAmbasadóir Buttigeg, Cllr Kevin Callan and Grainne McKeown ó LEO Chontae Lú

## Cuairt Ambasáid na Liotuáine ar Dhún Dealgan - Dé Máirt 26 Samhain 2024

Thug Ambasadóir Jonas Grinevicius agus Renata Rinkauskiene cuairt ar Dhún Dealgan Dé Máirt 26 Samhain agus chuir an Comhairleoir Kevin Callan agus baill ó Oifig LEO fáilte rompu. Bhuail sí le gnólachtaí áitiúla freisin chun naisc thrádála a chruthú. Bhí na cuairteanna sin an rathúil ar fad ó thaobh cabhrú le cuideachtaí áitiúla naisc a chruthú le cuideachtaí thar lear.



(Ó chlé) Niall Gallagher, LEO Chontae Lú, Renata Rinkauskiene, Aire agus Comhairleoirr, Comhairleoir Kevin Callan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú, Haana Laatio McDonnell, Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan, Ambasadóir Liotuáine Jonas Grinevicius, agus Paddy Malone, Comhlachas Tráchtála Chontae Lú.

## Cuairt ó Attaché Ambasáid na Slóivéine Tina Lampelj - Dé Máirt 10 Nollaig 2024.

Thug Attaché na Slóivéine Tina Lampelj cuairt ar Dhún Dealgan Dé Máirt 10 Nollaig agus chuir an Comhairleoir Kevin Callan agus Sarah Mallon ó Oifig LEO fáilte roimpi. Bhuail sí le gnólachtaí áitiúla freisin chun naisc thrádála a chruthú. Bhí na cuairteanna sin an rathúil ar fad ó thaobh cabhrú le cuideachtaí áitiúla naisc a chruthú le cuideachtaí thar lear.



(Ó chlé) Sarah Mallon, Tina Lampelj, Hannah Haana Laatio McDonnell, Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan agus Comhairleoir Kevin Callan.

## Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan

Reáchtáil Oifig Fiontair Áitiúil Chontae Lú imeacht comhpháirteach le hOifig Fiontair Áitiúil Chontae na Mí an Déardaoin 17 Deireadh Fómhair ag an Monasterboice Inn chun Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan a cheiliúradh.

Bhí breis agus 100 duine fiontraíochta baineann ag freastal ar an imeacht, d'éist siad le painéal iontach cainteoirí agus d'fhoghlaim siad óna dtaithí siúd maidir le gnó a thosú agus a fhás.




(Ó chlé) - Nicola Mitchell, LEO na Mí, Elizabeth Oakes, Painéalaí, Niall Gallagher LEO Chontae Lú, Geraldine Johnston Painéalaí, an Comhairleoir Kevin Callan, Príomhchainteoir Caroline O Neill, Emma Duffy, Painéalaí agus Aoife Fegan, LEO na Mí.

# An Oifig Fiontair Áitiúil

## Clár Fiontar na Mac Léinn

Ghlac dalta ó scoileanna dara leibhéal i gContae Lú páirt gClár Fiontraíochta na Mac Léinn don bhliain acadúil 2023-2024. De Máirt 27 Feabhra 2024 roghnaigh painéal breithiúnais trí scoil as Contae Lú chun dul ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chontae Lú sna babhtaí náisiúnta sa Mhuillean gCearr an 9 Bealtaine 2024.

**Buaiteoir Sinsir an Chontae - Colour Mo Cheantair**




**Buaiteoir Idirmheánach an Chontae - MK Key Rings**




**Buaiteoir Sóisear an Chontae – Lego Warriors**




**Buaiteoir Mo Thuras Fiontraíochta Contae**




## Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla 2023 an 4 - 8 Márta 2024.

Bhí Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla ar siúl ón 4-8 Márta i ngach ceann de na 31 Oifig Fiontair Áitiúil agus bhí clár pacáilte ag Contae Lú le [ 8 n-imeacht áitiúla agus roinnt imeachtaí réigiúnacha leis an Mhí, an Cabhán agus Muineachán chomh maith le seimineáir náisiúnta ar líne a bhí ar fáil do chách.

Reáchtáil muid ocht gcinn d'imeachtaí le haghaidh daoine a bhí i láthair go pearsanta, bhí ár bpríomh-gheallsealbhóirí comhoibríoch i gcuid de na himeachtaí amhail Comhlachas Tráchtála Dhroichead Átha, Network Louth agus Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan/an Iúir ar chuireamar an Chomhdháil Trasteorann Eacnamaíochta i gcrích leo ar a d'fhreastail an tAire Neale Richmond, an tAire Airgeadais Conor Murphy agus Ambasadóir na Stát Aontaithe in Éirinn. D'fhreastail dream nac beag ar na himeachtaí agus cumhdaíodh raon éagsúil de thopaicí idir giniúint smaointe, Intleacht Shaorga (AI) le haghaidh gnólachtaí beaga, faisnéis chun dáta faoi thacaíochtaí inbhuainitheachta maidir le hÁrachas Gnó.

Ar an leibhéal réigiúnach d'oibríomar lenár gcomhghleacaithe sa Chabhán agus i Muineachán chun seimineáir ar líne a chur ar fáil maidir le rochtain a fháil ar airgeadais agus an ról atá ag teicneolaíochtaí digiteacha i gcúrsaí gnó. Bhí idirghníomhaíocht an-mhaith ar bun le gnólachtaí ar fud an chontae agus is dócha go spreagfar níos mó daoine chun rochtain a fháil ar ár dtacaíochtaí agus ár scéimeanna.

Deis a bhí sa tseachtain d'úinéirí gnó foghlaim ó shaineolaithe faoi na treochtaí is déanaí agus na príomhcheisteanna atá os comhair fiontar agus cloisteáil faoin gcaoi ar féidir leis an Oifig Fiontair Áitiúil tacaíochtaí a chur ar fáil chun cabhrú leo.

Dé Chéadaoin 6 Márta bhí LEO Lú agus Comhairle Chontae Lú le chéile ar cheann de na príomhurraitheoirí ar an gcomhdháil trasteorann bhliantúil a raibh Geilleagar Inbhuanaithe d'Éirinn Uile á Tógáil mar thopaic lena linn i mbliana. D'fhreastail an-chuid daoine ar an imeacht agus thug Comhairleoir Paula Butterly, Comhairle Chontae Lú, Comhairleoir Valerie Harts, Cathaoirleach Cheantar an Iúir, an Dúin agus Mhúr aitheasc fáilte roimh chách Neale

# An Oifig Fiontair Áitiúil

Redmond T.D., Conor Murphy MLA agus Ambasadóir na Stát Aontaithe in Éirinn.




## Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta 2024 - Leibhéal an Chontae

Ar an 8 Márta, tháinig an lucht gnó le chéile chun buaiteoirí Ghradaim Fiontraíochta Chontae Lú a cheiliúradh. Leis na dámhachtainí sin tugtar aitheantas i gceithre chatagóir do ghnólachtaí thar barr i gContae Lú agus roghnófar ceann amháin i mbliana chun dul ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chontae Lú i dTeach an Ard-Mhéara an 23 Bealtaine 2024.

D'fhógair LEO Lú buaiteoirí Contae na nDámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta le linn Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla. Bronnadh gradaim ar an nGnó Nuathionscanta is Fearr, ar an nGnó Bunaithe is Fearr, agus bronnadh Gradam Nuálaíochta agus Inbhuanaitheachta. Roghnaíodh iomaitheoir ceannais foriomlán an chontae chun ionadaíocht a dhéanamh ar Chontae Lú sa bhabhta ceannias náisiúnta.

## An Gradam don Ghnó Bunaithe is Fearr

**Zoma**




An Comhairleoir Paula Butterly, David Kieran agus Pamela Kerr LEO Lú

## An Gradam don Nuálaíocht is Fearr

**Omuu**




## An Gnó Nuathionscanta is Fearr

**Donal Quinn, ENSO Initiatives**






# An Oifig Fiontair Áitiúil

## An Buaiteoir Foriomlán is Fearr




## Mol Digiteach Dhroichead Átha

Tá Droichead Átha ar tí bheith ina mhol bríomhar don nuálaíocht agus don inbhuanaitheacht, a bhuí leis na pleananna uaillmhianachale haghaidh Mhol Digiteach Dhroichead Átha, a bhfuil Oifig Fiontair Áitiúil de chuid Chomhairle Contae Lú á gcur chun cinn. Is é an aidhm atá i gceist leis an tionscnamh ceannródiach sin an chéad dream eile de nuálaithe teicneolaíochta a chothú.

Is é an clár oiliúna réamh-nuathionscanta agus tacaíochta 'Boyne Innovate' atá ina chroílár de Mhol Digiteach Dhroichead Átha. Tá sé curtha in oiriúint d'fhiontraithe nua agus soláthraítear dóibh leis na scileanna, an t-eolas agus an tacaíocht atá ríthábhachtach chun a gcuid smaointe nuálacha a chlaochlú go gnólachtaí rathúla. Trí mhodheolaíochtaí nuálaíochta a aithnítear ar fud an domhain a ghiaráil, is é foireann dea-oilte treoraithe deimhnithe um fhorbairt ón Ionad um Fhorbairt Réigiúnach ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (Dkit) a éascóidh an clár.




Lavina McGahon, DKIT, Garrett Duffy, DKIT – Fionnuala Rogers, Bainisteoir Mhol Digiteach Dhroichead Átha – Thomas Mc Evoy, Comhairle Contae Lú – Ronan Whitty, The Mill – Aoife Leddy, Fiontraíocht Éireann.

Bainfidh rannpháirtithe leas as curaclam cuimsitheach, deiseanna meantóireachta, agus rochtain dhíreach ar shaineolaithe tionsclaíochta. Leis an gcur chuige sin áirithítear go bhfaigheann siad tuiscint mhaith ar mhiondifríochtaí i bhfiontar a sheoladh agus a scálú, agus cuirtear ar a gcumas dóibh an t-aistear fiontraíochta a nascleanúint. Cuirfear tús le céad chlár na bliana ag Ionad Fiontraíochta an Mhuilinn i mí na Bealtaine.

Iad siúd a bhfuil fonn orthu dul ar an aistear floscach sin ní gá dóibh ach cliceáil amháin a dhéanamh. Téir chuigwww.droghedadigitalhub.ie chun ráiteas spéise a chomhlánú agus bheith rannpháirteach sa scéim sin.

## Imeacht Mearlíonraithe - 25 Meitheamh 2024

Rinne Sarah Mallon ionadaíocht ar LEO Lú ag imeacht líonraithe arna óstáil ag Comhlachas Tráchtála Dhroichead Átha agus arna urrú ag an Oifig Fiontair Áitiúil. Bhí raon de ghnólachtaí ón cheantar rannpháirteach in imeacht líonraithe sa Mill Enterprise Centre agus ba é Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (CEO) nua Chomhlachas Dhroichead Átha Hubert Murphy a chur tús leis an imeacht.




Hubert Murphy, Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Dhroichead Átha agus Sarah Mallon, Bainisteoir Cláir LEO Lú ag freastal ar an imeacht Mearlíonraithe.



# An Oifig Fiontair Áitiúil

### Dámhachtainí Fiontair Mac Léinn - Óstan Mullingar Park - 9 Bealtaine 2024










### Dámhachtainí Network Louth - 7 Meitheamh 2024

Thar ceann na hOifige Fiontair Áitiúil, Contae Lú, d'fhreastail Pamela Kerr, Oifigeach Sinsearach um Fhiontraíocht a Fhorbairt, ar 'Network Louth Awards' Dé hAoine 7 Meitheamh 2024 in Óstán Mhainistir Bhuithe. Ós rud é go raibh LEO Lú ina urraitheoir ar Líonra Mhná Gnó Lú bhí Sarah Mallon, bainisteoir clár in LEO Lú, ina Cathaoirleach ar an bpainéal moltóirí agus bhronn Pamela Kerr gradam ar an oíche.

### Comhdháil Trasteorann Turasóireachta

Bhí áthas ar LEO Lú bheith mar urraitheoir arís ar an gComhdháil Trasteorann Turasóireachta a reáchtáladh i gCairlinn an 17 Aibreán. Ba é téama na bliana seo Growing you Visitors - Learning from the best.

D'éist an lucht féachana le raon leathan de chainteoirí a spreag na gnólachtaí turasóireachta a bhí i láthair chun bheith nuálach agus digiteach agus comhoibriú le lucht na turasóireacht is díol spéise atá cosúil leo féin chun cabhrú leo tarraingteacht a gcuid tairiscintí a mhéadú. Rinne Pamela Kerr agus Sarah Mallon ionadaíocht ar an LEO ag an imeacht sin.








# An Oifig Fiontair Áitiúil

### Imeacht Líonraithe Chomhlachas Tráchtála Dhroichead Átha

Bhí LEO Lú ina hurraitheoir ar sheimineár eolasach líonraithe faisnéise i gcomhoibriú le Comhlachas Tráchtála Dhroichead Átha maidir le 5 Uirlisí AI lena ndéanfar do ghnó a chlaochlú in 2024. Reáchtáladh an seimineár ag Ionad Fiontraíochta an Mhuilinn i nDroichead Átha an 10 Aibreán. Rinne Sarah Mallon ionadaíocht ar oifig LEO ag an imeacht a raibh líon an-mhór de lucht freastail i láthair ann.












### Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta 2024

Ar an 23 Bealtaine 2024, reáchtáladh babhta ceannais náisiúnta na nDámhachtainí Áitiúla i dTeach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath. Rinne David Kieran de chuid ZOMA ionadaíocht thar ceann Chontae Lú agus d'fhreastail an Cathaoirleach, Sarah Mallon, Niamh Dennehy, Comhairleoir Gnó, oifig LEO Lú agus an tUasal Thomas McEvoy, Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch Straitéiseach ar an imeacht.

# An Oifig Fiontair Áitiúil

## Sárthaispeántas 2024

Thug Oifig Fiontair Lú tacaíocht do thrí chliaint trí fhreastal ar Showcase Ireland 2024 a reáchtáladh san RDS i mí Eanáir. Is é sin an t-aonach trádála is mó in Éirinn don tionscal ceirde agus bronntanas.

Ní hamháin go bhfuil Showcase 2024 ina thaispeántas táirgí amháin ach is é an áit ina fhaightear an chruthaitheacht, an inbhuanaitheacht, ábhair áille agus déantóirí do-chreidte le chéile ar mhaithe le cur i gcuimhne do cheannaitheoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta an chaoi inar féidir le daoine áitiúla a bhfuil buanna iontacha acu iad a léiriú go domhanda agus de phleist. Tiocfaidh cuairteoirí ar tháirgí Éireannacha lámhcheirde atá uathúil agus a bhfuil a scéal féin ag gach ceann díobh. Bíodh seodra fíorálainn nó teicstílí saincheaptha agus i bhfad níos mó i gceist, is é Showcase 2024 buaicphointe na bliana in earnáil ceirde na hÉireann agus bhí áthas an domhain orainn an deis a thairiscint do thriúr déantóirí áitiúla chun bheith rannpháirteach ann.




(Ó chlé) Caoilfionn Murphy O'Hanlon as Cushla of Gullion, Fiona Lynch ó Pet Cards ag Almond R Designs, Sarah Mallon LEO Chontae Lú agus Caroline Duffy, Caroline Duffy Designs.



(Ó chlé) Caoilfionn Murphy O'Hanlon as Cushla of Gullion, Caroline Duffy, Caroline Duffy Designs agus Fiona Lynch ó Pet Cards ag Almond R Designs

## Ceardlann Ghnóthachtála do Dhaltaí Sóisearacha 2024

Reáchtáil Comhairle Contae Lú ceardlann i Halla an Chontae, in éineacht le LEO, le haghaidh daltaí rang a sé as Scoil Náisiúnta na gCailíní, Baile an Chaisleáin, Dé Máirt 28 Bealtaine 2024. Ba é fócas na ceardlainne ná Fuinneamh Inbhuanaithe. Iarradh ar na cailíní féile nó imeacht inbhuanaithe a cheapadh, treoirphlean a cheapadh agus fréamhshamhail a chruthú le haghaidh tuirbín gaoithe. Tugadh an deis do na daltaí ansin a gcuid smaointí a chur faoi bhráid fhoireann Chomhairle Contae Lú agus faoi bhráid na foirne CE agus bainistíochta freisin.







# An Oifig Fiontair Áitiúil

## Imeacht 2024 le haghaidh Aitheantas a thabhairt do Ghnóthachtáil Shóisearach

Ar an 5 Meán Fómhair 2024, i gcomhar le Junior Achievement Ireland, d'eagraigh an Oifig Fiontair Áitiúil an tImeacht Bliantúil um Aitheantas do Ghnóthachtáil Shóisearach 2024/25 i Seomra an Chuaille i Halla an Chontae chun aitheantas a thabhairt d'fhoireann




(Ó chlé) Linda Kelliher, LEO Lú, Niamh Dennehy, LEO Lú, Fiona Lennon, Oifigeach Climate Action, Príomh-Fheidhmeannach Joan Martin, Brian Martin, Oibrí Deonach, Theresa Clarke, LEO Lú, Alan Wall, Oibrí Deonach, Sharon Keaveney, Oibrí Deonach agus Tracy Fitzpatrick, Oifigeach Climate Action




Chomhairle Contae Lú a d'oibrigh go deonach le linn na bliana acadúla seo caite.

Tá oibrithe deonacha ó Chomhairle Contae Lú agus Junior Achievement Ireland (JAI) tagtha le chéile arís chun breis agus 200 dalta a spreagadh i scoileanna ar fud an réigiúin chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, trí shraith clár idirghníomhach. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht daltaí a chumasú chun a dtodhchaí féin a mhúnlú trí eiseamláir dhearfach ó shaol na hoibre.

Sa bhliain acadúil seo caite tá an clár curtha i bhfeidhm ag oibrithe deonacha ón Údarás Aitiúil i dtrí scoil náisiúnta, mar atá: Scoil Náisiúnta Droichead an Chnoic, Bunscoil Réalt na Mara, Dún Dealgan agus Scoil Náisiúnta Ardacaidh. Ar an leibhéal sin, múintear leanaí sna ceardlanna foghlama praiticiúla sin an chaoi inar féidir leo tionchar a imirt ar an domhan mórthimpeall orthu mar dhaoine aonair, mar oibrithe agus mar thomhaltóirí.

Leanann an clár ar aghaidh go dtí an mheánscoil, ag ullmhú daltaí dá ngairmeacha beatha amach anseo trí fhiontraíocht, infhostaitheacht, eacnamaíocht, litearthacht airgeadais, agus cláir ETIM. Thug baill foirne Chomhairle Contae Lú cuairt ar thrí mheánscoil: Coláiste Rís, Dún Dealgan, Coláiste O'Fiach, Dún Dealgan agus Meánscoil Naomh Iósaf, Droichead Átha.

## Gradaim Ghnó Lú 2024

D'óstáil Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan a ngradaim ghnó bhliantúla ar an19 Deireadh Fómhair 2024 in óstán Carrickdale. Rinne Gráinne Mc Keown agus Theresa Clarke




(Ó chlé) Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Dhún Dealgan Patrick McCormick, Maureen Hoey, Mojo & Co., Gráinne McKeown, LEO agus Thomas McDonagh, Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan.

ionadaíocht ar shon LEO Lú. Bhronn Niamh Dennehy an gradam "An Damhachtain le haghaidh an Gnólacht Nua-Thionscanta Is Fearr", urraithe ag LEO Lú, ar Maureen Hoey, Mopjo & Co.

## Gradaim Chomhlachas Tráchtála Dhroichead Átha & an Cheantair Máguaird 2022-2025 an 25ú Samhain 2024

Rinne Comhlachas Tráchtála Dhroichead Átha agus an Cheantair Máguaird a ngradaim ghnó bhliantúil a óstáil ag an Óstán CityNorth an 25 Samhain 2024. Rinne Niall Gallagher ionadaíocht ar LEO Lú agus thug sé urraíocht ar an dámhachtain "An Gnólacht Nua is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn' a bhuaigh an Starlight Academy.

# An Oifig Fiontair Áitiúil

## CUAIRTEOIRÍ AR CHONTAE LÚ

### Cuairt Ambasadóir na Portaingéile ar Chontae Lú - 24 Eanáir 2024

Bhí áthas ar LEO Louth fáilte a chur roimh Ambasadóir na Portaingéile, Bernard Lucena, mar aon le Luis Carmo Reis, Stiúrthóir na hÉireann, Comhairleoir Eacnamaíoch agus Tráchtála, a thug cuairt ar Dhún Dealgan Dé Céadaoin an 24 Eanáir chun plé a dhéanamh ar an gcumas gnó a dhéanamh le gnólachtaí áitiúla sa chontae agus an deis chun cumas turasóireachta an réigiúin a chur chun cinn.




(Ó chlé) Luis Carmo Reis, Uachtarán Chomhlachas Tráchtála Dhún Dealgan Una Mc Goey, Ambasadóir Bernardo Lucena, Paddy Malone, PRO an Chomhlachais agus Pamela Kerr LEO Lú



# An tSeirbhís Dóiteáin

Le linn 2024, d'fhreastail Seirbhís Dóiteán Chontae Lú ar 1,253 eachtra, líon atá níos ísle ná líon na 1,200 eachtra in 2023. Bhí an treocht cúig bliana d'eachtraí beagán níos lú, mar a léirítear sa ghraif thíos.




Taispeántar an méid seo a leanas freisin i staidreamh 2024:

- Bhí Briogáid Dóiteáin Dhroichead Átha i gcónaí ar an mbriogáid ba ghnóthaí i gContae Lú in 2024, d'fhreastail sí ar 660 glao san iomlán ina ceantar féin agus i gContae na Mí.
- Ba í Briogáid Bhaile Átha Fhirdhia an bhriogáid chontae ba ghnóthaí agus d'fhreastail sí ar 95 theagmhas éigeandála ina ceantar féin le linn 2024 (agus d'fhreastail sí ar theagmhais bhreise i gceantair stáisiún eile).
- Líon art leantach de ghlaonna i gContae na Mí. 175 theagmhais in 2024
- Laghdú mór ar dhóiteáin tí i gcomparáid leo siúd a tharla in 2023, ó 96 go 70, b'fhéidir gur tharla sin mar gheall ar thionscnaimh um shábháilteacht dóiteáin.



An Cúrsa le haghaidh Caiteoirí BA in Ionad Oiliúna Dhún Dealgan

- Méadú mór go 110 ar ghlaonna ar chúnamh othar-chairr in 2024, is é sin méadú de 87 ar líon ghlaonna 2023.
- Níobh ann ach do 6 thine aitinn in 2024, i gcomparáid le 77 dtine aitinn i mbuaic-bhliain 2020.

Bhí bliain ghnóthach ag Ionad Oiliúna Réigiúnach Dhún Dealgan in 2024. Reáchtáladh cúrsaí le haghaidh baill Sheirbhís Tine Chontae Lú, lena n-áirítear iad siúd a leanas:

- Cúrsa le haghaidh Earcaigh
- Cúrsa le haghaidh Caiteoirí BA
- Cúrsa Mhodúl a hAon d'Oifigigh
- Cúrsa ar Ábhair Ghuaiseacha
- Cúrsa ar Oibritheoirí Caidéil
- Cúrsa do Chéad Fhreagróirí Éigeandála
- An cúrsa ar Thiomáint Éigeandála um Caighdeáin Tiomána na Seirbhísí Éigeandála (ESDS)



An cúrsa ar Iompar Dóiteáin Urannaigh ag Ionad Oiliúna Bhaile Aicéid

Cheannaigh an tSeirbhís Dóiteáin dhá fheithicil Peugeot Expert nua um thacaíocht stáisiúin, chun iompar a chur ar fáil do chriúnna dóiteáin agus fearas le haghaidh oiliúna agus oibríochtaí ó lá go lá chomh maith le tacaíocht ag teagmhais éigeandála.

Is féidir leo suas le sé pearsanra oibríochtúla a iompar chomh maith le fearas ríthábhachtach um chomhrac dóiteáin agus tarrtháil. Is feithiclí astaíochtaí ísle atá á gcumhachtú ag plandola hiodráite (HVO) iad, rud atá i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid na Comhairle.

Fuair an tSeirbhís Dóiteáin formheas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) le haghaidh uasghrádú Ionad Oiliúna Réigiúnach Dhún Dealgan.

# An tSeirbhís Dóiteáin



An Príomh Oifigeach Dóiteáin (CFO) Eamon Woulfe, Cathaoirleach Kevin Callan, Oifigeach Stáisiúin (SO) Mark McElearney agus Príomh-Oifigeach Cúnta Sinsearach Dóiteáin (SACFO) Robert Page leis na Feithiclí nua Tacaíochta ag Stáisiún Dóiteáin Dhroichead Átha

Cuireadh Foireann i bhfeidhm i dtaca le Dearadh, agus rinneadh dul chun cinn maidir leis na gnéithe seo a leanas:

- Síneadh dhá stór a chur leis an bhfoirgneamh oiliúna atá ann cheana
- Síneadh a chur leis an bhfoirgneamh um oiliúint i dtrealamh anála agus um athrú go dtí dóchán gásadhainte
- Túr oiliúna nua
- Athdhromchlú an chlóis

Tá an ceapadh curtha i gcrích, agus cuirfear tuarascáil Chéim a hAon faoi bhráid an DHLGH in éineacht le hiarratas ar fhormheas chun dul ar aghaidh chuig chéim an cheaptha mhionsonraithe agus pleanála. Táthar ag súil leis go ndéanfar an fhoirgníocht le linn 2026.

Le linn 2024 chuir Comhairle Chontae Lú iarratas ar thairiscint amach le haghaidh creat ceithre bliana i ndáil le trealamh dóiteáin a sholáthar do Sheirbhís Dóiteáin Chontae Lú. Fuarthas trí thairiscint, agus chuir an tSeirbhís Dóiteáin clabhsúr ar an gconradh leis an bhforthairgeoir rathúil maidir le 140 foireann de threalamh dóiteáin a sholáthar. Soláthraíonn an chuideachta chéanna cúram agus cothabháil do threalamh dóiteáin Sheirbhís Dóiteáin Chontae Lú freisin.

Cuireadh raon de bhearta i bhfeidhm chun pearsanra na seirbhíse dóiteáin a chosaint ar aon bhaol dá sláinte a d'fhéadfadh a bheith i gceist le linn teagmhas éigeandála. Ina measc siúd tá na nithe seo a leanas:

- Cosaint níos fearr le haghaidh cúrsaí riospráide
- Trealamh dóiteáin atá éillithe tar éis an teagmhais a thógáil amach agus a iompar ar ais sa taisceadán ar thaobh na feiste.
- 'Coincheap an chábáin ghlain', le córais scagacháin chábáin suiteáilte
- Dí-éilliú foirne BA, clogad agus miotóg i meaisín níocháin nua le haghaidh dí-éilliúchái

Tá dhá innill dóiteáin ordaithe ag Seirbhís Dóiteáin Chontae Lú ó Emergency One in Albain faoi chlár caipitil DHLGH. Comhaontaíodh leagan amach na dtaisceadán, agus déanfar na feistis nua sin a sheachadadh le linn 2025.

Tháinig méadú mór ar mhéid na n-iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteáin a phróiseáladh in 2024, is é sin suas go 233 iarratas, is é sin suas ó 152 iarratas in 2023.

Mar an gcéanna tháinig méadú mór ar mhéid na iarratas ar Rochtain do Dhaoine Míchumasaithe a phróiseáil an Rannóg um Rialú Foirgneamh, is é sin ó 103 in 2023 go 139 in 2024.

## Cosaint Shibhialta

Ba ann do 48 nDualgais Phobail le linn 2024, ar sholáthair lucht na Cosanta Siabhialta cumhdach míocaoine. Ina measc seo bhí Poc Fada Uile-Éireann, Cluiche Ceannais Shraith Europa agus Taispeántas Talmhaíochta Dhún Dealgan.




Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta Chontae Lú ar Dualgas le linn 2024



D'fhreagair Cosaint Shibhialta Chontae Lú do 71 éigeandáil míochaine faoin gComhaontú Glaoch Amach Chéad Fhreagróir sa Phobal (glaonna 999).

Freastalaíodh ar dhá thóraíocht duine ar iarraidh ar thug an Garda Síochána fógra fúthu. Bhain oibrithe deonacha feidhm as dróin agus as madra cuardaigh de chuid lucht Chosaint Shibhialta Chontae na Mí.

# An tSeirbhís Dóiteáin

Bhí an-chuid imeachtaí oiliúna ar siúl go háitiúil agus sholáthair teagascóirí de chuid lucht Chosaint Sibhialta Chontae Lú uasoiliúint le haghaidh Teicneoirí Éigeandála Leighis agus cúnamh le scrúduithe d'oibrithe deonacha i gcontaetha eile.

Cuireadh na cúrsaí oiliúna seo a leanas ar fáil:

- 3 Ard-Chúrsa le haghaidh Chéad Fhreagróirí Cairdiacha
- 6 Chúrsa le haghaidh Chéad-Fhreagróirí Cairdiacha Pobail
- 4 Chúrsa ar Láimhsiú Sábháilte agus 1 chúrsa ar Láimhsiú Daoine
- 1 Chúrsa ar Fhreagróirí Céadchabhrach d'Éigeandáil
- 1 Chúrsa d'Fhreagróirí Céadchabhrach
- 1 Chúrsa do Fhreagróirí Céadchabhrach Bánuisce
- 56 imeachtaí oiliúna neamh-dheimhnithe (oiliúint sheachtainiúil)

Le linn na bliana seachadhadh feithicil fóntais nua Polaris Ranger do Cosaint Shibhialta Chontae Lú chomh maith le drón DJI M3OT a bhfeobhsófar inniúlachtaí go mór leo siúd araon.

Chuir Cosaint Shibhialta Chontae Lú fáilte roimh 19 earcaí nua in 2024 agus eisíodh éide nua stíle freisin.

I Mí an Mhárta 2024 bhronn An Tánaiste Mícheál Martin boinn ar bheirt oibrithe deonacha de chuid Lucht Chosaint Shibhialta Chontae Lú James Neary agus Michael Kenny in onóir don 60 bliain seirbhíse a tugadh do Chosaint Shibhialta.








# 5



# ComhfhorbairtÁite agus Forbairt Fhisiciúil

**Lean an Roinn Teicneolaíochta Fáisnéise agus Chumarsáide (ICT) ar aghaidh de thacú le gach córas Teicneolaíochta Faisnéise (IT) lenar n-éascaíodh próisis ghnó le linn 2024.**



# Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil

## Cur Síos ar Stiúrthóireacht

Bainistíonn an Stiúrthóireacht um Chomhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil go leor de na seirbhísí is feiceálaí a chuireann an Chomhairle ar fáil thar thrí chroífhoireann, eadhon Bóithre & Seirbhísí Áitiúla, Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil.

Soláthraíonn Seirbhísí Bóithre & Áitiúla an Clár Oibreacha Bóthair bliantúil, lena ndírítear go príomha ar chothabháil agus ar fheabhsú an ghréasáin bóithre réigiúnacha agus áitiúla sa Chontae, ach áirítear leis freisin tionscadail athshlánaithe droichead, oibreacha draenála agus bearta maolaithe tráchta. Déantar glanadh sráide, cothabháil ár bpáirceanna poiblí agus ár gclós súgartha, cuanta agus céanna a bhfuil gradaim buaite acu agus cothabháil roinnt reiligí ar fud an chontae a sheachadadh freisin trínár bhfoireann Bóithre & Seirbhísí Áitiúla, agus cuirtear ról lárnach oibriúcháin ar fáil tríd an bhfoireann seo mar phríomhról oibriúcháin i bhfreagairt fhoriomlán Chomhairle Contae Lú ar imeachtaí drochaimsire.

Tá ár bhfoireann Comhfhorbairt Áite ag forbairt tionscadal chun ár lár bailte agus sráidbhailte a athghiniúint agus chun aghaidh a thabhairt ar fholúntas agus dearóiliú. Tá go leor tionscadal á gcur chun cinn trí na Cistí um Athghiniúint Uirbeach agus um Athghiniúint Tuaithe faoi seach, ag céimeanna deartha agus tógála araon, agus tá soláthar breise clós súgartha á chur chun cinn ar fud an Chontae freisin. Chomh maith leis sin, tá cur i bhfeidhm bheartas Tús Áite Lár an Bhaile an rialtais ag an leibhéal áitiúil á sheachadadh tríd an bhfoireann Comhfhorbairt Áite, le bunú agus tacaíocht d'Fhoirne Baile Tús Áite Lár an Bhaile agus forbairt pleananna Tús Áite Lár an Bhaile.

Tá príomhthionscadail bhonneagair á gcur ar fáil ag an bhfoireann forbartha fisiciúla chun forbairt pobal cónaithe nua, forbairt eacnamaíocht an Chontae, agus forbairt Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan a chumasú mar ionaid fáis réigiúnacha. I measc na dtionscadal tá príomhthionscadail bhóithre caipitil, glasbhealaí, Taisteal Gníomhach agus tionscadail Faoisimh Tuilte. Ina theannta sin, tá roinnt tionscadal caipitil trasteorann idir Comhairle Contae Lú agus Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin á gcur chun cinn trínár bhfoireann Forbartha Fisiciúla.

## ACHOIMRE AR CHRUTHÚ ÁITE & FORBAIRT FHISICIÚIL

| | |
|---|---|
| **253** | cheadanna d'Ualaí Neamhghnácha eisithe |
| **30** | Ceadúnas Taisce (Scafall) eisithe |
| **73** | cheadanna scipe eisithe |
| **4** | Cheadúnas d'aonach siamsaíochta eisithe |
| **97** | n-Imeacht ceadúnaithe ag an Rannóg in 2023 |
| **21** | Cheadúnas Rannóg 25 le haghaidh troscán lasmuigh eisithe |

## ROCHTAIN TRÍD AN TRASBHEALACH THUAIDH AR CHEANTAR AN CHALAFOIRT (PANCR)

Tosaíodh le Céim a hAon den PANCR a thógáil in 2023 agusosclaíodh do thrácht é i mí an Mhárta 2024. Cuimsítear leis an gcéad chéim den PANCR dhá km de bhóthar nua atá 9m ar leithead agus cuimsítear cosáin agus lánaí rothaíochta, mar aon le dhá thimpeallán atá suite ar chrosbhealaí Lána na bhFichidí agus Bhóthar Bhaile Mhic Íre. Áirítear sa scéim freisin uasghrádú a dhéanamh ar chodanna de Bhóthar Bhaile Mhic Íre (c.1km) agus Lána na bhFichidí (c.0.6km).

Cuibhreannas forbróirí, PANCR Development Limited agus Contractor Housing Infrastructure Services Company, HISCO, a chuir an scéim i gcrích (ag baint úsáid as Fiontair Chluain Meala). Tá an scéim á maoiniú ar deireadh ag Comhairle Contae Lú trí Scéim Ranníocaíochta Forbartha Dhroichead Átha Thuaidh.

## AN DROICHEAD AR CHAOL UISCE

Fuarthas Ceadúnas Tógála Muirí ón Roinn Comhshaoil, Talmhaíochta agus Gnóthaí Áitiúla i mí an Mhárta 2024 trínar ligeadh dámhachtain an chonartha phríomha i mí Aibreáin 2024 go ceann tréimhse trí bliana go leith.

Seoladh an tréimhse tógála go hoifigiúil an 4 Meitheamh agus bhí an Taoiseach agus an Tánaiste i láthair.

Tosaíodh na hoibreacha ar an Teannta Thuaidh agus ar an Teannta Theas don scéim agus beartaíodh leanadh ar aghaidh leo le linn 2025. Tá píleáil mhuirí agus déantúsaíocht droichid le tosú in 2025 mar aon le hoibreacha leantacha atreisithe coincréide don dá theannta agus oibreacha sealadacha tacaíochtaí.

Le linn 2024, reáchtáladh teagmháil leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara, (úinéirí talún, An Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann, Údarás Chuan An Phointe, Gníomhaireacht na Lochanna, srl), agus tionóladh cruinniú Foghrúpaí Aireachta Thuaidh Theas don tionscadal freisin.

## OIFIGÍ CATHARTHA DHROICHEAD ÁTHA, CÉIM 1

Leanadh den tógáil i ndáil le hathfhorbairt Oifigí Cathartha Dhroichead Átha, Céim a hAon, ar feadh 2024 agus críochnaíodh agus osclaíodh iad don phobal i mí Mheán Fómhair 2024.

Is éard atá sa tionscadal ná díchóimeáil, scartáil agus oibreacha fairsinge caomhnaithe ar dhéanmhais chosanta, oibreacha uasghrádaithe agus foirgneamh nasc nua a thógáil in Oifigí Cathartha Dhroichead Átha.

Beidh san áireamh ansa tionscadal:

- Athchóiriú a dhéanamh ar an bhfoirgneamh atá ann cheana, a bhí ina sheomra comhairle roimhe agus atá i mBloc B, 54 Sráid an Aonaigh. Is struchtúr cosanta dhá stór é.
- Athchóiriú a dhéanamh ar bhfoirgneamh seirbhísí atá ann cheana don phobal i mBloc C, 55 Sráid an Aonaigh. Is struchtú cosanta dhá stór é.

# Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil

- Foirgneamh Amharclann Valhalla a scartáil, brící agus sclátaí a choinneáil lena n-athúsáid ar Bhloic B agus C chun críocha caomhnaithe.
- Foirgneamh Nasc nua (Bloc N) a thógáil, nascfar leis na foirgnimh chosanta ar urlár na talún agus ar an gcéad urlár trí idirurlár.
- Oibreacha fairsinge seachtracha tírdhreacha ar aghaidh agus ar chúl na bhfoirgneamh a mbeidh fostáisiún an Bhoird Soláthair Leictreachais (ESB) san áireamh iontu freisin.

Ceapadh an Building Design Partnership (BDP) mar ailtirí



agus rinne siad bainistíocht ar raon d'ildisciplíní agus bailchríoch á chur acu ar an tionscadal casta sin. Tá na hoibreacha tógála á ndéanamh ag Townlink.

## N53 - CÉIM A CEATHAIR DEN BHÓTHAR Ó DHÚN DEALGAN GO BAILE NA LORGAN: CROIS AN MHAOIR GO DTÍ ROSÁN

Lean an fhoireann um cheapadh le ceapadh mionsonraithein 2024 le tús a chur leis an doiciméadacht tairisceana. Tosaíodh ar chonradh oibreacha luathaithe um ghlanadh suímh i mí Eanáir 2024 agus cuireadh bailchríoch air an 1 Márta. Tosaíodh ar oibreacha fiosraithe seandálaíochta suímh in 2024 mar aon le Tuarascála Ceadaithe Theicniúil a d'fhormheas Bonneagar Iompair Éireann. Leanann an fhoireann deartha ar aghaidh ag plé leis na húinéirí talún, lena ngníomhairí agus le páirtithe leasmhara eile. Eisíodh doiciméid tairisceana le haghaidh fálta a bhaint agus seandálaíochta araon chuig an margadh gar do dheireadh mhí na Nollag 2023 agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis na conarthaí sin go luath in 2024. Eiseofar Fógra Iontrála roimh thús na n-oibreacha seo do na húinéirí talún atá thíos mar gheall orthu.

## SCÉIM COSANTA TUILTE DHROICHEAD ÁTHA AGUS BAILE TRÁIDIRE

Cheap Comhairle Contae Lú, i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí, RPS Consulting Engineers Ltd. don Scéim. Nuair a bheidh an scéim críochnaithe tabharfar cosaint do 249 dtíthe cónaithe agus 205 áitreabh le linn teagmhais tuilte. Faoi láthair tá an tionscadal ag an gcéad chéim de chúig chéim - Céim 1: Scéim Roghnaithe a Shainaithint agus a Fhorbairt.

Leanann an Grúpa Stiúrtha ar aghaidh ag bailiú sonraí lena áirithiú go n-úsáidtear an fhaisnéis is cruinne agus is déanaí chun bonn eolais a chur faoi na hanailísí teicniúla atá á ndéanamh chun cuspóirí an tionscadail a bhaint amach. Rinneadh suirbhéireacht thopagrafach bhreise i mí na Samhna 2023 i gceantar Shráidbhaile Beaulieu.

Tar éis na sonraí suirbhé topagrafacha breise ó cheantar Shráidbhaile Beaulieu a ionchorprú sa tsamhail hiodrálach, tá RPS ag comhlánú chalabrú an líonra abhann múnlaithe laistigh de Dhroichead Átha agus Baile Trá. Áirithítear leis sin gur féidir leis an tsamhail insamhladh a dhéanamh ar theagmhais stairiúla tuile agus soláthraítear léiriú cruinn ar na haibhneacha agus ar na meicníochtaí tuile sa cheantar.

Chuir an grúpa Stiúrtha dréacht-tuarascáil anailíse hiodrálacha le chéile agus rinne siad trácht uirthi in 2023. Soláthraítear sa tuarascáil Anailís Hiodrálacha sonraí maidir leis an gcaoi ar tógadh agus ar calabraíodh an tsamhail lena húsáid sa todhchaí sa tionscadal.

Cuireadh Réamhoibreacha Imscrúdaithe Talún i gcrích den chuid is mó in 2023. Beidh na hoibreacha sin mar bhonn eolais do mheastóireacht agus roghnú le haghaidh na scéime. Tá suirbhé dobharchú curtha i gcrích agus cuireadh tús i mí Dheireadh Fómhair 2023 ar éin a bhíonn ag dul thar lear don gheimhreadh agus leanfar ar aghaidh leo siúd go dtí mí an Mhárta 2024. Leis na fiosrúcháin sin cuirfear sonraí ar fáil chun bonn eolais a chur faoi chéim anailíse agus céim forbartha scéime an tionscadail.

## Scéim Faoisimh Tuilte Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia

Cheap Comhairle Contae Lú, i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí, Binnies agus Nicholas O'Dwyer mar Chomhfhiontar don Scéim. Nuair a bheidh sé críochnaithe, tabharfaidh sé cosaint do 1,887 maoin chónaithe agus 176 maoin neamhchónaithí le linn teagmhais tuile. Tá an tionscadal sa chéad cheann de chúig chéim faoi láthair – Céim I: Scéim tosaíochta a aithint agus a fhorbairt.

Trí 2023, tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le suirbhéanna agus measúnuithe comhshaoil, samhaltú tuile agus rogha don dá Scéim. Ionchorpraíodh eolas a bailíodh ó thuilte agus na tionchair ó Stoirm Ciarán ag deireadh 2023 sa samhaltú hiodrálach, rud a chuir feabhas ar an tuiscint ar na meicníochtaí tuile. Úsáideadh é chun aschur na samhla hiodrálacha a fhíorú tuilleadh.

In 2023, leantar ar aghaidh le samhaltú hiodrálach agus anailís ar thonn-bharrach do Dhún Dealgan agus críochnaíodh an samhaltú bonnlíne d'imeachtaí tuile áirithe. Tá cealla tuile leagtha amach mar gheall ar an tuiscint níos fearr ar mheicníochtaí ceannasacha tuile i ngach réimse den Scéim. Aithníodh forbairtí nua freisin i ndobharcheantar Dhún Dealgan. Meastar go gcuirfear tús leis an rogha do Dhún Dealgan i Ráithe 2 de 2024.

Fuarthas an dara babhta de shuirbhéanna geimhridh agus

# Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil

imirceacha ar éin agus cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2023, tar éis an chéad bhabhta suirbhéanna. Ar an gcaoi chéanna tá suirbhéanna gníomhaíochta sciatháin leathair, seilidí agus mamaigh trastíre do Dhún Dealgan críochnaithe anois.

Tá scóip á cur faoi láthair ag suirbhéanna imscrúdaithe láithreáin do 2024 do Cheantar Staidéir Dhún Dealgan. D'fhonn an tionchar is lú is féidir a bheith ag na hoibreacha seo ar an gcomhshaol agus ar an oidhreacht chultúrtha atá ann cheana féin, tá measúnuithe á n-ullmhú chun na dea-chleachtais a bhunú chun tabhairt faoi na hoibreacha.

Tá an réamhthuarascáil measúnaithe ar láithreáin chomhshaoil agus an tuarascáil geomoirfeolaíochta tugtha chun críche do scéim Bhaile Átha Fhirdhia. Cuireadh dréacht-tuarascáil hiodrálaic agus roghanna agus inmharthanachta scéime isteach do Bhaile Átha Fhirdhia i dtreo dheireadh 2023 agus déanfaidh Comhairle Contae Lú agus Oifig na nOibreacha Poiblí measúnú uirthi, áit a bhfuil sé beartaithe tuarascáil deiridh a fhoilsiú do Bhaile Átha Fhirdhia i Ráithe 2 de 2024.

### Tionscadal Athchóirithe Dhroichead na hOibilisce

Cuireadh tús le hoibreacha athchóirithe suntasacha ar Dhroichead na hOibilisce, a tógadh in 1869, i mí Lúnasa 2023 nuair a ceapadh Jons Civil Engineer chun an obair a chur i gcrích. Is struchtúr liostaithe é Droichead na hOibilisce a bhfuil tábhacht stairiúil ag baint leis agus tá oibreacha cothabhála/ athchóirithe de dhíth air. Is carrbhealach aon líne é an droichead (thart ar 4m ar leithead agus 39m ar fhad), agus tá teorainn meáchain 5 thona air faoi láthair. Tá an córas péinte droichid ag taispeáint comharthaí teipe agus tá ceantar creimeadh ard ag baill iarainn struchtúrtha. Tá baill ghréasáin laitíse ann le caillteanas rannóige 100% agus tá tras-cearchaillí ag léiriú dílannú ag láithreacha sceimheal.

Chun fad a chur le saol deartha an droichid agus chun inseirbhíseacht an déanmhais a chinntiú mar chuid d'Bonneagar an bhóthair áitiúil laistigh de Chontae Lú / na Mí, tá gá leis na hoibreacha athshlánaithe seo a leanas:

In 2023, cuireadh tús le hoibreacha ar an droichead a chlúdach chun a chinntiú nach dtiteann aon ábhar dramhaíola isteach in uiscí Abhainn na Bóinne atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de. Críochnaíodh deireadh a chur le deic an droichid, agus tá greanroiseadh agus fochóta péint de bhaill chruach ar siúl. Tá deireadh á chur le baill chruach atá imithe in olcas thar inseirbhíseacht agus a dheisiú ar an gcaoi chéanna agus a dheisiú ar an gcaoi chéanna agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí 2024. Táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha críochnaithe i mBealtaine 2024 agus go mbeidh dúnadh bóthair i bhfeidhm go dtí an t-am seo.

### Scoil Educate Together Bhaile Átha Fhirdhia

I mí an Mheithimh 2023, shínigh Comhairle Contae Lú, a bhí ag obair faoi chomhaontú leibhéal seirbhíse leis an Roinn Oideachais, conradh suntasach tógála le McDermott and Trearty Construction chun scoil nua Educate Together a thógáil i mBaile Átha Fhirdhia. Cuirfidh an conradh tógála ar fiú €7.6m dhá sheomra ranga déag agus aonaid riachtanais speisialta agus gach cóiríocht riaracháin agus choimhdeach a bhaineann leis, lena n-áirítear cuid de charrbhealach an N52 a thógáil i mBaile Átha Fhirdhia. I measc na n-oibreacha in 2023 tá imréiteach láithreáin, tús fóntais, draenáil, agus an bóthar rochtana. Cuireadh tús leis na hoibreacha ar bhunchlocha an phríomhfhoirgnimh go déanach in 2023. Meastar go dtógfaidh an tógáil 21 mí.

### Glasbhealach Loch Cairlinn

Is éard atá i gceist le tionscadal Glasbhealach Loch Cairlinn ná thart ar 10.1 km de ghlasbhealach trasteorann nua a chruthú, a nascann Cathair an Iúir i dTuaisceart Éireann le sráidbhaile Chairlinn in Éirinn. Nascfaidh an stráice nua leis an ngné de Phort an Dúnáin go dtí an tIúr a críochnaíodh roimhe seo rud a fhágfaidh go mbeidh fad iomlán de 52km de Ghlasbhealach trasteorann feadh chósta Thoir oileán na hÉireann. Is comhthionscadal í an scéim le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus Réigiún na Teorann Thoir, agus tá Comhairle Contae Lú mar phríomhpháirtí. Tá an tionscadal maoinithe go príomha ag Clár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh.

I mí Mheán Fómhair 2023, cuireadh tús le hoibreacha ar an gcuid den ghlasbhealach ón teorainn go dtí Ó Méith agus an chuid ó Mhuiríne Chairlinn go Sráidbhaile Chairlinn. I dTuaisceart Éireann tugadh cead pleanála do ghné den chlárchosán i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tá cuid den ghlasbhealach ag Victoria Lock agus Rough Island curtha i gcrích.

Idtreodheireadh2023,chríochnaighanpríomhchonraitheoir, Tógáil Glas imréiteach láithreáin, leibhéil foirmithe, draenáil, oibreacha lintéir. Cuireadh cuid mhaith fálú i gcrích go suntasach i mí na Nollag 2023. Táthar ag súil go mbeidh an chuid den bhealach glas i gContae Lú críochnaithe i ráite 2 de 2024 agus go mbeidh tógáil an clárcosán i dTuaisceart na hÉireann críochnaithe faoi Lúnasa 2024.

Tá maoiniú ceadaithe ag Bonneagar Iompair Éireann le haghaidh athnuachan sócmhainní ar an mBealach Glas idir Ó Méith agus Muiríne Cairlinn. Sholáthair an conradh oibre 2024 foráil maidir le tógáil na n-oibreacha seo a leanas:

- Athdhromchlúdach ar an mbealach glas atá ann cheana le Dromchla Bithéiminigh de réir DN-GEO-03047-03, Cineál A1. Muileannú an bhóthair atá ann cheana agus forleagan a dhéanamh

# Placemaking and Physical Development

- Deisiúcháin Fál
- Bearta Rialaithe Rochtanna

## RÉIMSE POIBLÍ

### Ceathrú Naomh Nioclás Céim I

Is iad BDP Ltd an Fhoireann Deartha Uirbí do Chéim 1 de Thionscadal Cheathrú Naomh Nioclás. Tá an tionscadal seo, arna mhaoiniú ag An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF) agus comhmaoinithe ag Comhairle Contae Lú, dírithe ar fheabhsú an réimse phoiblí feadh Sráid an Droichid, Sráid Halla an Lín agus Páirc na Síochána.

Fuarthas ceadú an Chuid 8 ar an tionscadal i mí Aibreáin 2018. Tá an tionscadal seo ag tógáil ar thionscadal críochnaithe Shráid Chlann Bhreasail chun cur le heispéireas na ndaoine atá ina gcónaí, ag obair agus ag tabhairt cuairte ar lár bhaile Dhún Dealgan. Is iad Glas Civil Engineering Ltd. na conraitheoirí ceaptha, agus cuireadh tús leis na hoibreacha ar an suíomh i mí Lúnasa 2024 agus beidh sé ar siúl ar feadh 15 mí. Tá na hoibreacha ar an réimse poiblí á seachadadh ar bhonn céimithe chun an tionchar ar na gnóthaí áitiúla agus ar an bpobal a íoslaghdú.




### Ceathrú Naomh Nioclás Céim II

Ceapadh BDP Ltd in 2024 mar an fhoireann chomhairleoireachta, i ndiaidh an phróisis tairisceana do chéim dheartha Chéim 2 de thionscadal Cheathrú Naomh Nioclás. Baineann an tionscadal le hinféidearthacht tosaigh, le hanailís agus le hullmhú coincheapa dearaidh don athfhorbairt ar ceantar Backlands i gCeathrú Naomh Nioclás. Forbrófar an coincheap ceadaithe ina dhiaidh sin go dtí céim phleanála Chuid 8 lena áireamh comhairliúchán poiblí cuimsitheach. Tá scrúdú sláinte baile críochnaithe ar an gceantar agus tá tuarascáil achoimre tosaigh críochnaithe ag an bhfoireann dearaidh chomh maith le páirtí leasmhara agus an pobal.




### Geata Shráid na gCapall, Droichead Átha

Thug an Ciste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach (CFAU) tacaíocht airgeadais do chéim ullmhúcháin pleanála Fís Geata Shráid na gCapall mar chuid de Thionscadal Éireann 2040 agus mar mheaitseáil arna mhaoiniú ag Comhairle Contae Lú. Is tionscadal tosaíochta é Fís Geata Shráid na gCapall do Chomhairle Contae Lú. Cuireadh an t-iarratas pleanála Geata Sráid na gCapall, lena ndearadh na limistéar carachtair Geata Sráid na gCapall, Medieval Wall, Riverfront agus an An tSeanmhanistir, faoi bhráid an Bhoird Phleanála i mí na Nollag 2023 agus tá sé fós ar feitheamh cinnidh.




### Scéim Comhfhorbairt Áite Ó Méith

Maoiníodh Scéim um Chruthú Áite Ó Méith, a chríochnaíodh le linn 2024, tríd an gCiste Forbartha Athghiniúint Tuaithe (CFAT) agus fuair sí maoiniú meaitseála ó Chomhairle Contae Lú. Bhain an tionscadal, ar achar suíomh thart ar 10,000 méadar cearnach, le hoibreacha feabhsúcháin ar an Réimse Poiblí. I measc na n-oibreacha bhí pábháil nua agus bailchríocha dromchla bóthair, soilsiú gné, suíocháin, tírdhreachadh, athruithe a dhéanamh ar draenáil agus Bonneagar fóntais atá ann cheana féin. Chuir an tionscadal feabhas ar inrochtaineacht agus sábháilteacht do choisithe ar fud an tsráidbhaile trí phointí trasnaithe nua agus cosáin a chruthú agus naisc leis an mBealach Glas go dtí Ó Méith

# Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil

a fheabhsú. An tacaíonn an tionscadal le hathghiniúint eacnamaíoch agus shóisialta, ag méadú líon na gcuairteoirí agus ag uasmhéadú an tsráidbhaile.




## Baile Átha Fhirdhia 2040, Baile Átha Fhirdhia

Faoin gCiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe (CFAT) fuarthas maoiniú chun indéantacht agus réamhdhearadh a dhéanamh ar an réimse poiblí agus ar na tailte taitneamhachta agus chun cead pleanála a lorg do na hoibreacha fairsinge seo i mBaile Átha Fhirdhia. Tá plean forbartha ag an tionscadal seo chun an baile a athrú óna ionad déantúsaíochta traidisiúnta go baile poballárnach le ceantair shaincheaptha charachtair a leagann béim ar oidhreacht ar leith an bhaile.

Ceapadh Turley Planning mar chomhairleoirí chun foireann deartha a bhunú chun pleananna spreagúla a fhorbairt chun sráid-dreach agus taitneamhacht Bhaile Átha Fhirdhia a fheabhsú le fócas ar cheithre phríomhshuíomh: An Phríomhshráid: Siúlóid na Fuinseoige: an Sean-Iarnród: agus taitneamhachta soir ón mbaile chun cead pleanála a fháil.

Tá na tograí agus na tuarascálacha dearaidh tosaigh curtha i gcrích agus tá siad ag dul trí fhaomhadh réamhphleanála le TII in 2024.



## Ina chónaí i gCairlinn ag tabhairt cuairte ar Chairlinn

Faoin gCiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe (CFAT) fuarthas maoiniú chun indéantacht agus réamhdhearadh a dhéanamh ar an réimse poiblí agus ar an bhfís do cheantar Chairlinn. Críochnaíodh dearaí do thrí cheantar carachtar: An Geata, Cearnóg an Bhaile: agus an ceantar Áineasa. Tá sé i gceist ag an tionscadal feabhas a chur ar nascacht agus ar bhealaí amhairc do choisithe sa cheantar le spásanna poiblí feabhsaithe ar féidir iad a úsáid le haghaidh imeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla. Críochnaíodh Pleanáil Chuid 8 in 2023 agus cuireadh an tionscadal ar aghaidh go dtí dearadh mionsonraithe in 2024.

## Oibreacha Réimse Poiblí timpeall Gheata Naomh Labhráis, Droichead Átha

Forbraíodh réamhdhearadh don réimse poiblí timpeall Gheata San Labhráis chun spás lasmuigh a chruthú le haghaidh cruinnithe agus léirithe agus chun an geata a fhritháireamh mar shócmhainn oidhreachta. Tá suirbhéanna comhshaoil críochnaithe in 2024 agus tá tús curtha le rannpháirtíocht leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta le haghaidh toiliú an Aire.



# Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil

### Spásanna Súgartha

Críochnaíodh agus osclaíodh clós súgartha nua i dTearmann Feichín sa bhliain 2024. Maoiníodh an tionscadal i bpáirt ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail tríd an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile, le maoiniú meaitseála ó Chomhairle Contae Lú. Tá an clós súgartha cuimsitheach do dhaoine de chumais éagsúla, le trealamh súgartha inrochtana lena n-áirítear carúsal do chathaoireacha rothaí agus trampailín do dhaoine le cumais. Bhí KOMPAN, monaróir trealaimh chlós súgartha tráchtála, i gceannas ar an obair dhearaidh agus suiteála.



## TÚS ÁITE LÁR AN BHAILE

### Plean Tús Áite Lár an Bhaile Dún Léire

Mar chuid den pholasaí Tús Áite Lár an Bhaile (TCF) fuarthas maoiniú chun Plean Tús Áite Lár an Bhaile a chruthú do Bhaile Dún Léire. Bhí comhairliúchán agus rannpháirtíocht forleathan leis an bpobal agus le páirtí leasmhara i nDún Léire i gceist leis an tionscadal. Forbraíodh an plean i gcomhar le Foireann Bhaile Dhún Léire atá comhdhéanta de shaoránaigh áitiúla agus de pháirtithe leasmhara. Ceapadh Building Design Partnership (BDP) chun ceannas agus cur i láthair an phlean Leagtar béim ar roinnt tionscadal agus tionscnamh éagsúil leis an bplean a d'fhéadfadh athrú dearfach a thabhairt do Dhún Léire má chuirtear i bhfeidhm iad. Cuireadh an plean i gcrích agus seoladh é i mí na Bealtaine 2024. Tá Foireann an Bhaile agus an Chomhairle ag bogadh ar aghaidh anois chun cuid de na moltaí sa phlean a chur i bhfeidhm.



### Plean Tús Áite do Lár an Bhaile Ceann Chlochair

Fuair Ceann Chlochair maoiniú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RBTP) chun plean Tús Áite do Lár Bhaile a chur i bhfeidhm. Tá sé seo mar chuid den dara céim de Chlár Tús Áite do Lár an Bhaile. Féachfaidh an plean ar an gcaoi a bhféadfar sócmhainní nádúrtha Cheann Chlochair a uasmhéadú chun leasa an phobail agus na gcuairteoirí. Ceapadh Building Design Partnership mar chuid d'fhoireann dearaidh ildisciplíneach chun tacú leis an bplean. I mbliana, rinneadh rannpháirtíocht le páirtí leasmhara agus bunaíodh Foireann Baile chomh maith le seisiún comhairliúcháin phoiblí a raibh freastal maith air. Rinneadh suirbhéanna trachta, iniúchtaí inrochtaineachta agus suirbhéanna folúntais i measc suirbhéanna eile. Cuireadh an plean i gcrích agus seoladh é in 2025.



### Scrúduithe Sláinte Lár an Bhaile

Faoin gCiste Tacaíochta Fhoirne Tús Áite do Lár an Bhaile urraithe maoiniú Scrúduithe Sláinte Lár an Bhaile a chur i gcrích i gCollann agus i mBaile an Ghearlánaigh. Ceapadh Craftstudio Architecture chun bheith i gceannas ar ullmhú an dá dhoiciméad. Tá obair ar siúl chun léargas ar stádas reatha gach baile a chruthú. Áireofar leis seo suirbhéanna ar úsáid talún, páirceáil, comhaireamh feithiclí, iniúchadh rochtain, measúnú ar línte mianta agus anailís SCOT. Beidh na scrúduithe sláinte críochnaithe faoi Mhárta 2025.

# Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil

## Glao 3 URDF

Urraithe maoiniú trí Ghlao 3 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF). Is é cuspóir an chiste tacú le hathghiniúint limistéar uirbeach, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshláin eacnamaíocha nó laghdú daonra tagtha orthu. Tá sé deartha chun forbairt uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn, Bonneagar uirbeach a fheabhsú, agus beogacht shóisialta agus eacnamaíoch a spreagadh i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann, Fuair Comhairle Contae Lú €7,000,000 i maoiniú faoin scéim URDF. Aithníodh agus formheasadh 128 maoin i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan mar chuid den scéim. Tá rannpháirtíocht leanúnach ar siúl leis na húinéirí ag Oifigeach Athghiniúna Baile (TRO) agus ag an Oifigeach Tithe Folmha (VHO) chun an scéim agus deiseanna maoinithe eile a mhíniú. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht, tá roinnt maoine á ngníomhachtú trí bheith á bpoibliú, á n-áitiú, á gcur ar díol, á ndíol nó trí dul isteach sa phróiseas pleanála.

Tá iarracht dhírithe anois ar siúl chun díriú ar mhaoin tréigthe agus folmha ar féidir leis an údarás áitiúil leas a bhaint as trí iad a cheannach ó úinéirí, cibé acu trí chomhaontú nó trí cheannach éigeantach, d'fhonn iad a thabhairt ar ais in úsáid ar bhealach éifeachtach agus tráthúil.

## Caisleán Bhaile Átha Fhirdhia

Fuair Comhairle Contae Lú maoiniú ón gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe (RRDF) chun tionscadal athchóirithe agus athfheistithe do Chaisleán Bhaile Átha Fhirdhia a chur i gcrích.

Beidh an tionscadal san áireamh

- Oibreacha athchóirithe ar an túrtheach ón 16ú hAois
- Cruthú bealach isteach nua atá go hiomlán inrochtana tríd an bhfoirgneamh fogasach ar a dtugtar dlísheomraí an bhreithimh
- Cruthú síneadh nua ar chúl an tSéadchomhartha Náisiúnta a chuirfidh croí imshruthaithe ingearach lonnaithe go lárnach ar fáil. Cuirfidh sé seo ar chumas rochtain shábháilte a bheith ag gach leibhéal den túrtheach stairiúil.

Tá Toiliú Aireachta agus ceadú Pleanáil Chuid 8 i bhfeidhm anois. Cuireadh an tionscadal amach ar thairiscint ag deireadh na bliana agus táthar ag súil go gceapfar príomhchonraitheoir do na hoibreacha iomlána i Ráithe 1 2025..



## Scéim Athbheochana Oidhreachta Tús Áite do Lár an Bhaile (THRIVE)

In 2024, tháinig Droichead Átha ar cheann de 26 lárionad baile ar fud na tíre a bheidh ag baint tairbhe as an Scéim Athbheochana Oidhreachta Tús Áite do Lár an Bhaile (THRIVE), a ndámhfaightear maoiniú di faoin dá Chlár Réigiúnach de chuid an Chiste Réigiúnaigh Forbartha Eorpaigh (ERDF) in Éirinn.

Is é cuspóir THRIVE deis a thabhairt d'Údaráis Áitiúla agus do shaoránaigh lárionaid bailí a athshamhlaigh agus a athbheochan trí athchóiriú agus athúsáid foirgneamh oidhreachta folmha nó tréigthe atá i seilbh an phobail.

D'éirigh le Comhairle Contae Lú maoiniú a fháil faoi Shreabhán 1 agus cheapadh Shaffrey Architects mar phríomhchomhalta ar fhoireann deartha ildisciplíneach chun cuidiú le forbairt:

- Straitéise uirbí chomhtháite a dhéanann scrúdú ar straitéisí feabhsúcháin laistigh de chroí-oidhreacht Dhroichead Átha

# Comhfhorbairt Áite agus Forbairt Fhisiciúil

- Aithint tionscadal a chuireann chun cinn caomhnú agus athúsáid oiriúnaithe stoc oidhreachta tógtha agus a laghdaíonn folúntas agus tréigean i lárionaid bailí
- Dearadh agus nós imeachta Pleanála Chuid 8 do fhoirgneamh oidhreachta i lár an bhaile

Tar éis comhairliúcháin phoiblí in Oifigí Cathartha Dhroichead Átha i mí na Samhna 2024 agus rannpháirtíocht leanúnach dhírithe le páirtí leasmhara, tá Comhairle Contae Lú ag leanúint orthu ag obair i dtreo iarratas pleanála Chuid 8 agus iarratas ar mhaoiniú caipitil in 2025.

### Beart Forbartha Thionscadail Dhún Léire

Fuarthas maoiniú faoin mBeart Forbartha Tionscadail Tús Áite do Lár an Bhaile i nDún Léire. Roghnaigh an tionscadal eilimint a tógadh ón bPlean Tús Áite do Lár an Bhaile atá críochnaithe agus lorg sé maoiniú chun í a thabhairt ó chéim an deartha choincheaptha go dtí Pleanáil Páirt 8. Cruthófar spás poiblí nua in aice leis an Leabharlann nua-chríochnaithe i nDún Léire mar thoradh ar an tionscadal. Ba ghné shuntasach í cruthú Chearnóg na Leabharlainne a cuireadh chun cinn ó na comhairliúcháin phobail a rinneadh mar chuid de phróiseas Tús Áite do Lár an Bhaile Dhún Léire.



### PÁIRCEANNA

Rinne an Roinn Páirceanna na hoibreacha seo a leanas in 2024.

Coinníodh stádas an Bhrataigh Ghlais do cheithre pháirc i gContae Lú: Páirc Cregacha Dubha, Páirc San Eiléana, Páirc an Doiminicigh agus Páirc Chnoc an Tí Oighir.

Cuireadh 150 crann agus 500 ciseán crochta ar taispeáint inár dhá limistéar uirbeacha Dún Dealgan agus Droichead Átha.

Cuireadh clár i bhfeidhm chun an fhraoch Seapánach a chóireáil agus a rialú — cóireáladh thart ar 2,050m² i réimsí éagsúla ar fud an chontae.

